HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# ROGHNAIGH
# AN TSÁBHÁILTEACHT

Téacs an Mhúinteora








## Daoine Óga ag Obair

Clár oideachais faoi na prionsabail sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre don tsraith shinsearach agus do scoláirí breisoideachais

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Arna foilsiú i Meitheamh 2022 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Cóipcheart 2022 Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith ná ar bhealach ar bith, idir leictreonach, mheicniúil, fhótachóipeáilte, thaifeadta agus eile, gan cead a fháil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta roimh ré.

# ROGHNAIGH
## AN TSÁBHÁILTEACHT



**Daoine Óga** ag Obair

# An Clár Ábhar

Réamhfhocal an Mhúinteora 1

AONAD 1

## Ag tosú ag obair

**Ábhar an Aonaid** **18**

Treoirlínte don mhúinteoir 19
Cearta oibrithe óga 19
Ionduchtú 19
Dlíthe sláinte agus sábháilteachta agus d'ionad oibre 20
Gníomhaíochtaí an aonaid 22
Tuilleadh eolais 25

AONAD 2

## Guaiseacha san ionad oibre

**Ábhar an Aonaid** **26**

Treoirlínte don mhúinteoir 27
Guaiseacha agus measúnú riosca 27
Láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht 27
Sciorrthaí, tuislí agus titimí 28
Sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair 28
Gníomhaíochtaí an aonaid 29
Tuilleadh eolais 39

AONAD 3

## Do phost a dhéanamh

**Ábhar an Aonaid** **40**

Treoirlínte don mhúinteoir 41
Ag obair ar airde 41
Sábháilteacht iompair san ionad oibre 42
Ceimiceáin 42
Feirmeoireacht 43
Fáilteachas 43
Trealamh cosanta pearsanta (PPE) 43
Gníomhaíochtaí an aonaid 45
Tuilleadh eolais 51

AONAD 4

## Róil, tascanna, agus tú féin

**Ábhar an Aonaid** **54**

Treoirlínte don mhúinteoir 55
An t-oifigeach sábháilteachta agus an t-ionadaí sábháilteachta 55
An timpeallacht oibre 55
Sláinte agus folláine san ionad oibre 55
Gníomhaíochtaí an aonaid 57
Tuilleadh eolais 61

AONAD 5

## Sábháilteacht a chur in iúl

**Ábhar an Aonaid** **62**

Treoirlínte don mhúinteoir 63
An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl 63
Tuairiscí ar thimpistí agus teagmhais 63
Ráiteas sábháilteachta 64
Comharthaí sábháilteachta 64
Gníomhaíochtaí an aonaid 66
Tuilleadh eolais 71

AONAD 6

## Machnamh

**Ábhar an Aonaid** **72**

Treoirlínte don mhúinteoir 73
Cás-staidéir 73
Mórthasc 73
Gníomhaíochtaí an aonaid 74
Tuilleadh eolais 81

ROGHNAIGH AN TSÁBHÁILTEACHT

lean muid

hsalearning.ie
Cúrsaí Ar Líne HSA

facebook.com/ChooseSafety

# ROGHNAIGH AN TSÁBHÁILTEACHT

## DAOINE ÓGA AG OBAIR

Clár oideachais faoi na prionsabail sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre don tsraith shinsearach agus do scoláirí breisoideachais

## Téacs an Mhúinteora

# RÉAMHFHOCAL AN MHÚINTEORA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) an comhlacht náisiúnta reachtúil atá freagrach as a chinntiú go ndéantar os cionn 2 mhilliún oibrí (idir fhostaithe agus fhéinfhostaithe), agus iad siúd a dtéann gníomhaíocht oibre i bhfeidhm orthu, a chosaint ar ghortuithe agus ar dhrochshláinte a tharlaíonn mar gheall ar an obair. Feidhmíonn an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus tuairiscíonn an tÚdarás don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Is é an tÚdarás Náisiúnta Inniúil ceannais é le haghaidh rialacháin éagsúla maidir le ceimiceán, ina measc Rialachán REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin) agus Treoir Seveso II.

Is gníomhaireacht thábhachtach é an tÚdarás freisin i gcás faireachas margaidh agus cinntiú sábháilteachta táirgí a úsáidtear in ionaid oibre agus i bhfeidhmeanna tomhaltóra. Tá sainchúram orainn 5.1 milliún saoránach a chosaint ar tháirgí agus earraí contúirteacha, agus gluaiseacht agus trádáil idirnáisiúnta earraí a dhéantar in Éirinn a chumasú.

## AN T-ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Ag ceartlár mhisean an Údaráis tá feasacht a chur chun cinn ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i measc daoine óga, agus iad a spreagadh le meon sábháilteachta a fhorbairt sula sroicheann siad an saol oibre. Tá sé d'aidhm ag an gclár Roghnaigh an tSábháilteacht é sin a dhéanamh, agus nuashonraíodh é bunaithe ar aiseolas ó scoileanna agus scoláirí.

Cabhróidh 'Roghnaigh an tSábháilteacht' leis na scoláirí ullmhú don ionad oibre, bíodh sin i bpost páirtaimseartha, ar thaithí oibre, nó ag tabhairt faoin ionad oibre ar bhonn níos buaine. Beidh feasacht níos fearr acu ar shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, agus ar na bearta a bhíonn i bhfeidhm chun iad a chosaint.

Trí mheon 'sábháilteacht ar dtús' a chothú ar scoil, foghlaimeoidh na scoláirí freisin faoin gcaoi ar féidir leo iad féin agus na daoine thart orthu a chosaint agus iad i mbun a bpoist.

In Éirinn, léiríonn figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) go ngortaítear oibrithe idir 15–24 bliain d'aois i bhfad níos minice ná aoisghrúpaí eile.

Deir an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair go mbíonn daoine óga i mbaol faoi leith san ionad oibre: tá seans 50% ar a laghad go ngortófar oibrithe idir 18–24 bliain d'aois i gcomparáid le hoibrithe níos sine.

Tá sé d'aidhm ag 'Roghnaigh an tSábháilteacht' daoine óga a mhealladh le machnamh a dhéanamh ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i gcomhthéacs a bpost páirtaimseartha nó taithí oibre. Tugann an clár eolas agus treoir a chuirfidh siad i bhfeidhm in aon fhostaíocht eile amach anseo freisin.

## AN ACMHAINN OIDEACHAIS SEO A ÚSÁID

Cuireann 'Roghnaigh an tSábháilteacht' feasacht mhéadaithe chun cinn i measc daoine óga ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.

Ceapadh an clár bunaithe ar shé aonad. Tá dóthain ábhar agus moltaí teagaisc i ngach aonad chun cúig thréimhse ranga ar a laghad a chlúdach. Féadfaidh tú tarraingt as an téacs agus na topaicí agus gníomhaíochtaí sin is fearr a fheilfidh do leibhéal agus d'eolas na scoláirí a roghnú. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh tú raon na gceachtanna a leathnú le do smaointe teagaisc féin agus/nó trí leas a bhaint as na suíomhanna gréasáin nó na hacmhainní eile a luaitear.

Ceapadh 'Roghnaigh an tSábháilteacht' le fiosrúcháin agus díospóireacht a spreagadh. Tá na ceisteanna a tharraingítear anuas in intinn na scoláirí chomh luachmhar leis na freagraí a fhaightear anseo nó aon áit eile.

## CUR SÍOS AR NA HAONAID

Ceapadh an cúrsa chun go bhféadfadh múinteoirí dul díreach chuig na rannóga is ábhartha don rang féin, ach tá gné forbartha ag baint le leagan amach na gceachtanna.

Dírítear in Aonaid 1–4 ar ghníomhaíochtaí oibre agus daoine óga. Pléitear timpistí a chosc san ionad oibre, chomh maith le freagrachtaí éagsúla an fhostaí féin. Fiosraítear téarmaí tábhachtacha ar nós 'Guais', 'Riosca' agus 'Beart Rialaithe', agus scrúdaítear guaiseacha difriúla san ionad oibre. Tugtar aghaidh freisin ar an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine ag an obair. Tá Aonaid 1–4 praiticiúil agus ábhartha, agus dá bhrí sin tá siad níos bunaithe ar eolas agus tuiscint.

Díríonn Aonaid 5 agus 6 níos mó ar chur i bhfeidhm, anailís agus meastóireacht. Éiríonn an leabhar oibre, dá bhrí sin, beagáinín níos dúshlánaí de réir a chéile. Is fiú iarracht a dhéanamh cloí le leagan amach leathan na ngníomhaíochtaí mar atá sa téacs. Má tá brú ama i gceist, ba cheart don mhúinteoir gníomhaíochtaí aonair a fhágáil ar lár, seachas aonaid iomlána.

- Dírítear in **Aonad 1** ar shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre le haghaidh oibrithe óga go ginearálta agus ar fhreagrachtaí difriúla daoine ar leith.
- In **Aonad 2**, cuirtear coincheap na guaise agus an riosca i láthair, chomh maith le próiseas an mheasúnaithe riosca. Dírítear ar na príomhghuaiseacha a théann i bhfeidhm ar oibrithe óga, lena n-áirítear láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair.
- In **Aonad 3,** meastar bearta rialaithe éifeachtacha i gcomhthéacs bainistiú a dhéanamh ar obair ar airde, innealra agus trealamh, feithiclí san ionad oibre, agus ceimiceáin. Tugtar aghaidh freisin ar shláinte agus sábháilteacht in dhá earnáil oibre thábhachtacha: feirmeoireacht agus fáilteachas.
- Tugtar aghaidh in **Aonad 4** ar róil shonracha an oifigigh sábháilteachta agus an ionadaí sábháilteachta, agus spreagtar na scoláirí le machnamh a dhéanamh ar thimpeallachtaí sláintiúla oibre agus sláinte agus folláine phearsanta.
- In **Aonaid 5 agus 6,** tugtar dúshlán an scoláire le machnamh agus plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir prionsabail na sláinte agus na sábháilteachta a chur i bhfeidhm i gcleachtais oibre san fhíorshaol. Spreagann an chuid seo den leabhar plé agus fiosrúchán. Dírítear freisin ar an duine agus ar thimpistí a chosc.
- Críochnaíonn **Aonad 6** 'Roghnaigh an tSábháilteacht' trí scrúdú ar chás-staidéir ón bhfíorshaol. Tugann an t-aonad seo spléachadh eile ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas níos luaithe sa chúrsa. Tá mórthaisc roghnacha i gCuid 2 d'Aonad 6 a d'fhéadfadh na scoláirí a dhéanamh má tá siad ag iarraidh Teastas le Gradam a bhaint amach.

## GRADAIM ROGHNAIGH AN TSÁBHÁILTEACHT

Féadfaidh gach scoláire a n-éiríonn leo an clár Roghnaigh an tSábháilteacht a chríochnú **Teastas Críochnaithe** a fháil mar aitheantas as a dtuiscint mhéadaithe ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair.

Féadfar **Teastas le Gradam** a bhronnadh ar scoláirí ar éirigh leo an mórthasc roghnach a leagtar amach in Aonad 6 a dhéanamh. Déanfaidh an múinteoir an mórthasc a cheartú agus leibhéal bronnta gach scoláire a chinneadh. Tá tuilleadh eolais faoi na Teastais ar fáil faoi 'Measúnú, Teastasú agus Suaitheantais Dhigiteacha a Bhronnadh' ar leathanach 4.

Chomh maith leis sin, is féidir **suaitheantais dhigiteacha** a bhronnadh ar scoláirí a bhíonn rannpháirteach in Roghnaigh an tSábháilteacht agus as Aonaid agus measúnuithe ar leith a chur i gcrích. (Tá tuilleadh eolais faoi na suaitheantais dhigiteacha faoi 'Suaitheantais Dhigiteacha – córas roghnach gradam' ar leathanach 4.)

Tá os cionn 50 cleachtadh agus gníomhaíocht in 'Roghnaigh an tSábháilteacht'. Ní gá tabhairt faoi gach gníomhaíocht i ngach aonad. Bainfidh na scoláirí tairbhe níos mó as cúpla gníomhaíocht as gach aonad a dhéanamh, seachas díriú ar an gcéad leath den leabhar amháin.

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá smaointe sa téacsleabhar don mhúinteoir atá ag cur an clár Roghnaigh an tSábháilteacht i láthair a ranga. Tugtar moltaí faoi gcaoi le ceachtanna a leagan amach le haghaidh gach aonaid.

- Aonad 1 Ionduchtú
- Aonad 2 Sciorrthaí, tuislí agus titimí
- Aonad 3 Sábháilteacht iompair san ionad oibre, Ceimiceáin, Feirmeoireacht agus Fáilteachas
- Aonad 4 Timpeallacht oibre
- Aonad 5 Comharthaí sábháilteachta
- Aonad 6 Tionchar timpistí san ionad oibre ar dhaoine aonair agus ar ghnóthaí

Is treoirlínte iad seo, agus níl siad ceaptha a bheith saintreorach ná srian a chur ort. Beidh a fhios agatsa cén bealach is fearr le gach ceacht a cheapadh chun rannpháirtíocht do ranga a chinntiú. Is iad taithí agus cumas na scoláirí, chomh maith le sceidealú an chláir ar scoil, an treoir is fearr le haghaidh do phleanála chuige sin.

Tá eolas breise le haghaidh an mhúinteora i roinnt aonad. Cabhróidh sé sin leat an cúrsa a chur i láthair. Tá tuilleadh eolais agus rialacháin sláinte agus sábháilteachta a cuireadh i bhfeidhm le deireanaí ar fáil ó na suíomhanna gréasáin ar leathanach 17.

Tugtar iad seo a leanas i ngach aonad:

- **treoirlínte** don mhúinteoir chun tacú le coincheapa an cheachta
- **pleananna ceachta** molta chun thú a stiúradh tríd an aonad. Níl sna pleananna ceachta sin ach moltaí, agus d'fhéadfá cur leo go héasca bunaithe ar d'eolas agus do thaithí féin, agus na modhanna teagaisc is fearr leat.
- **gníomhaíochtaí** chun na scoláirí a chur i mbun machnaimh agus díospóireachta ar na ceisteanna a spreagann an t-aonad. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí dúshlán gach scoláire, beag beann ar a gcumas. Tríd is tríd, éiríonn na tascanna níos casta de réir mar a théitear tríd an gcúrsa
- **fíricí gasta** ina bhfuil eolas ábhartha a chuireann le spéis san fhoghlaim
- **eolas breise** nó tagairtí spéisiúla chun d'eolas ar an topaic a neartú agus d'ullmhacht do na ceachtanna a fheabhsú.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Liostaítear torthaí foghlama gach aonaid sna treoirlínte don mhúinteoir. Tugann siad léargas ar an méid ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh an t-aonad a chur i gcrích.

## BUNACHAR FOCAL

Seans gur mhaith leat coincheap an bhunachair focail a úsáid nó a chur in oiriúint don rang. Níl sé ar an liosta gníomhaíochtaí i dtéacs na scoláirí. Ach is cleachtadh breise úsáideach é chun foclóir na scoláirí i dtopaic na sláinte agus na sábháilteachta a leathnú.

Is gluais téarmaí é an bunachar focal a chuireann an scoláire i dtoll a chéile le himeacht aimsire. Ag áiteanna áirithe i ngach aonad, féadfaidh an scoláire taighde a dhéanamh ar an téarmeolaíocht ábhartha agus liosta a dhéanamh di. Is féidir é sin a dhéanamh i gcóipleabhar nó ar chomhad ríomhaire. Féadfaidh na scoláirí obair a dhéanamh astu féin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Sin nó d'fhéadfaí póstaer bunachair focal a chur ar taispeáint sa rang agus cur leis de réir a chéile.

## CUR I LÁTHAIR GEARR

Tá cuir i láthair ghearra in Aonaid 1–5. Is gníomhaíochtaí iad sin a fheileann níos fearr don obair baile. Éilíonn siad machnamh níos cuimsithí ar na ceisteanna a tharraingítear anuas san aonad. I bhformhór na gcásanna, beidh ar an scoláire roinnt taighde a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh an tionscadal, bíodh sé i scríbhinn nó ó bhéal, sách foirmiúil agus beacht. Chruthódh tionscadal ó bhéal taithí foghlama níos idirghníomhaí don rang ar fad. Féadfaidh na scoláirí a gcur i láthair a ullmhú mar phóstaer, colláis, físeán, dráma, taifeadadh fuaime, blag, srl. Féadfaidh an múinteoir an raon roghanna is fearr a d'fheileadh do chumais agus scileanna na scoláirí a chinneadh.

## TÁSTÁIL GHASTA

Tugann na cleachtaí seo ag deireadh gach aonaid deis meastóireacht thapa a dhéanamh ar an bhfoghlaim a rinneadh san aonad sin. Féadfaidh an múinteoir srianta ama a leagan síos a d'fheilfeadh don rang. Cuireann na srianta ama píosa spraoi leis an meastóireacht.

## RÍOMHFHOGHLAIM

hsalearning.ie
Cúrsaí Ar Líne HSA

Cuireann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta cúrsaí ar líne ar fáil saor in aisce ar https://hsalearning.ie. Cabhróidh an cúrsa 'Get Safe – Work Safe: Health and Safety in the Workplace for Students Starting Work' go háirithe leis na scoláirí réiteach don ionad oibre. Is cúrsa athnuachana úsáideach é an cúrsa 45 nóiméad do na scoláirí freisin.

Tá áis bainisteora grúpa ar fáil má theastaíonn uait an cúrsa a chur i láthair do ranga nó grúpa, agus dul chun cinn na scoláirí a bhainistiú agus a athbhreithniú freisin.

Tá cúrsaí ar fáil freisin le haghaidh topaicí agus earnálacha oibre éagsúla, lena n-áirítear Sábháilteacht Feirme, Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí, Cúram Sláinte, agus neart eile.

Féach ar an suíomh gréasáin a leanas chun smaointe a fháil faoi obair i ngrúpaí, ransú smaointe agus rólghlacadh a úsáid sa seomra ranga.

Téigh go eslflow.com

# MEASÚNÚ, TEASTASÚ AGUS SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA A BHRONNADH

Ní clár oiliúna é 'Roghnaigh an tSábháilteacht', ach clár a chuireann feasacht, fiosrúchán agus machnamh chun cinn. Tá na ceisteanna a chuirtear chomh luachmhar leis an gcroí-inneachar.

Dírítear ar scoláirí na sraithe sinsearaí agus scoláirí breisoideachais ar dóigh go mbeidh siad ar thaithí oibre, nó i mbun obair pháirtaimseartha, lánaimseartha nó seirbhís phobail, go luath. Is é an aidhm fhadtéarmach go gcuirfeadh an cohórt scoláirí seo tús lena saol oibre le tuiscint éigin ar phrionsabail na sláinte agus na sábháilteachta.

Baineann 'Roghnaigh an tSábháilteacht' leas as go leor de na gnéithe den fhoghlaim ghníomhach ar gnéithe riachtanacha iad de na cláir mhalartacha sa tsraith shinsearach, ar nós na hIdirbhliana, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Leagtar béim mhór ar réiteach fadhbanna, obair i ngrúpaí, machnamh agus díospóireacht.

**De réir mar a théann an scoláire tríd an gclár, beidh ar an múinteoir leas a bhaint as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí. Caithfidh an múinteoir a bheith réidh chun plé, rólghlacadh agus díospóireacht a spreagadh gan brú na freagraí cearta a sholáthar. Is é an nósmhaireacht fiosrúcháin a spreagtar sna haonaid deiridh de 'Roghnaigh an tSábháilteacht'.**

Tá stíl agus raon na ngníomhaíochtaí sa chlár ina gcuid lárnach den phróiseas foghlama. Cé go bhfuil tuiscint ar an inneachar sláinte agus sábháilteachta tábhachtach chun an clár a chur i gcrích, is é an bealach a chuirtear an t-inneachar i láthair agus a ghabhtar é atá ag ceartlár na hoideolaíochta. Tá dul isteach i saol oibre na ndaoine fásta le buneolas ar shábháilteacht ina chéim thábhachtach chun timpistí a sheachaint. Tá na scileanna machnaimh, fiosrúcháin agus cumarsáide a fhorbróidh na scoláirí trí 'Roghnaigh an tSábháilteacht' a chur i gcrích chomh luachmhar céanna.

Éilíonn go leor de na gníomhaíochtaí sa téacs freagra measta, éirimiúil ó na scoláirí. Ba cheart go mbeadh roinnt machnaimh ag baint le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus aithnítear é sin le stíl agus téagar na dtascanna a iarrtar ar na scoláirí a dhéanamh. Déantar iarracht, mar sin féin, na gníomhaíochtaí a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir. Braithfidh chomh maith agus a n-éireoidh leo go mór ar scileanna an mhúinteora agus ar an gcur chuige a úsáidtear sa rang.

Leagtar amach an raon gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus sa bhaile ar an tábla ar leathanach 8. Is féidir iad sin a leasú bunaithe ar raon cumais agus ábhar spéise ar leith na scoláirí. Tá os cionn 50 gníomhaíocht ann chun spéis a spreagadh. Is féidir caitheamh leo sin mar roghchlár, de réir mar is cuí don rang féin.

Ní gá gach cleachtadh a dhéanamh. Féadfaidh tú féin a mheas ar thuill an scoláire teastais nó nár thuill. Cé nach mbronntar aon ghradam faoin gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) as Roghnaigh an tSábháilteacht a chur i gcrích, is taifead mar sin féin iad na teastais agus na suaitheantais dhigiteacha ar fhoghlaim an scoláire lena ngabhann torthaí foghlama sonraithe.

**Teastas Críochnaithe:**

I gcás fhormhór na scoláirí, is féidir 'gnáth'-Theastas Críochnaithe a bhronnadh orthu. Bronntar é ar scoláirí a ghlac páirt i raon gníomhaíochtaí i ngach aonad. Ba cheart gach aonad a chríochnú le tuiscint mhaith ar na ceisteanna agus feasacht ghrinn ar shláinte agus sábháilteacht mar ábhar imní do gach duine.

**Teastas le Gradam:**

Tuillfidh scoláirí Teastas le Gradam má léiríonn siad ardtuiscint ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas. Beidh beagnach gach gníomhaíocht curtha i gcrích acu, lena n-áirítear gach 'tionscadal gearr' agus mórthasc amháin ar a laghad in Aonad 6.
Féadfaidh an múinteoir a chinneadh cén gradam a thuill na scoláirí. Eisítear na teastais don scoil/institiúid go digiteach trí do chomhordaitheoir 'Roghnaigh an tSábháilteacht' áitiúil. Má bhíonn aon deacracht agat dul i dteagmháil le do chomhordaitheoir nó rochtain a fháil ar na teastais, seol ríomhphost chuig educationunit@hsa.ie.

# SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA – CÓRAS ROGHNACH GRADAM

Is féidir leas a bhaint as córas bronnta Open Badges an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí agus cur i gcrích gach aonaid de raon clár Roghnaigh an tSábháilteacht HSA. Bronntar 'suaitheantas digiteach' ar scoláirí a chuireann **aon cheann de na sé aonad ar leith** i gcrích agus aon cheann de na ceithre chlár iomlána Roghnaigh an tSábháilteacht atá ar fáil (tá an liosta iomlán ar an leathanach thall). Seans go bhfeilfeadh sé sin do scoláirí agus múinteoirí a dhíríonn ar roinnt aonad in áit an clár iomlán a chur i gcrích. Tá tuilleadh eolais faoi shuaitheantais thíos. Is féidir suaitheantais dhigiteacha a thaispeáint ar shuíomh líonraithe shóisialta, CV ar líne, mála suaitheantas nó ar phróifíl idirlín eile.

| SUAITHEANTAIS AN CHLÁIR | SUAITHEANTAIS AONAID AONAIR |
|---|---|
| • Roghnaigh an tSábháilteacht (an clár iomlán)<br>• Roghnaigh an tSábháilteacht le Gradam (an clár iomlán + Mórthasc (Aonad 6, Cuid 2) An Idirbhliain: (Roghnaigh an tSábháilteacht + Taithí Oibre + Ríomhfhoghlaim). Is é an chomh pháirt Ríomhfhoghlama an cúrsa ar líne 'Get Safe – Work Safe' atá ar fáil ar https://hsalearning.ie<br>• Clár ríomhfhoghlama ar líne: 'Get Safe – Work Safe' ar https://hsalearning.ie<br>• Máistir Roghnaigh an tSábháilteacht (Bronntar suaitheantas digiteach HSA ar an Múinteoir as Roghnaigh an tSábháilteacht a mhúineadh)<br>• Printíseach Roghnaigh an tSábháilteacht (Bronntar ar an scoil é nuair a thosaítear ar an gclár ann)<br>• Taithí Oibre Roghnaigh an tSábháilteacht (bronntar é nuair a chríochnaítear tréimhse taithí oibre rathúil) | Roghnaigh an tSábháilteacht (de réir aonaid)<br>Aonad 1 – Ionduchtú<br>Aonad 2 – Guaiseacha san ionad oibre<br>Aonad 3 – Feasacht ar rioscaí (Do phost a dhéanamh)<br>Aonad 4 – Freagracht (Róil, tascanna, agus tú féin)<br>Aonad 5 – Cumarsáid<br>Aonad 6 – Cás-staidéir (Aonad 6, Cuid 1)<br>Aonad 6 – Mórthasc (Aonad 6, Cuid 2) |

# CÉARD IS SUAITHEANTAS DIGITEACH ANN?

Is siombail é an suaitheantas a léiríonn aidhm a bhaint amach, scil, inniúlacht nó spéis. Tugann suaitheantais éachtaí le fios, cuireann siad in iúl gur éirigh leat rud éigin a bhaint amach, agus leagann siad síos spriocanna. Is féidir leo tacú le foghlaim a tharlaíonn lasmuigh den seomra ranga traidisiúnta freisin.

Is léiriú digiteach ar an éacht iad na suaitheantais. Is íomhá é suaitheantas ina mbíonn meiteashonraí breise ionchódaithe chun fíorú na foghlama a chumasú. Bainistíonn tairseach Open Badges an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é sin.

Nuair a chríochnaítear ceann de na cláir Roghnaigh an tSábháilteacht, is féidir Suaitheantas Digiteach a bhronnadh ar an scoláire mar aitheantas as tuiscint mhéadaithe ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair. Bronnfar iad sin trí shuíomh Suaitheantas Digiteach an Údaráis. Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi le suaitheantais dhigiteacha a bhronnadh ar https://badges.hsalearning.ie

**Céard a dhéanfaidh na scoláirí le suaitheantais dhigiteacha?**

Nuair a chríochnaíonn scoláirí gach aonad de chlár Roghnaigh an tSábháilteacht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, is féidir leo suaitheantas a thuilleamh. Is féidir leo na suaitheantais a bhailiú ina mála ar líne chun iad a úsáid le foghlaim a thaispeáint do mhúinteoirí, tuismitheoirí, fostóirí féideartha agus cairde.

**Cén chaoi a mbronnfaidh mé suaitheantais mar mhúinteoir?**

Tar éis éascú agus mheasúnú an chláir Roghnaigh an tSábháilteacht, is é an t-aon tiomantas breise chun suaitheantais a bhronnadh ná liosta a dhéanamh de na scoláirí a chuir na cláir dhifriúla Roghnaigh an tSábháilteacht i gcrích, agus cúpla céim shimplí a leanúint faoin gceannteideal 'Digital Badges' ar thairiseach ríomhfhoghlama an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, https://hsalearning.ie. Má tá aon cheist eile agat faoi shuaitheantais dhigiteacha a bhronnadh, téigh i dteagmháil le: educationunit@hsa.ie

Cruthóidh an córas ar líne cuntais na scoláirí agus eiseofar na suaitheantais dóibh trí na cuntais sin. Tá tuilleadh eolais faoi Shuaitheantais Dhigiteacha trí chéile ar fáil ar https://openbadges.org/. Tá eolas a bhaineann le Badgr go sonrach ar https://info.badgr.com/

# SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA Ó HSA

Tá íomhánna thíos de na suaitheantais a thairgeann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus taispeánfar naisc chuig a dtorthaí foghlama nuair a chliceáiltear orthu.

| Suaitheantais dhigiteacha Roghnaigh an tSábháilteacht | Teidil na Suaitheantas | Cur síos |
|---|---|---|
|  | Aonad 1 – Ionduchtú | Bronntar an suaitheantas **Ionduchtú** nuair a chríochnaítear Aonad 1, Ag tosú ag obair. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an fhaighteora:<br>• breac-chuntas a thabhairt ar phríomhfhorálacha an Achta um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996<br>• cur síos a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le hoiliúint ionduchtúcháin<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na príomhfhreagrachtaí a bhíonn ar fhostóirí agus fostaithe i dtaobh sláinte agus sábháilteachta ag an obair. |
|  | Aonad 2 – Guaiseacha san Ionad Oibre | Bronntar an suaitheantas **Guaiseacha san Ionad Oibre** nuair a chríochnaítear Aonad 2, Guaiseacha san ionad oibre. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an fhaighteora:<br>• guaiseacha a shainaithint agus a chatagóiriú<br>• sainmhíniú a thabhairt ar mheasúnú riosca<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na guaiseacha a leanas agus a mbearta rialaithe faoi seach: láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair<br>• breac-chuntas a thabhairt ar phríomhphrionsabail na heirgeanamaíochta<br>• breac-chuntas a thabhairt ar leideanna tábhachtacha don ardú sábháilte. |
|  | Aonad 3 – Feasacht ar Rioscaí | Bronntar an suaitheantas **Feasacht ar Rioscaí** nuair a chríochnaítear Aonad 3, Do phost a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an fhaighteora:<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na príomhrudaí le meas nuair atáthar ag obair ar airde<br>• liosta a dhéanamh de na réamhchúraimí le glacadh thart ar fheithiclí san ionad oibre<br>• cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann ceimiceáin díobháil<br>• breac-chuntas a thabhairt ar úsáid Bileog Sonraí Sábháilteachta<br>• lipéid ar tháirgí ceimiceacha a aithint<br>• na guaiseacha a bhaineann le dhá earnáil oibre thábhachtacha – feirmeoireacht agus fáilteachas – a shainaithint<br>• breac-chuntas a thabhairt ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe i dtaca le PPE. |
|  | Aonad 4 – Freagracht | Bronntar an suaitheantas **Freagracht** nuair a chríochnaítear Aonad 4, Róil, tascanna, agus tú féin. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an fhaighteora:<br>• breac-chuntas a thabhairt ar róil an oifigigh sábháilteachta agus an ionadaí sábháilteachta<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na tosca a chuireann le timpeallacht oibre shláintiúil<br>• liosta a dhéanamh de na tosca a chuireann le sláinte agus folláine san ionad oibre, idir dhearfach agus diúltach. |
|  | Aonad 5 – Cumarsáid | Bronntar an suaitheantas **Cumarsáid** nuair a chríochnaítear Aonad 5, Sábháilteacht a chur in iúl. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an fhaighteora:<br>• liosta a dhéanamh de bhealaí chun ceisteanna sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl<br>• tráchtaireacht a dhéanamh ar roinnt gnéithe den reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta<br>• breac-chuntas a thabhairt ar an difríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach<br>• an úsáid a bhaintear as tuairiscí ar thimpiste a léiriú<br>• ullmhú le haghaidh cruinniú san ionad oibre i ndiaidh timpiste<br>• cur síos a dhéanamh ar chuspóir ráitis sábháilteachta<br>• comharthaí sábháilteachta coitianta agus an bhrí atá leo a shainaithint. |

| | | |
|---|---|---|
|  | Aonad 6 – Cás-staidéir | Bronntar an suaitheantas **Cás-staidéir** nuair a chríochnaítear Aonad 6, Machnamh, Cuid 1: Cás-staidéir. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an fhaighteora:<br>• tionchar timpistí san ionad oibre ar dhaoine aonair agus ar ghnóthaí a phlé<br>• cuid de na prionsabail sláinte agus sábháilteachta a foghlaimíodh i rith an chláir Roghnaigh an tSábháilteacht a chur i bhfeidhm<br>• gnéithe de thimpistí san fhíorshaol a phlé<br>• mórthasc a dhéanamh ar ghné amháin den chúrsa. |
|  | Aonad 6 – Mórthasc | Bronntar an suaitheantas **Mórthasc** nuair a chríochnaítear Aonad 6, Machnamh, Cuid 2: Mórthasc. Rinne an faighteoir mórthasc ar ghné amháin den chúrsa. |
|  | Roghnaigh an tSábháilteacht (Máistir) | Eisítear an Open Badge **Máistir Roghnaigh an tSábháilteacht** do mhúinteoir nuair a chláraíonn scoil leis an gclár. |
|  | Roghnaigh an tSábháilteacht (Printíseach) | Eiseoidh an múintear an suaitheantas **Printíseach Roghnaigh an tSábháilteacht** ag tús an chláir do gach scoláire rannpháirteach, nuair a thosaíonn an scoil air. |
|  | Roghnaigh an tSábháilteacht a Chur i gCrích | Bronntar an suaitheantas **Roghnaigh an tSábháilteacht** nuair a chríochnaítear an clár Roghnaigh an tSábháilteacht. Bronntar an suaitheantas mar aitheantas as tuiscint mhéadaithe an fhaighteora ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair. |
|  | Roghnaigh an tSábháilteacht a Chur i gCrích le Gradam | Bronntar an suaitheantas **Roghnaigh an tSábháilteacht le Gradam** ar scoláirí ar éirigh leo an mórthasc roghnach a dhéanamh. Bronntar an suaitheantas mar aitheantas as ardtuiscint an fhaighteora ar cheisteanna a tarraingíodh anuas agus as an gclár Roghnaigh an tSábháilteacht a chur i gcrích go hiontach. |
|  | Cúrsa ar líne Get Safe – Work Safe a Chur i gCrích | Bronntar an suaitheantas **Ríomhfhoghlaim** ar scoláirí a n-éiríonn leo cúrsa ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, 'Get Safe – Work Safe' a chur i gcrích. |
|  | Roghnaigh an tSábháilteacht – an Idirbhliain – a Chur i gCrích | Bronntar an suaitheantas **An Idirbhliain** nuair a chríochnaítear an clár Idiraonaid. Is do scoláirí Idirbhliana é an clár iomlán seo, scoláirí a bhfuil an clár Roghnaigh an tSábháilteacht **déanta acu agus** taithí oibre **agus** an cúrsa ríomhfhoghlama 'Get Safe – Work Safe' ar https://hsalearning.ie |
|  | Roghnaigh an tSábháilteacht – Taithí Oibre – a Chur i gCrích | Bronntar an suaitheantas **Taithí Oibre** nuair a chríochnaítear tréimhse taithí oibre rathúil. |

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN SCOLÁIRE

Leagtar amach raon ghníomhaíochtaí an scoláire ar an tábla anseo thíos. Tá meascán de mhachnamh aonair, obair i ngrúpaí agus plé sa seomra ranga i ngach aonad.

Éilíonn gach aonad leibhéal rannpháirtíochta agus machnaimh a oireann don tsraith shinsearach.

| Topaic | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cleachtadh Aonair | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| I mBeirteanna | | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| I nGrúpaí | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| Plé Ranga | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Fíricí Gasta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Cur i Láthair Gearr | | | | ✓ | ✓ | |
| Mórthasc | | | | | | ✓ |
| Ransú Smaointe | | ✓ | | ✓ | | |
| Díospóireacht | | | | | | ✓ |
| Cur i Láthair ó Bhéal | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Litir | | | | | | ✓ |
| Rólghlacadh | | | | | ✓ | ✓ |
| Tástáil Ghasta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ceistneoir | | | | | ✓ | |
| Póstaer | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bunachar Focal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |

# NAISC LEIS AN TSRAITH SHINSEARACH AGUS LE BREISOIDEACHAS/OILIÚINT

## AN IDIRBHLIAIN

Tacaíonn inneachar agus stíl an chláir Sláinte agus Sábháilteachta seo leis na gnéithe riachtanacha ar fad de Chlár na hIdirbhliana. Tá an t-inneachar bunaithe go daingean ar an taithí oibre mar a bhíonn sí i ndáiríre, gné den Idirbhliain a gcuirtear béim mhór uirthi in go leor scoileanna. Anuas air sin, léirítear go maith sa chúrsa 'Roghnaigh an tSábháilteacht' an scrúdú ar choincheapa ar nós freagrachta agus cuntasachta, féinmhuiníne, caoinfhulaingthe agus saoránacht ghníomhach. Iarrtar ar na scoláirí **smaoineamh agus gníomhú,** agus**machnamh a dhéanamh agus áitiú ar dhuine rud a dhéanamh.**

Tarraingíonn an fhealsúnacht oideolaíochta atá mar bhonn faoin taithí foghlama sa chlár seo ar an dea-chleachtas. Leagann 'Roghnaigh an tSábháilteacht' béim ar mhachnamh aonair, obair i mbeirteanna agus obair i ngrúpaí. Tá gnéithe eile den 'fhoghlaim ghníomhach' i láthair freisin sa rólghlacadh, díospóireachtaí foirne, anailís ar mheáin agus measúnuithe cás-staidéir.

Déantar éascaíocht ar an bhfoghlaim le teicnící múinteoireachta comhaimseartha trína mbíonn an scoláire rannpháirteach go gníomhach sa cheacht. Níl an stíl ná an t-inneachar feiliúnach do mhúinteoireacht teagaisc theoranta.

Go hachomair, tagann stíl, inneachar agus réasúnaíocht bhunúsach an chláir go hiomlán le fealsúnacht na hIdirbhliana.

## IDIRAONAD

Is gné lárnach d'idiraonad ar a dtugtar "Student Safety in the Workplace" é 'Roghnaigh an tSábháilteacht'. Cuireann an t-idiraonad seo a mhaireann 45 uair an chloig coincheapa sláinte agus sábháilteachta i láthair do scoláirí atá ag beartú dul ar thaithí oibre. Tá an t-aonad ar fad ar fáil lena íoslódáil ar ncca.ie.

## GAIRMCHLÁR NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

Feicfidh scoláirí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (CGAT) go bhfuil cuid mhór d'inneachar an chláir 'Roghnaigh an tSábháilteacht' ábhartha do riachtanais siollabais cuid de ghnéithe a gcúrsa, ina measc siúd tuiscint mhaith a fháil ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Tacaíonn an téacs le Nascmhodúl 1 "Ullmhúchán do Shaol na hOibre", Aonad 1 – Intreoir don Saol Oibre agus Aonad 4 – Socrúchán Oibre.

D'fhéadfaí gníomhaíochtaí sa téacs a úsáid do phunann CGAT. Ach oiread leis an Idirbhliain, cuirfidh rannpháirtíocht iomlán agus ghníomhach le go leor de na scileanna saoil atá ina gcuid bhunúsach de CGAT.

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH

Ar an gcaoi chéanna, tá inneachar an chláir feasachta sláinte agus sábháilteachta seo ábhartha do na comhpháirteanna ar fad san Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF). Tacaíonn inneachar 'Roghnaigh an tSábháilteacht' go maith le modhanna measúnaithe ATF (modúil, tascanna scoláire agus scrúduithe deiridh). Feicfidh scoláirí ATF go bhfuil go leor de sin ábhartha go díreach dá gcúrsa (ábhar) Ullmhú le haghaidh Gairme.

Cuimsíonn 'Roghnaigh an tSábháilteacht' an taithí foghlama a mbítear ag súil leis nuair a chuirtear i gcrích go leor de na torthaí foghlama a leagtar amach go mion san ullmhú le haghaidh gairme. Tacaíonn an t-inneachar anseo go díreach leis an taithí oibre éigeantach a leagtar béim mhór uirthi in ATF. Anuas air sin, bíonn aonaid ina leagtar amach go mion feasacht ar shláinte agus sábháilteacht in go leor de Speisialachais Ghairme ATF. Cuimsítear inneachar ábhartha dá leithéid i 'Roghnaigh an tSábháilteacht'. Féadfaidh na scoláirí na hinniúlachtaí a fhorbraítear anseo a úsáid chun ceanglais 'thascanna' scoláirí ATF a chomhlíonadh. Ar deireadh, bíonn na ceachtanna a fhoghlaimítear ón téacs seo go hiomlán ábhartha do scrúdú deiridh ATF.

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT BHUNAITHE

Féadfaidh múinteoirí ábhair phríomhshrutha na hArdteistiméireachta – ar nós Teicneolaíochtaí, Eolaíochta, Eolaíocht Talmhaíochta, Staidéar Foirgníochta, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaíne agus Corpoideachais – úsáid a bhaint as 'Roghnaigh an tSábháilteacht'. Tá tuiscint ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta leagtha amach go mion nó intuigthe sna hábhair sin ar fad. Cabhróidh leibhéal na rannpháirtíochta intleachtúla a iarrann na haonaid deiridh den chlár ar na scoláirí lena gcuid oibre in ábhair ar nós Béarla agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Féadfaidh múinteoirí agus scoláirí atá ag gabháil d'aon cheann de na hábhair thuasluaite tarraingt as an bpaca acmhainní seo chun cur leis an gcroíshiollabas.

## BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Tá go leor cúrsaí breisoideachais ina mbeadh Roghnaigh an tSábháilteacht ábhartha chun daoine óga agus dífhostaithe a ullmhú don ionad oibre. Féadfaidh múinteoirí agus teagascóirí tarraingt as na topaicí agus na haonaid de réir mar is gá. Cuimhnigh gur féidir suaitheantais dhigiteacha a bhronnadh as gach aonad a ndéantar staidéar air, chomh maith le teastais as cúrsaí críochnaithe. Tagann an clár Roghnaigh an tSábháilteacht le córas oideachais ina dtacaítear le freastal ar riachtanais gach foghlaimeora agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar ionchais fostaíochta daoine óga dífhostaithe go háirithe.

Tá cúrsaí atá sonrach d'earnálacha ar leith ar fáil ar shuíomh ríomhfhoghlama an Údaráis freisin, https://hsalearning.ie, agus is féidir teacht orthu 24/7 agus saor in aisce. Féadfaidh múinteoirí grúpaí foghlaimeoirí a bhunú ar an gcóras nó is féidir le foghlaimeoirí aonair tabhairt faoi na cúrsaí astu féin. Tá liosta iomlán na gcúrsaí ar fáil ar https://hsalearning.ie

# NAISC LE CURACLAM NA SRAITHE SINSEARAÍ

| Topaic | | Gairmchlár na hArd-teistiméireachta | An Ardteis-timéireacht Fheidh-meach | Praiticiúil | | | Eolaíocht (ábhar praiticiúil ina measc) | | Gnó | Teicneolaíocht | | Folláine |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ealaín | Corpoi-deachas | Eacna-maíocht Bhaile | Fisic, Ceimic, Bitheo-laíocht | Eolaíocht Talm-haíochta | Gnó, Eacna-maíocht, Cuntasaíocht | Teicneo-laíocht, In-nealtóireacht | Foirgníocht | OSPS |
| Dlí | Cearta Oibrithe Óga | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| | Freagrachtaí an Fhostóra | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| | Freagrachtaí an Fhostaí | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| Guais, Riosca, Beart Rialaithe | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dóiteán agus Garchabhair | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Láimhsiú Ualaí de Láimh agus Eirgeanamaíocht | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Obair ar Airde | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Sábháilteacht Feithiclí san Ionad Oibre | | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Ceimiceáin | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Feirmeoireacht | | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | | | ✓ | |
| Fáilteachas | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | | | |
| An tOifigeach Sábháilteachta agus an tIonadaí Sábháilteachta | | ✓ | ✓ | | | | | | | | ✓ | |
| An Timpeallacht Oibre | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | | ✓ | ✓ |
| Ráitis Sábháilteachta | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Comharthaí Sábháilteachta | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Trealamh Cosanta Pearsanta | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Imscrúdú ar Thimpistí/Theagmhais | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Mórthascanna | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | |

*Féadfaidh múinteoirí agus teagascóirí Breisoideachais spléachadh a thabhairt ar na topaicí chun ábharthacht don chúrsa a sheiceáil.

# CLEACHTAÍ ÁBHAIR

**1. EALAÍN**
**2. EACNAMAÍOCHT BHAILE**
**3. ÁBHAIR EOLAÍOCHTA**
**4. ÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA**

## EALAÍN

Tá sé de bhuntáiste ag an Ealaín, i gcomparáid le hábhair eile, go mbíonn gníomhaíocht phraiticiúil mar chuid di. Ach dá mhéad gníomhaíochtaí a dhéanann an scoláire, is ea is mó seans go dtarlóidh timpiste agus díobháil phearsanta. Chomh maith leis sin, sa seomra ranga ealaíne, d'fhéadfadh go mbeadh na scoláirí ag obair le meáin dhifriúla ag an am céanna, rud a d'fhéadfadh contúirt a chruthú, go háirithe mura bhfuil mórán spáis sa seomra.

Cuirtear leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí praiticiúla ealaíne mar gheall ar na sceitimíní a chruthaíonn úsáid trealaimh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach, m.sh. iarann sádrála agus ábhair le haghaidh péinteanna púdraithe.

Léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha gaolmhara, mar a bhaineann le modúil Ealaíne, ar an tábla a leanas. Féachtar in Aonad 2, Cuid 2 de Roghnaigh an tSábháilteacht (leathanach 24 de théacs an Scoláire) ar Láimhsiú Ualaí de Láimh agus Eirgeanamaíocht; féachtar i gCuid 3 (leathanach 29) ar Sciorrthaí, tuislí agus titimí; féachtar ar Aonad 3, Cuid 3 (leathanach 43) ar Cheimiceáin.

| Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Ceapadóireacht shamhlaíoch nó Ábhar neamhbheo | Cáblaí leictreacha, málaí scoile atá ag sraoilleadh | Tuislí, Titimí |
| | Péinteanna púdraithe a mheascadh | Gortú Súl, dusta sa chóras riospráide |
| | Stóras trealaimh | Eirgeanamaíocht, Tuislí, Titimí |
| | Doirteadh uisce | Sciorrthaí |
| Dearadh nó obair cheardaíochta | Iarann sádrála | Dó, tine |
| | Móta papier-mâché | Sciorrthaí ar uisce, móta |
| | Snoíodóireacht | Gortú súl, gearrthacha, dusta sa chóras riospráide |
| | Ceirmeacht bhriste | Gearrthacha, gortú súl |
| | Earraí potaireachta a bhácáil | Dó |
| | Péinteanna púdraithe a mheascadh | Gortú Súl, dusta sa chóras riospráide |
| | Bróidnéireacht | Gortú ón tsnáthaid |
| | Siosúr | Gearrthacha |
| | Lionóilphriontáil | Gearrthacha, Gortú méire/láimhe |
| | Baitíc – Céir the | Dó, tine |
| | Snáthaidí briste a dhiúscairt | Gortú ón tsnáthaid |
| | Miotalóireacht ealaíne | Dó, gortú súl, gearrthacha |
| Sceitseáil saoil | Socrú – málaí, cáblaí atá ag sraoilleadh | Tuislí, Titimí |
| | Doirteadh uisce | Sciorrthaí |
| | Suí ar feadh tréimhsí fada | Suíocháin chompordacha |

I ndiaidh oibriú leis an gclár Roghnaigh an tSábháilteacht, seo roinnt **cleachtaí roghnacha** a d'fhéadfadh cur leis an taithí foghlama sin.

1. Cé na guaiseacha a mbíonn daoine neamhchosanta orthu i rith obair chaomhnóireachta?
   Dear póstaer chun sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn i rith obair chaomhnóireachta le hábhair a roghnódh tú féin.
2. Tabhair cuairt ar dhánlann nó iarsmalann. Féach ar an gcaoi a mbíonn saothair ealaíne á láimhsiú, á n-aistriú, á dtaispeáint nó á stóráil ag coimeádaithe. Déan measúnú riosca eirgeanamaíochta chun saothar mór ealaíne a iompar.

# EACNAMAÍOCHT BHAILE

I rith a staidéir ar Eacnamaíocht Bhaile ar scoil, foghlaimíonn an scoláire an méid seo a leanas:

- aire a thabhairt dá shláinte agus sábháilteacht agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile
- a fhoghlaim agus limistéir oibre a eagrú agus a bhainistiú chun timpeallacht shláintiúil agus shábháilte a chruthú
- guaiseacha a shainaithint, gníomhú dá mbarr, agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh eascairt astu a sheachaint
- ábhair agus trealamh a láimhsiú ar bhealach sábháilte, sláinteach
- saol níos sábháilte agus níos sláintiúla a bheith aige.

Tá obair phraiticiúil ina cuid lárnach den Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta, agus tarlaíonn formhór na hoibre sin i gcistin na scoile. Toisc gurb í an chistin an seomra is mó ina dtarlaíonn timpiste sa ghnáth-áit chónaithe, tá sé tábhachtach go leagfadh an múinteoir síos na caighdeáin is fearr agus go gcuirfí ar chumas an scoláire tabhairt faoin bhfoghlaim i dtimpeallacht shábháilte, shláinteach agus thacúil. Spreagtar an múinteoir le meon agus cur chuige dearfach i leith na sábháilteachta a fhorbairt sna scoláirí, sa raon gníomhaíochtaí a dhéanann siad agus chun feasacht ar an luach a bhaineann le timpeallacht oibre shábháilte a chruthú a chothú sna scoláirí.

Spreagtar na scoláirí le hoibriú go haireach, a bheith feasach ar an dainséar a bhaineann le doirteadh, teas, tine, sceana géara, trealamh leictreach, ábhair glanta thocsaineacha agus guaiseacha féideartha eile a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Múintear do na scoláirí an tábhacht a bhaineann le cloí le rialacháin a bhíonn i bhfeidhm i gcistin oibre, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le cosaint phearsanta ar nós éadach cosanta a chaitheamh (naprúin, clúdach cinn, agus miotóga oighinn).

Cuirtear faoi oiliúint iad faoina mbíonn le déanamh i gcás éigeandála m.sh. cleachtaí dóiteáin, an chaoi le pluid dóiteáin a úsáid i gcás tine bheag logánta. Is iad príomhthorthaí foghlama na ngníomhaíochtaí praiticiúla a dhéantar i gcistin na scoile:

- **úsáid shábháilte ábhar agus trealaimh,**
- **na nósanna imeachta a chuireann dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta chun cinn.**

Sa réimse staidéir roghnach 'Teicstílí, Faisean agus Dearadh', táthar ag súil go mbeidh an scoláire eolach ar bhailchríocha dómhoillitheacha agus an tOrdú maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán (Troscán Tí) (1988 agus 1995) agus a bheith ar an eolas faoi inadhainteacht snáithíní nuair a roghnaítear teicstílí tí.

Déantar staidéar ar eirgeanamaíocht freisin sa réimse staidéir roghnaigh 'Dearadh agus Bainistíocht Tí'.

**Cén chaoi a gcuirfimid an t-eolas a fhoghlaimítear ón staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile i bhfeidhm sa timpeallacht oibre?**

San earnáil lónadóireachta agus fáilteachais, is iad na guaiseacha sciorrthaí, tuislí agus titimí na cúiseanna is coitianta le timpistí, go háirithe thart ar fhoinsí leachta, mar shampla ag doirteal ag ní glasraí, sceanra agus soithí.

Léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha gaolmhara, mar a bhaineann leis na modúil Staidéar Bia, agus Teicstílí, Faisean agus Dearadh, ar an tábla seo a leanas. Féachtar in Aonad 2, Cuid 2 de Roghnaigh an tSábháilteacht (leathanach 24 de théacs an Scoláire) ar Láimhsiú Ualaí de Láimh agus Eirgeanamaíocht; agus féachtar in Aonad 2, Cuid 3 (leathanach 29) ar Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí go mion.

| Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Staidéar bia | Glanadh sa doirteal | Sciorrthaí, titimí |
| | Oigheann | Dó |
| | Leacht te, m.sh. steall anraith | Dó, gortú súl |
| | Potaí agus pannaí | Eirgeanamaíocht – Ardú agus iompar |
| | Meascthóirí | Eirgeanamaíocht – Ardú agus iompar, gortú coise |
| | Amhábhair – plúr, siúcra | Eirgeanamaíocht – ardú agus iompar |
| | Sceana agus gearrthóirí | Gearrthacha |
| | Cáblaí leictreacha, málaí scoile atá ag sraoilleadh | Tuislí, titimí |

RÉAMHFHOCAL AN MHÚINTEORA

| Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Teicstílí, faisean agus dearadh | Fuáil | Gortú ón tsnáthaid |
| | Snáthaidí briste a dhiúscairt | Gortú ón tsnáthaid |
| | Deisiúcháin ar threalamh | Dul i bhfostú, méar fháiscthe |
| | Iarann sádrála | Dó, tine |
| | Iarann | Dó, tine |
| | Siosúr | Gearrthacha |
| | Cáblaí leictreacha, málaí scoile atá ag sraoilleadh | Tuislí, titimí |
| | Baitíc – céir the | Dó, tine |
| | Cáblaí leictreacha, málaí scoile atá ag sraoilleadh | Tuislí, titimí |
| | Péinteanna púdraithe a mheascadh | Gortú Súl, dusta sa chóras riospráide |
| | Glanadh sa doirteal | Sciorrthaí, titimí |
| | Stóras trealaimh | Eirgeanamaíocht, tuislí, titimí |

# ÁBHAIR EOLAÍOCHTA

Bíonn go leor ceachtanna eolaíochta, nó iad ar fad, ag na scoláirí i saotharlann scoile i rith na hiar-bhunscolaíochta. Is iad príomhthorthaí foghlama na ngníomhaíochtaí praiticiúla tosaigh a dhéantar i saotharlann na scoile:

- **úsáid shábháilte fearas,**
- **forbairt na nósanna imeachta a chuireann dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta chun cinn.**

Múintear do na scoláirí le guaiseacha féideartha a shainaithint agus a sheachaint, cuid mhór díobh a fheicfidh siad sa saol laethúil ar nós dó, scalladh, gloine bhriste agus dromchlaí sciorracha. Múintear dóibh an tábhacht a bhaineann le cloí leis na rialacha dochta a bhíonn i bhfeidhm i saotharlanna, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le cosaint phearsanta ar nós éadach cosanta agus cosaint súl.

I rith a staidéir ar an Eolaíocht ar scoil, foghlaimíonn an scoláire an méid seo a leanas:

- aire a thabhairt dá shláinte agus sábháilteacht agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile
- guaiseacha an ghnáthshaoil laethúil a shainaithint agus an chaoi leis féin a chosaint orthu
- ábhair agus trealamh a láimhsiú ar bhealach sábháilte
- timpeallacht foghlama agus oibre níos sábháilte agus níos sláintiúla a chruthú
- saol níos sábháilte agus níos sláintiúla a bheith aige.

Ar cheann de róil an mhúinteora eolaíochta, tá scoláirí a chumasú le heolaíocht a fhoghlaim i dtimpeallacht shábháilte agus thacúil. I rith a dtaithí ar fad ar an eolaíocht ar scoil, múintear do na scoláirí le dul i ngleic leis na guaiseacha a bhaineann leis an obair phraiticiúil, agus an riosca dóibh féin agus dá gcomhghleacaithe a laghdú a oiread agus is féidir. Tá sé de bhuntáiste ag an Eolaíocht, i gcomparáid le hábhair eile, go mbíonn gníomhaíocht phraiticiúil mar chuid di. Ach dá mhéad gníomhaíochtaí a dhéanann an scoláire, is ea is mó seans go dtarlóidh timpiste agus díobháil phearsanta. Cuirtear leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí praiticiúla eolaíochta mar gheall ar na sceitimíní a chruthaíonn úsáid ceimiceán agus trealaimh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Chomh maith leis na gníomhaíochtaí praiticiúla, is féidir inneachar ó na siollabais eolaíochta a úsáid mar chomhthéacs chun cabhrú leis na scoláirí meon dearfach a fhorbairt i leith ceisteanna sláinte agus sábháilteachta i gcásanna éagsúla *(Mapping Health and Safety in the Curriculum*, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Meán Fómhair 2007).

Léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha gaolmhara, mar a bhaineann le hEolaíocht, ar an tábla seo a leanas. Cuirtear na guaiseacha i dtrí chatagóir: ceimiceach, bitheolaíoch, agus fisiciúil. Féachtar in Aonad 3, Cuid 3 de Roghnaigh an tSábháilteacht (leathanach 43 de théacs an Scoláire) ar Cheimiceáin.

## Turgnaimh

| Uimh. | Teideal | Catagóir Guaiseacha | Gníomhaíocht | Guaiseacha |
|---|---|---|---|---|
| | | Ceimiceach | Gás Peitriliam Leachtaithe – níos troime ná aer | Plúchadh, nimhiú tocsaineach |
| | | | Gás nádúrtha – níos éadroime ná aer | Tine |
| | | | Hidrigin chomhbhrúite | |
| | | | Dé-ocsaíd charbóin chomhbhrúite | Nimhiú tocsaineach |
| | | | Ocsaigin chomhbhrúite | Tine, pléascadh |
| | | Bitheolaíoch | Dioscadh ainmhí | Baictéir, víris |
| | | Fisiciúil | Dóire Bunsen | Tine, dó |
| | | | Sleamhnáin bhriste, earraí gloine breise a láimhsiú agus a dhiúscairt | Gearrthacha |
| | | | Earraí gloine teo | Dó |
| | | | Ceirmeacht theo | Dó |
| | | | Ceirmeacht bhriste | Gearrthacha |
| | | | Léasair | Gortú súl, dó |

I ndiaidh oibriú leis an gclár Roghnaigh an tSábháilteacht, seo **cleachtadh roghnach** a d'fhéadfadh cur leis an taithí foghlama sin.

Déan iniúchadh ar na ceimiceáin a úsáidtear i do shaotharlann.

Pioc trí thurgnamh ón gCuraclam Eolaíochta ina mbítear ag obair le ceimiceáin.

Sainaithin ceimiceán tocsaineach, ceimiceán creimneach agus ceimiceán greannach. Cén chaoi a mbíonn gach ceann díobh sin guaiseach don tsláinte?

Athbhreithnigh an lipéad le haghaidh gach ceimiceáin. Céard é an t-eolas is tábhachtaí ar an lipéad?

Athbhreithnigh an bhileog sonraí sábháilteachta le haghaidh ceann de na ceimiceáin. Cén t-eolas tábhachtach a thugtar ansin faoin gceimiceán?

# ÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA

Leagtar béim sna siollabais ar an ngá atá le aird chuí a thabhairt ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta i ngach gníomhaíocht, go háirithe nuair atáthar ag obair le hábhair agus trealamh ach freisin i dtéarmaí ghiniúint agus mheastóireacht na smaointe agus réiteach dearaidh.

Cuspóir ar leith den oideachas teicneolaíochta is ea go mbeadh na riachtanais sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair phraiticiúil a phleanáil agus a dhéanamh ar eolas ag na scoláirí agus go gcloífidís leo, agus, chomh maith leis sin, an chaoi a bhféadfadh na riachtanais sin teorainneacha nó srianta a chur ar dhearadh déantán agus córas.

I rith theagasc agus fhoghlaim na n-ábhar sin, éilítear ar na scoláirí cloí le cleachtais shábháilte oibre agus nósanna imeachta molta. Forbraíonn siad tuiscint ar na dainséir fhéideartha a bhainfeadh le foinsí fuinnimh, innealra, trealamh agus gléasanna a úsáidtear i rith a bhfoghlama. Tríd an teagasc, téann siad i dtaithí ar úsáid chuí an trealaimh sábháilteachta agus ar chothabháil timpeallachta oibre sábháilte trí réamhchúraimí sábháilteachta cuí a chur i bhfeidhm chun dainséar a sheachaint agus rioscaí a laghdú a oiread agus is féidir. Éilítear go measfaí sláinte agus sábháilteacht i ndearadh agus pleanáil réiteach ar fhadhbanna teicneolaíochta.

Léirítear gníomhaíochtaí agus na guaiseacha gaolmhara, mar a bhaineann leis na hábhair Teicneolaíochta, ar an tábla seo a leanas. Dírítear in Aonad 2, Cuid 2 (leathanach 24) ar láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht.

| Croí-Ábhair – Modúil Phraiticiúla | Gníomhaíocht | Guaiseacha: |
|---|---|---|
| Próiseas dearaidh | | |
| Bainistiú tionscadail agus cáilíochta | | |
| Ábhair agus táirgeadh | Innealra muilleoireachta | Dul i bhfostú |
| | Druilire seastáin | Gortú súl, gearrthacha |
| | Deil láir miotalóireachta | Gortú súl, gearrthacha |
| Meáin chumarsáide agus ghrafacha | | |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | Aonaid fístaispeána | Tuirse súl, stangadh na ngéag uachtair |
| | Eirgeanamaíocht | Gortú athstraidhneála |
| Struchtúir agus meicníochtaí | | |
| Fuinneamh, leictreachas agus leictreonaic | | |

| Roghanna (Roghnaigh Péire) | | |
|---|---|---|
| Leictreonaic agus rialú | | |
| Córais rialaithe fheidhmeacha | | |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | | |
| Córais déantúsaíochta | | |
| Teicneolaíocht ábhar | | |

In ábhair ar nós Staidéar Foirgníochta agus Innealtóireachta, leagtar amach go mion ina siollabais eolas ar shláinte agus sábháilteacht.

I ndiaidh oibriú leis an gclár Roghnaigh an tSábháilteacht, seo **cleachtadh roghnach** a d'fhéadfadh cur leis an taithí foghlama sin.

Athbhreithniú ar ghléasra agus trealamh sa seomra ranga Teicneolaíochta.

I ngrúpaí triúir:


1. Déanaigí fardal den ghléasra agus trealamh sa seomra ranga agus taifead ar an déantúsóir, dáta na déantúsaíochta, an dáta deiridh cothabhála.

2. Sainaithnígí píosa amháin trealaimh. Athbhreithnígí lámhleabhar oibríochta an trealaimh sin, go háirithe an t-eolas sláinte agus sábháilteachta. Sainaithnígí na guaiseacha, na rioscaí agus na bearta rialaithe a bhaineann leis an trealamh sin.

3. Féachaigí ar dhearadh an phíosa trealaimh sin agus an chaoi a n-úsáidtear é. An bhféadfaí é a fheabhsú i dtéarmaí eirgeanamaíochta?

4. Bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim sibh, cuirigí bileog eolais sláinte agus sábháilteachta aon leathanaigh i dtoll a chéile don phíosa trealaimh sin.

# TÉIGH AG BRABHSÁIL




Tá eolas mionsonraithe agus cothrom le dáta ar na topaicí ar fad a fhiosraítear in 'Roghnaigh an tSábháilteacht' ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta **https://hsa.ie**
Tá cúrsaí ar líne an Údaráis ar fáil ar **https://hsalearning.ie**

hsalearning.ie
Cúrsaí Ar Líne HSA

Suíomhanna gréasáin eile:

**https://education.ie**
**https://hsa.ie/eng/Topics/Simple_Safety/**
**https://workplacerelations.ie**
**https://agriaware.ie**
**https://scoilnet.ie**
**https://cdc.gov/niosh**
**https://pdst.ie**
**https://esb.ie**
**https://mentalhealthireland.ie**
**https://epa.ie**
**https://osha.gov** (Stáit Aontaithe Mheiriceá)
**https://fsai.ie**
**https://hse.gov.uk** (An Ríocht Aontaithe)
**https://osha.europa.eu**
**https://rsa.ie**
**https://agriculture.gov.ie**
**https://enetosh.net**
**https://safeworkaustralia.gov.au** (An Astráil)
**https://citizensinformation.ie**
**https://besmart.ie**
**https://hse.ie**



# AONAD 1
## AG TOSÚ AG OBAIR

### Ábhar an Aonaid


1 Treoirlínte don mhúinteoir
2 Cearta oibrithe óga
3 Ionduchtú
4 Dlíthe sláinte agus sábháilteachta agus d’ionad oibre
5 Gníomhaíochtaí an aonaid
6 Tuilleadh eolais

# AG TOSÚ AG OBAIR

AONAD 1

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá an t-ábhar seo a leanas sa leabhar oibre 'Daoine Óga ag Obair' in **Aonad 1 Ag tosú ag obair:**

- Cuid 1 Cearta oibrithe óga
- Cuid 2 Ionduchtú
- Cuid 3 Freagrachtaí fostóirí agus fostaithe

Dírítear in Aonad 1 ar dhaoine óga a ullmhú don ionad oibre. Osclaítear an doras d'fhoghlaim sláinte agus sábháilteachta, agus tugtar léargas ar na príomhriachtanais sláinte agus sábháilteachta. Tugtar aird faoi leith in Aonad 1 ar thosú ag obair agus an méid ba cheart a bheith ar eolas ag daoine óga maidir le cearta oibrithe óga agus ionduchtú.

## **AONAD 1,** CUID 1, CEARTA OIBRITHE ÓGA

Tá an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha sláinte agus sábháilteachta ar fad i bhfeidhm in ionaid oibre a fhostaíonn daoine óga. Mar shampla, ní fhéadfar daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a fhostú chun comharthaí a thabhairt d'oibritheoirí trealaimh ardaithe a thiomáintear le cumhacht mheicniúil (m.sh. cliabháin ardaithe), agus ní fhéadfar iad a fhostú chun trealamh mar sin a oibriú ach an oiread. Ní dhéanfaidh daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois:

- obair a sháraíonn a gcumais fhisiciúla nó mheabhrach
- obair a fhágann neamhchosanta ar shubstaintí tocsaineacha iad
- obair a fhágann neamhchosanta ar radaíocht iad
- obair lena mbaineann teas, torann nó creathadh an-mhór
- obair lena mbaineann rioscaí nach dócha go n-aithneoidís nó nach seachnóidís mar gheall ar a n-easpa taithí nó oiliúna.

Ceapadh **an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996** chun cosaint oibrithe óga a chosaint, agus chun a chinntiú nach gcuireann an obair a dhéantar i rith na scoilbhliana d'oideachas i mbaol.
Ciallaíonn "duine óg" duine a shroich 16 bliana d'aois nó an aois fágála scoile (cibé ceann is airde) ach atá níos óige ná 18 mbliana d'aois.

Leagtar amach sa dlí teorainneacha aoise íosta don fhostaíocht, sainítear na sosanna a chaithfear a thabhairt agus na huaireanta oibre uasta, agus cuirtear cosc ar dhaoine bhun 18 mbliana d'aois a fhostú le dul ag obair deireanach san oíche – féach **Tábla 1**: Uaireanta Oibre do Dhaoine faoi bhun 16 bliana d'aois agus **Tábla 2**: Uaireanta Oibre do Dhaoine atá 16–17 mbliana d'aois (leathanach 6 de théacsleabhar an Scoláire).

Caithfidh fostóirí fostaithe faoi bhun 18 mbliana d'aois Achoimre ar an Acht a chur ar taispeáint ag an bpríomhbhealach isteach chuig an áitreabh oibre. Tá póstaer den eolas achoimre sin ar fáil ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre https://www.workplacerelations.ie/en/publications_forms/under_18_a3_poster.pdf. Caithfidh fostóirí taifid shonraithe a choinneáil freisin le haghaidh na n-oibrithe sin atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

**An Aois Íosta le haghaidh Fostaíochta**

Féadfar daoine atá 14 agus 15 bliana d'aois a fhostú ar obair éadrom:

- go páirtaimseartha i rith an téarma scoile (os cionn 15 bliana d'aois amháin)
- mar chuid de chlár oideachais nó de thaithí oibre cheadaithe
- i rith na laethanta saoire scoile, fad agus go dtógtar sos trí seachtaine ar a laghad ón obair sa samhradh.

Féadfar aon pháiste faoi bhun 16 bliana d'aois a fhostú i scannán, amharclann, spórt nó fógraíocht faoi cheadúnas.

## **AONAD 1,** CUID 2, IONDUCHTÚ

D'fhéadfadh go mothódh duine óg idir neirbhíseach agus ar bís nuair a thosaítear ag obair den chéad uair. Go minic, bíonn daoine óga i dtimpeallacht oibre den chéad uair i rith taithí oibre agus tréimhsí foghlama bunaithe ar an obair. Ach bíonn dainséar i ngach ionad oibre; tarlaíonn timpistí uaireanta. Tarlaíonn droch-ghortuithe agus fiú bás i ndiaidh roinnt timpistí – ach is féidir a bhformhór a sheachaint. Bí cinnte go gcuireann tú neart ceisteanna agus tapaigh an deis foghlaim faoin méid a chaithfidh tú a dhéanamh agus an méid a chosnóidh thú ar ghortú nó tinneas a bhaineann leis an obair.

**Fíricí Gasta**

*Nuair a thosaíonn tú ag obair den chéad uair, is mó seans (50%) go ngortófar thú san ionad oibre ná oibrithe eile a bhfuil níos mó taithí acu.*

**Tugann 'Roghnaigh an tSábháilteacht' an t-eolas sláinte agus sábháilteachta a theastaíonn chun thú a choinneáil sábháilte ag an obair.**

**Ar cheart do gach oibrí nua (scoláirí ar thaithí oibre ina measc) oiliúint ionduchtúcháin a fháil?**

Ba cheart. De réir an dlí caithfidh fostóirí teagasc, oiliúint agus maoirseacht a chur ar fáil. Is cuid riachtanach den phróiseas foghlama í an oiliúint ionduchtúcháin. Nuair a thosaíonn tú post nó taithí oibre, ba cheart ionduchtú a dhéanamh leat agus oiliúint faoi leith a chur ort le haghaidh gach jab nua.

Ciallaíonn sé sin go roinnfear bun-eolas leat faoin ionad oibre le go mbeidh tú sábháilte.

Ba cheart go n-inseofaí an méid seo a leanas duit:

- rialacha an ionaid oibre. Ba cheart go n-áireofaí leis sin eolas bunúsach faoi shláinte agus sábháilteacht, socruithe garchabhrach agus nósanna imeachta aslonnaithe i gcás tine nó éigeandáil eile
- aon ghuaiseacha agus rioscaí atá san ionad oibre
- na bearta sábháilteachta atá i bhfeidhm
- an méid a chaithfidh tú a dhéanamh chun thú féin agus daoine eile a choinneáil sábháilte.

Cuimhnigh → Coinnigh guaim ort féin – Bí sábháilte

**Na pointí is tábhachtaí:**

- Cuir aithne ar do thimpeallacht, d'áit oibre, an bhialann, na seomraí sosa, na bealaí amach (cinn éigeandála ina measc), an stáisiún garchabhrach má tá a leithéid ann, na spásanna páirceála, srl.
- Faigh amach cén maoirseoir atá agat agus cén chaoi le dul i dteagmháil leo más gá.
- Bíodh a fhios agat cén chaoi le Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a úsáid más gá.

  Má theastaíonn PPE nua uait, faigh amach cén chaoi a n-eagróidh tú é sin.
- Oiliúint – cén oiliúint a theastaíonn uait?
- Nósanna imeachta i gcás éigeandála – cleachtadh dóiteáin, garchabhair.

D'fhéadfadh d'fhostóir iarraidh ort cáipéisí nó rialacha tábhachtacha sábháilteachta a léamh agus cáipéis a shíniú lena dhearbhú gur léigh tú iad agus go dtuigeann tú iad.

Féach ar an seicliosta do scoláirí i bhfoilseachán HSA 'Health and Safety Matters for Students on Work Experience'

**nua**

*Féach ar 'Workplace Safety, Health and Welfare Induction' ar https://hsalearning.ie. D'fhorbair Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (IT Shligigh roimhe seo) agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an cúrsa seo ina bhfuil go leor eolas praiticiúil le haghaidh ionduchtaithe, agus is féidir é a chur i láthair i suíomh seomra ranga. Tá ocht n-aonad ar an gcúrsa, atá idir 20 nóiméad agus 45 nóiméad ar fad. Tá Aonaid 1&2 éigeantach.*

# AONAD 1, CUID 3, DLÍTHE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA AGUS D'IONAD OIBRE

Tá an dlí Sláinte agus Sábháilteachta ansin chun oibrithe a chosaint (scoláirí ar thaithí oibre ina measc) nó iad siúd a bhféadfadh gníomhaíochtaí oibre dul i bhfeidhm orthu. Is é an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 an phríomhreachtaíocht a phléann cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san ionad oibre. Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar Acht 2005.

Cé atá freagrach as an tsábháilteacht? Is é an freagra gearr air sin "gach duine." Níor cheart glacadh leis gurb iad na fostóirí amháin atá freagrach as ionad oibre sábháilte agus sláintiúil a chruthú agus a chothú. Bíonn ról ag gach duine. Féachfaidh tú ar na príomhfhreagrachtaí a bhíonn ar fhostóirí agus ar fhostaithe sa Chuid dheireanach seo d'Aonad 1.

## FREAGRACHTAÍ AN FHOSTÓRA

Bíonn fostóirí freagrach as ionad oibre atá sábháilte agus sláintiúil ar chur ar fáil. Áirítear leis sin, mar shampla, go soláthróidís gléasra agus trealamh sábháilte, córais shábháilte oibre, oiliúint agus maoirseacht nuair is gá, agus trealamh cosanta pearsanta nuair is gá.

Tá go leor reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm, agus cuid di dírithe go sonrach ar Chosaint Leanaí agus Daoine Óga. D'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) treoir faoi Chosaint Leanaí agus Daoine Óga ina dtugtar eolas faoi:

- ✓ daoine óga a fhostú
- ✓ measúnú riosca
- ✓ cúinsí a chuirfeadh cosc ar pháiste nó duine óg a fhostú
- ✓ faireachas sláinte
- ✓ liosta treorach d'oibreáin, próisis nó obair a gcaithfear páistí agus daoine óga a chosaint orthu.

Is é aidhm na Treorach cosaint a thabhairt duit féin agus do chomhghleacaithe, agus timpistí nó drochshláinte mar gheall ar an obair a chosc. Is féidir an cháipéis a íoslódáil ó hsa.ie

# FREAGRACHTAÍ NA BHFOSTAITHE

Bíonn sé de dhualgas ar fhostaithe iad féin agus daoine eile a chosaint. Caithfidh tú comhoibriú le d'fhostóir agus a chinntiú nach gcruthaíonn tú dainséar duit féin ná do dhaoine eile ag an obair. Má thugtar trealamh cosanta pearsanta duit, ar nós lámhainní, maisc, cosaint cluas, éadach ard-infheictheachta, clogad, caithfidh tú é a úsáid díreach mar a ordaíodh duit, agus aire a thabhairt dó.

Ba cheart duit freisin tuairisciú do d'fhostóir nó do mhaoirseoir i gcás aon rud a d'fhéadfadh timpiste a chruthú, mar shampla, má thugann tú cleachtais oibre chontúirteacha nó guaiseacha tromchúiseacha faoi deara. Ná déan iarracht riamh aon rud a dheisiú thú féin – abair le do mhaoirseoir é.

## Torthaí Foghlama

Nuair a chríochnaítear an t-aonad seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- freagrachtaí fostóirí agus fostaithe i dtaobh sláinte agus sábháilteachta ag an obair a shainaithint
- breac-chuntas a thabhairt ar phríomhfhorálacha an Achta um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- cur síos a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le hionduchtú

# PLEANANNA CEACHTA MOLTA D'AONAD 1

1. Coincheap na sláinte agus na sábháilteachta agus aidhmeanna an aonaid a chur i láthair.
2. D'fhéadfaí a áireamh le ceisteanna oscailte a bhfuil an rang le machnamh a dhéanamh orthu:
   - Sainaithnígí dhá ghairm a mbaineann leibhéil arda timpistí san ionad oibre leo. (Freagra: feirmeoireacht agus obair foirgníochta)
   - Cé is mó a bhíonn i mbaol a ngortaithe san ionad oibre? (Freagra: Daoine óga, idir 18 agus 24 bliain d'aois)
3. Cuimhnígí ar na cásanna ar fad i nGníomhaíocht 1.C. Roinn an rang ina ngrúpaí agus iarr orthu an chaoi a bhfreagróidís do na cásanna sin mar fhostóir agus ansin mar fhostaí a mheas.Iarr ar na scoláirí céard é an cur chuige is fearr i ngach cás. Cuir am ar fáil le haghaidh plé fada.
4. Iarr ar an rang Gníomhaíocht 1.D ar leathanach 11 a fhreagairt, gníomhaíocht a bhaineann le freagrachtaí fostóirí agus fostaithe. Is féidir é sin a dhéanamh ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
5. Pléitear cearta oibrithe óga ar leathanaigh 5–6 de théacs an Scoláire. Iarr ar na scoláirí an bhfuil aon eolas acu ar Chearta Oibrithe Óga. An bhfuil a fhios acu cá bhfaighidís an t-eolas sin? Cé chomh hábhartha agus atá sé d'oibrithe páirtaimseartha?
6. Coincheap an Bhunachair Focal a chur i láthair. Déan cinneadh ar cheart cóipleabhar, comhad ríomhaireachta nó póstaer ranga a úsáid mar Bhunachar Focal.
7. I gcás **Ghníomhaíochtaí an Aonaid**, ba cheart do na scoláirí meas a dhéanamh ar a dtaithí féin go nuige sin nó aon taithí a bhí acu a mheas agus iad ag machnamh ar na ceisteanna.

**Fíricí Gasta**

Cé atá freagrach as an tsábháilteacht?

Is é an freagra gearr air sin "gach duine!"

Níor cheart glacadh leis gurb iad na bainisteoirí amháin atá freagrach as ionad oibre sábháilte a chruthú agus a chothú. Bíonn ról ag gach duine. Féachtar in Aonad 1 ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 1
## Aonad 1, Cuid 1, Cearta Oibrithe Óga



### GNÍOMHAÍOCHT 1.A, Leathanach 7
### PLÉ RANGA

Pléigí na sonraí ar Thábla 1 agus Tábla 2. An gceapann sibh go bhfuil na huaireanta oibre, an t-am saor agus na sosanna ón obair sin réasúnta? An gcloítear leo?

### GNÍOMHAÍOCHT 1.B, Leathanach 7
### LOGÁIL ISTEACH

Cuardaigh níos mó eolais ar an idirlíon faoi chearta fostaíochta daoine óga. Féach an aimsíonn tú eolas faoi leibhéil íosphá agus faoi úsáid trealaimh. D'fhéadfá tosú leis na suíomhanna seo a leanas:

- http://www.irishstatutebook.ie/
- https://citizensinformation.ie
- https://workplacerelations.ie

Tagairt Dlí

- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, Cosaint Leanaí agus Daoine Óga, Caibidil 1 de Chuid 6

- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú).

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 1
Aonad 1, Cuid 3, Dlíthe sláinte agus sábháilteachta agus d'ionad oibre

## GNÍOMHAÍOCHT 1.C, Leathanach 10
## PLÉ RANGA

Léigí na sleachta seo a leanas as an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cén fáth a bhfuil siad sin in Acht 2005 dar libh? Cé chomh héifeachtach a bhíonn siad ag laghdú rátaí timpiste ag an obair, meas sibh?

### SLIOCHT A:

*'[beidh] ceanglais… ar fhostóirí maidir le:*
*… gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteoidh, a mhéid is indéanta go réasúnach, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair;*
*… pleananna agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bheidh le leanúint agus bearta a bheidh le déanamh i gcás éigeandála nó garchontúirte móire a ullmhú agus a athmheas, mar is cuí;*
*… tionóiscí agus teagmhais chontúirteacha a thuairisciú.'*

Alt 8 d'Acht 2005

Pléigí an chaoi a bhféadfadh fostóir na trí dhualgas sin a chomhlíonadh.

### SLIOCHT B:

*'Cinnteoidh gach fostóir… go soláthrófar teagasc, oiliúint agus maoirseacht i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is cuí, i dteanga is dóigh le réasún a thuigfidh an fostaí lena mbaineann.'*

Alt 10 d'Acht 2005

Cén fáth a bhfuil an fhoráil sin san Acht? Pléigí na deacrachtaí a bhainfeadh leis an dualgas sin a chomhlíonadh in ospidéal mór, cuir i gcás. Measaigí impleachtaí an dlí seo in eagraíocht a fhostaíonn oibrithe as go leor tíortha difriúla.

### SLIOCHT C:

*'Ní ghabhfaidh [fostaí] d'iompar míchuí nó d'iompraíocht eile ar dóigh dó nó di a shábháilteacht, a shláinte nó a leas féin ag an obair, nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt.'*

Alt 13 d'Acht 2005

Cén fáth a bhfuil an fhoráil sin san Acht? Cén chaoi a bhféadfadh iompar míchuí cur isteach ar shábháilteacht, sláinte agus leas duine eile? Cén éifeacht eile a bheadh ag iompar mar sin?

# GNÍOMHAÍOCHT 1.D, Leathanach 11
## CLEACHTADH AONAIR

As na dualgais seo a leanas, cé acu a mbíonn an lucht bainistíochta freagrach astu, agus cé acu a mbíonn na fostaithe freagrach astu? Athscríobh an liosta freagrachtaí sa cholún ceart. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh an fostaí agus an fostóir freagrach as an dualgas céanna.

- ionad oibre atá sábháilte agus sláintiúil ar chur ar fáil
- oiliúint a chur ar fáil
- éadach agus trealamh cosanta oiriúnach a chaitheamh
- guaiseacha san ionad oibre a shainaithint
- timpiste nó teagmhas dainséarach a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- ionadaí sábháilteachta a roghnú
- rochtain chuí le haghaidh seirbhísí éigeandála a chur ar fáil
- pionóis a íoc as sáruithe ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta
- an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi ghuais nua
- éadach agus trealamh cosanta oiriúnach a chur ar fáil
- rioscaí a bhaineann le hoibriú san fhoirgneamh a mheasúnú
- gan oibriú faoi thionchar an alcóil ná drugaí
- ráiteas sábháilteachta i scríbhinn a chur i gcrích
- cleachtaí dóiteáin cuí a reáchtáil
- trealamh a úsáid i gceart
- trealamh cosanta pearsanta lochtach a thuairisciú
- gan tabhairt faoi iompar míchuí ar nós bulaíochta nó pleidhcíochta
- trealamh a chothabháil go rialta
- socruithe speisialta a mheas le haghaidh oibrithe leochaileacha ar nós oibrithe faoi oiliúint
- insint do dhaoine eile faoi ghuaiseacha nua
- míniú a thabhairt ar a bhfuil le déanamh má tharlaíonn timpiste
- má tá ceimiceáin ag baint leis an obair, na lipéid sábháilteachta agus na bileoga sonraí sábháilteachta a léamh agus a úsáid.

| Freagrachtaí an Fhostóra | Freagrachtaí an Fhostaí |
| --- | --- |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## DEIREADH LE HAONAD 1: TÁSTÁIL GHASTA,
Leathanach 12

**C1.** Liostaigh trí fhreagracht a bhíonn ar fhostóir agus trí fhreagracht a bhíonn ar fhostaí.

**C2.** Cé na gníomhaíochtaí a chaithfidh d'fhostóir a chinntiú nach mbeidh tú neamhchosanta orthu?

**C3.** Cé mhéad uair an chloig a chaithfidh tú oibriú sula bhfaighidh tú sos 30 nóiméad?

**C4.** Céard é an aois íosta le haghaidh fostaíocht lánaimseartha rialta?

**C5.** Liostaigh trí rud thábhachtacha a chaithfear a phlé san oiliúint ionduchtúcháin.

## TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

- Foilseachán HSA 'Health and Safety Matters for Students on Work Experience'
- Cúrsa ar líne HSA 'Get Safe Work Safe' ar https://hsalearning.ie
- *Workplace Safety, Health and Welfare Induction* – Tá go leor eolas praiticiúil ar an gcúrsa seo le haghaidh ionduchtaithe, agus is féidir é a chur i láthair i suíomh seomra ranga. Tá ocht n-aonad ar an gcúrsa, dhá aonad éigeantacha a mhaireann 45 nóiméad, agus sé aonad roghnacha a mhaireann 20 nóiméad. Tá an cúrsa ar fáil ar https://hsalearning.ie
- Treoirlínte HSA 'Protection of Children and Young Persons'
- https://workplacerelations.ie
- https://citizensinformation.ie

# AONAD 2

## GUAISEACHA SAN IONAD OIBRE



### Ábhar an Aonaid


1 Treoirlínte don mhúinteoir
2 Guaiseacha agus measúnú riosca
3 Láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht
4 Sciorrthaí, tuislí agus titimí
5 Sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair
6 Gníomhaíochtaí an aonaid
7 Tuilleadh eolais




# GUAISEACHA SAN IONAD OIBRE

AONAD 2

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá an t-ábhar seo a leanas sa leabhar oibre 'Roghnaigh an tSábháilteacht' in **Aonad 2 Guaiseacha san Ionad Oibre**

- Cuid 1 Guaiseacha agus measúnú riosca
- Cuid 2 Láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht
- Cuid 3 Sciorrthaí, tuislí agus titimí
- Cuid 4 Sábháilteacht dóiteáin agus garchabhair

Cuireann Aonad 2 na téarmaí 'guais', 'riosca' agus 'beart rialaithe' i láthair. Pléitear an téarmeolaíocht sin arís agus arís eile in Roghnaigh an tSábháilteacht. Tá sé d'aidhm le hAonad 2 feasacht na scoláirí ar ghuaiseacha agus riosca san ionad oibre a mhéadú. Dírítear ar chuid de na príomhghuaiseacha a bhíonn i mbeagnach gach ionad oibre: láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, agus dóiteán.

## **AONAD 2,** CUID 1, GUAISEACHA AGUS MEASÚNÚ RIOSCA

Tugtar léargas achomair ar ghuaiseacha agus measúnú riosca ar leathanaigh 16 agus 17 de théacs an Scoláire. Mínítear naoi bPrionsabal an Choisc, agus tugtar breac-chuntas orthu ar chairt úsáideach (an chuid ghorm dhorcha ar leathanach 17). Tá Fíricí Gasta ar leathanach 18 de théacs an Scoláire ina dtugtar staitisticí reatha agus úsáideacha faoi thimpistí san ionad oibre.

Tá trí chéim sa phróiseas measúnaithe riosca.

- céim 1 — Sainaithin an ghuais
- céim 2 — Measúnaigh an riosca
- céim 3 — Cuir an Beart Rialaithe i bhFeidhm

Nuair atá riosca á mheasúnú, caithfear iad seo a leanas a sheiceáil:

1. Céard é an dóchúlacht go dtarlóidh gortú nó díobháil?
2. Cé chomh dian ar dócha go mbeadh sé sin?
3. Cé mhéad daoine a bhféadfaí dul i bhfeidhm orthu?

Is féidir riosca a thomhas leis an bhfoirmle seo a leanas:

**Riosca** = Dóchúlacht × Déine an ghortaithe fhéideartha

Nuair atá rioscaí á measúnú, tá sé tábhachtach freisin go gcuimhnítear ar líon na ndaoine a bhféadfadh an ghuais dul i bhfeidhm orthu. Bealach eile leis an riosca a thomhas ná le maitrís. Mar shampla, má thugann tú uimhir ó 1–3 do gach ceann díobh siúd thuas, le 1 = íseal agus 3 = ard, beidh an rátáil riosca idir 1 agus 9.

| Déine \ Dóchúlacht | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| 1 | Íseal 1 | Íseal 2 | Meánach 3 |
| 2 | Íseal 2 | Meánach 4 | Ard 6 |
| 3 | Meánach 3 | Ard 6 | Ard 9 |

## **AONAD 2,** CUID 2, LÁIMHSIÚ UALAÍ DE LÁIMH AGUS EIRGEANAMAÍOCHT

Tá easpa bainistíocht éifeachtach ar an nguais a bhaineann le láimhsiú ualaí de láimh ina cúis le haon trian de na timpistí san ionad oibre a thuairiscítear. Leagtar béim ar leathanach 24 de théacs an Scoláire gurb é an measúnú riosca an ghné is tábhachtaí den láimhsiú ualaí de láimh go sábháilte. Ba cheart cuimhneamh ar na tosca seo a leanas i gcás gníomhaíochtaí láimhsithe ualaí de láimh:

- Tasc
- An duine féin
- Ualach
- Timpeallacht

Tugtar tuilleadh eolais ar na tosca sin ar fad ar leathanaigh 24 agus 25 de théacs an Scoláire, ansin tugtar leideanna tábhachtacha don ardú sábháilte (le léaráid) ar leathanach 25, eolas faoin eirgeanamaíocht, agus Fíricí Gasta faoi neamhoird mhatánchnámharlaigh ar leathanach 26.

## **AONAD 2,** CUID 3, SCIORRTHAÍ, TUISLÍ AGUS TITIMÍ

Bíonn sciorrthaí, tuislí agus titimí ina gcúis le gortuithe agus am saor ón obair go minic. In 2020, tharla 1,898 teagmhas ag an obair mar gheall ar sciorradh nó titim (25.6% de na teagmhais ar fad a tuairiscíodh do HSA). Astu sin, ba thitim ón leibhéal céanna iad 78.9% agus ba thitim ó airde a bhí i gceist le 21%. Ó 2016, tá titimí fós ar cheann de na cúiseanna is mó le gortú ag an obair.

Tugtar eolas faoi sciorrthaí, tuislí agus titimí, príomhréimsí ar cheart machnamh a dhéanamh orthu ina measc, ar leathanaigh 29–31 de théacs an Scoláire.

## **AONAD 2,** CUID 4, SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN AGUS GARCHABHAIR

Gortaítear agus maraítear go leor daoine gach bliain mar gheall ar thine. Caithfidh fostóirí gach beart réasúnta a ghlacadh chun tine a sheachaint, agus bearta a phleanáil chun sábháilteacht daoine a chosaint má thosaíonn tine. Ba cheart go mbeadh córas bainistíochta sábháilteachta dóiteáin i ngach gnó atá bunaithe ar na trí phríomhchéim a leanas:


Cosaint → Brath → Aslonnú

Mar chuid den bheartas cosanta dóiteáin tá:

- caithfear a chur in iúl do na fostaithe ar fad a bhfuil le déanamh má thosaíonn tine
- caithfear na bealaí éalaithe a mharcáil go soiléir agus caithfidh na pointí tionóil a bheith so-aitheanta go héasca
- caithfidh gach duine a bheith an-eolach ar na nósanna imeachta aslonnaithe agus caithfear cleachtadh a dhéanamh ort go rialta
- caithfear an trealamh ar fad a scrúdú go rialta. Cabhraíonn braiteoirí dóiteáin, aláraim dóiteáin, doirse dóiteáin agus ábhar tógála tinedhíonach le leathadh tapa tine a chosc
- bíonn deimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán riachtanach le haghaidh gach foirgnimh nua agus le haghaidh nach mór gach athchóirithe nó sínte ar áitreabh gnó
- cabhraíonn soilse éigeandála agus trealamh comhraic dóiteáin le daoine a shábháil má thosaíonn tine
- i gcás dóiteáin, cuir gach duine amach as an bhfoirgneamh láithreach agus cuir fios ar an mbriogáid dóiteáin.

## CÉARD IS TINE ANN?

Is imoibriú ceimiceach í tine a dteastaíonn trí rud uaidh le go dtarlóidh sé:




Ocsaigin + Teas + Breosla = Tine

Mura bhfuil na trí rud seo ann, ní thosóidh tine. Má bhaintear ceann acu ón tine, múchfaidh sí. Ach cén chaoi a gcruthaíonn na trí rud le chéile tine?

Tugtar tuilleadh eolais faoi sin ar leathanaigh 32 agus 33 de théacs an Scoláire.

Pléitear teocht dó breoslaí éagsúla, staitisticí sábháilteachta dóiteáin, nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin san ionad oibre, agus múchtóirí dóiteáin ar leathanaigh 33 agus 34 de théacs an Scoláire.

Críochnaíonn Aonad 2, Cuid 4.1, leathanach 35 le roinnt eolas praiticiúil ar gharchabhair.

## Torthaí Foghlama

Nuair a chríochnaítear an t-aonad seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- guaiseacha a shainaithint agus a chatagóiriú
- sainmhíniú a thabhairt ar mheasúnú riosca
- breac-chuntas a thabhairt ar na guaiseacha a leanas agus a mbearta rialaithe faoi seach: láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair
- breac-chuntas a thabhairt ar phríomhphrionsabail na heirgeanamaíochta
- breac-chuntas a thabhairt ar leideanna tábhachtacha don ardú sábháilte.

# PLEANANNA CEACHTA MOLTA D'AONAD 2

1. Ceisteanna oscailte a bhfuil an rang le machnamh a dhéanamh orthu:
   **a.** Cén tuiscint atá agaibh ar na téarmaí 'guais', 'riosca', 'beart rialaithe'?
   **b.** An féidir deireadh a chur le gach guais? Cén fáth? D'fhéadfadh an rang samplaí a thabhairt de ghuaiseacha an ghnáthshaoil laethúil. Is féidir an plé a stiúradh go réidh anseo go dtí coincheap 'an mheasúnaithe riosca'. Ní féidir deireadh a chur le gach guais. Mar sin, tá sé tábhachtach go laghdaítear an dóchúlacht go dtarlódh timpiste trí 'bhearta rialaithe' a chur i bhfeidhm.
   **c.** Céard is brí le 'measúnú riosca'? D'fhéadfaí iarraidh ar na scoláirí breac-chuntas a thabhairt ar ghnáthghníomhaíochtaí laethúla a mbaineann riosca leo.
   **d.** Cé ba cheart tabhairt faoi mheasúnú riosca? Cén fáth a mbíonn measúnú riosca riachtanach in ionaid oibre?
2. I ndiaidh **Cleachtadh 1** a dhéanamh, d'fhéadfá iarraidh ar an rang gníomhaíochtaí a chur in ord riosca, gníomhaíochtaí ar nós spéirthumadóireachta, eitilte, tiomána, obair foirgníochta, gruagaireachta, srl. Chuirfeadh sé sin coincheap an riosca choibhneasta i láthair.
3. Déantar machnamh níos teicniúla i g**Cleachtadh 2** ar riosca a thomhas agus naoi bPrionsabal an Choisc.
4. Féach ar chleachtadh na n-ábhar **Teicneolaíochta** (leathanach 15 de Réamhfhocal an Mhúinteora) agus an cleachtadh **Ealaíne** (leathanach 11). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm le haghaidh Láimhsiú Ualaí de Láimh agus Eirgeanamaíochta.
5. Féach ar an eolas le haghaidh **Eacnamaíocht Bhaile** (leathanach 12 de Réamhfhocal an Mhúinteora). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm le haghaidh Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí.
6. I gcás **Ghníomhaíochtaí an Aonaid** (féach thíos), ba cheart do na scoláirí meas a dhéanamh ar a dtaithí féin go nuige sin nó aon taithí a bhí acu a mheas agus iad ag machnamh ar na ceisteanna.


## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 1, Guaiseacha agus measúnú riosca


## GNÍOMHAÍOCHT 2.A, Leathanach 19
## RANSÚ SMAOINTE


Déanaigí liosta de 25 guais a bhíonn ar scoil. Ná déanaigí dearmad go mbíonn guaiseacha gach áit, bíonn guaiseacha i ngach ionad oibre.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.B, Leathanach 19
## PLÉ RANGA

Tugann na híomhánna thíos léargas ar an gcaoi a bhféadfaí riosca a mheas mar íseal, meánach nó ard.
Cuimhnígí ar chúiseanna a gcuirtear na rátálacha sin i bhfeidhm.
Ar cheart rudaí eile a chur san áireamh nach léir ó na pictiúir (mar shampla, suíomh stad an bhus nó an t-am)?








# GNÍOMHAÍOCHT 2.C, Leathanach 19
## I MBEIRTEANNA

Úsáidigí an fhoirmle agus an mhaitrís seo a leanas chun an riosca a bhaineann leis na gníomhaíochtaí thuas a ríomh.

Riosca = Dóchúlacht
(1 = neamhdhóchúil, 2 = dóchúil,
3 = an-dóchúil)

X Déine an ghortaithe fhéideartha
(1 = is beag díobháil a bheadh ann,
2 = díobhálach, 3 = an-díobhálach)

| Déine ↓ / Dóchúlacht → | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| 1 | Íseal 1 | Íseal 2 | Meánach 3 |
| 2 | Íseal 2 | Meánach 4 | Ard 6 |
| 3 | Meánach 3 | Ard 6 | Ard 9 |

**Beidh raon freagraí i gceist, ón íosriosca (1) go dtí an t-uasriosca (9).**

# GNÍOMHAÍOCHT 2.D,
Leathanach 20
## CLEACHTADH AONAIR



**i.** Samhlaigh go bhfuil tú ag obair in oifig agus go mbíonn ort suí ag ríomhaire d'fhormhór an lae.

**a.** Déan liosta de na guaiseacha ar fad ar do dheasc oifige agus timpeall uirthi.

**b.** Rátáil riosca gach guaise a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. Abair cé acu seo atá fíor i gcás gach ceann:
- Is dócha go ngortófar duine (riosca ard)
- D'fhéadfadh go ngortófaí duine (riosca meánach)
- Is beag seans go ngortófaí duine (riosca íseal)

**c.** Ríomh luach uimhriúil (1 go 9) le haghaidh gach riosca.

| **Guais** | Riosca ard (luach) | Riosca meánach (luach) | Riosca íseal (luach) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**ii.** Samhlaigh go bhfuil tú ag obair mar chúntóir fiaclóireachta. Tabhair faoi cheisteanna a, b agus c thuas arís.

| **Guais** | Riosca ard (luach) | Riosca meánach (luach) | Riosca íseal (luach) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# GNÍOMHAÍOCHT 2.E, Leathanach 20
## I MBEIRTEANNA

Cuirigí bhur liostaí i gcomparáid i mbeirteanna. Déanaigí iarracht liosta comónta guaiseacha agus an leibhéal riosca a bhaineann leo a chomhaontú. Tuairisceoidh duine agaibh ar ais don rang.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.F, Leathanach 21
# CLEACHTADH AONAIR

Meas tú an bhfuil an méid seo a leanas fíor nó bréagach?

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| 1 | Is é an droim an chuid den cholainn is mó a ghortaítear (i dtimpistí san ionad oibre). | ✓ | |
| 2 | Is é sciorradh nó titim an chúis is lú a dtarlaíonn timpistí san ionad oibre. | | ✓ |
| 3 | Tá an fostaí freagrach as a chinntiú go ndéantar measúnuithe riosca. | | ✓ |
| 4 | Is ionann guais agus aon rud a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. | ✓ | |
| 5 | Ní bhíonn guaiseacha soiléir i gcónaí. | ✓ | |
| 6 | Bíonn láimhsiú ualaí de láimh i gceist le beagnach aon trian de na teagmhais neamh-mharfacha a thuairiscítear do HSA. | ✓ | |
| 7 | Is é chéad phrionsabal an choisc an obair a chur in oiriúint don duine féin. | | ✓ |
| 8 | Bhí 'láimhsiú ualaí de láimh' agus 'Sciorradh nó titim' i measc na ngortuithe neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh de réir cúise (2020). | | ✓ |

## Nóta don Mhúinteoir:

Tugtar na freagraí i dtéacs an Mhúinteora amháin. Tá na léaráidí agus an phíchairt a bhaineann le Gníomhaíocht 2.F ar leathanach 18 de Leabhar Oibre an Scoláire.

Úsáidtear an téarma **cúis** chun cur síos a dhéanamh ar an bhfáth ar tharla teagmhas. Léirítear sa phíchairt (leathanach 18, Leabhar Oibre an Scoláire) na 5 ghortú neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh do HSA in 2020, de réir cúise, sa chás gur sainaithníodh cúis shoiléir. Ba é an chúis aonair ba choitianta láimhsiú ualaí de láimh as ar eascair gortú inmheánach (2,229, 30.1%). Tharla 1,898 teagmhais ag an obair mar gheall ar sciorradh nó titim (25.6%). Astu sin, ba thitim ón leibhéal céanna iad 78.9% agus ba thitim ó airde a bhí i gceist le 21.0%. Bhí láimhsiú ualaí de láimh agus titimí in éindí i gceist le breis agus leath de na teagmhais neamh-mharfacha a tuairiscíodh do HSA in 2020.

As an 857 teagmhas neamh-mharfach a bhain le hearraí, innealra agus feithiclí ag dul ó smacht, bhain 30.9% le feithiclí ag dul ó smacht, bhain 25.1% le huirlisí láimhe ag dul ó smacht, agus bhain 18.7% le hearraí ar a rabhthas ag obair ag dul ó smacht.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.G, Leathanach 22
# CLEACHTADH AONAIR

Liostaigh na gníomhaíochtaí a dhéanann tú ó lá go lá ina mbíonn riosca gortaithe de shaghas éigin, ansin chomhlánaigh an chuid eile den tábla seo.

| Gnáthghníomhaíocht | An méid a d'fhéadfadh dul in aimhréidh | An seans go dtarlódh sé sin | **Bearta Rialaithe** |
|---|---|---|---|
| ag rothaíocht chun na scoile | titim, bualadh faoi rud éigin, dul i bhfostú sa rothar, leagan, teip ar an trealamh, an rothar ag dul ó smacht | riosca meánach go riosca ard (seans maith go dtarlódh timpiste agus d'fhéadfadh an gortú a bheith dian nó marfach) | Caith clogad agus trealamh cosanta<br>Bí an-infheicthe<br>Cloígh le rialacha an bhóthair ina n-iomláine<br>Seachain bealaí contúirteacha<br>Téigh níos moille<br>Déan cothabháil ar do rothar |
| cluichí ríomhaireachta | fadhbanna súl<br>pian matán<br>leictreamharú<br>tinnis cinn<br>strus, éirí róthógtha leo | riosca íseal (míchompord beag dóchúil, seachas má úsáidtear iad an iomarca) | Úsáid ar feadh tréimhsí gairide amháin<br>Glac sos go minic<br>Athraigh airde na cathaoireach, na deisce, VDU de réir mar is gá<br>Caith spéaclaí más gá<br>Athraigh rialuithe VDU de réir mar is gá<br>Cuimhnigh ar an solas sa seomra |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# GNÍOMHAÍOCHT 2.H, Leathanach 22
# I NGRÚPAÍ

I dtriúir, roghnaígí seomra ranga sa scoil ina ndéantar tascanna praiticiúla, m.sh. an seomra Ealaíne, an seomra Eacnamaíochta Baile, an seomra TFC, an tSaotharlann Eolaíochta, an seomra Teicneolaíochta.

1. Cuirigí seicliosta guaiseacha i dtoll a chéile don seomra a roghnaigh sibh.
2. Úsáidigí an seicliosta sin chun na guaiseacha sa seomra a shainaithint agus a chatagóiriú, ag tagairt don mhéid a d'fhoghlaim sibh go dtí seo.
3. Nuair atá an méid sin déanta agaibh, measúnaígí an leibhéal riosca trína chinneadh cé a d'fhéadfaí a ghortú agus cén chaoi. Ba cheart smaoineamh ar:
    - an líon daoine atá neamhchosanta ar an nguais
    - chomh minic a bhítear neamhchosanta ar an nguais
    - chomh fada a bhítear neamhchosanta ar an nguais
    - cineálacha teipeanna féideartha
    - bealaí neamhchosanta.

Ríomhaigí an leibhéal riosca agus sainaithnígí an riosca ard, meánach nó íseal í an ghuais.

4. Deimhnígí cé na bearta rialaithe atá i bhfeidhm chun an ghuais a bhainistiú agus cé na bearta rialaithe eile a chaithfear a chur i bhfeidhm chun an riosca go dtarlóidh gortú agus drochshláinte a laghdú.
Ná déanaigí dearmad go sonraítear na híoscheanglais (an méid is lú atá riachtanach) don ionad oibre i reachtaíocht, cóid chleachtais agus caighdeáin.

Nuair atá an tionscadal thuasluaite críochnaithe agaibh, seans go mbeidh tú in ann an seicliosta guaiseacha sin a úsáid chun an seomra ranga a roghnaigh an grúpa a choinneáil sábháilte le haghaidh scoláirí, na foirne agus cuairteoirí.

**Nóta don Mhúinteoir:**
Tá treoirlínte maidir le bainistiú sábháilteachta agus sláinte in iar-bhunscoileanna ar fáil ar hsa.ie/education.

# GNÍOMHAÍOCHT 2.I, Leathanach 23
## CÁ BHFUIL AN GHUAIS?

Mar rang, breathnaígí ar an bpictiúr ar leathanach 23 den téacsleabhar. Céard a d'fhéadfadh duine a ghortú sa phictiúr seo – céard iad na 'guaiseacha'?




**Nóta don Mhúinteoir:**

**Tá 5 ghuais sa phictiúr seo:**

1. Múchtóir dóiteáin in úsáid mar stop dorais.
2. Cábla leictreach sínte thar bhealach siúil.
3. Fillteáin sa bhealach ar bhealach siúil.
4. Doras comhadchaibinéid fágtha ar oscailt.
5. Boscaí stóráilte ar airde dhainséarach.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 2, Láimhsiú ualaí de láimh agus eirgeanamaíocht



# GNÍOMHAÍOCHT 2.J, Leathanach 27
## PLÉ RANGA

1. Céard atá ag tarlú anseo?
2. An bhfuil an stáisiún oibre socraithe i gceart?
3. An gceapann sibh go bhfuil an scáileán, an méarchlár agus an luchóg san áit cheart?
4. An gceapann sibh gur timpeallacht oibre riosca ísil í an oifig?
5. Liostaígí ceithre ghuais a bhaineann le hoibriú in oifig.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.K, Leathanach 27
## I NGRÚPAÍ

Faighigí boscaí nó gabhdáin chairtchláir nó phlaisteacha atá glan agus éadrom. D'fhéadfadh go mbeadh a leithéid ag an múinteoir sa rang cheana féin. Úsáidigí meascán gabhdán más fearr libh. Cuirigí na gabhdáin ar an urlár agus tosaígí ag cur earraí éadroma iontu, ar nós buidéil phlaisteacha, liathróidí leadóige nó a leithéid. Cuimhnígí ar an gcaoi a bhféadfaí an ghníomhaíocht seo a fheabhsú chun tosca riosca eirgeanamaíochta nó láimhsithe ualaí de láimh a chosc.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.L, Leathanach 27
## CLEACHTADH AONAIR

Cuimhnigh ar na seilfeanna seo atá i limistéar stórála. Tá ceithre sheilf ann. Tá an t-aonad 2.5 méadar (8 dtroithe) ar airde ón urlár. Cinn cár cheart na catagóirí bosca stórála seo a leanas a chur.




## GNÍOMHAÍOCHT 2.M, Leathanach 28
## I MBEIRTEANNA

Breathnaígí ar an dá shraith íomhánna thíos. Mínígí an chaoi ar feabhsaíodh an córas oibre sa dá thimpeallacht trí phrionsabail na heirgeanamaíochta a chur i bhfeidhm.












Tá níos mó íomhánna mar sin ar fáil ar **hsa.ie** trí 'manual handling case studies' a chuardach.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 3, Sciorrthaí, tuislí agus titimí

## GNÍOMHAÍOCHT 2.N,
Leathanach 31
### PLÉ RANGA

Dá mbeadh sibhse ag obair anseo, céard a dhéanfadh sibh chun sciorradh a sheachaint?



**Nóta don Mhúinteoir:**
Freagraí ar Ghníomhaíocht 2.N Plé Ranga

1. Úsáid bacainní nó comharthaí chun a chur in iúl do dhaoine gur doirteadh rud éigin ar an urlár.
2. Glan an leacht a doirteadh láithreach.
3. Má tá an leacht gréisceach, bí cinnte oibreán oiriúnach glantacháin a úsáid.
4. Más féidir, triomaigh an t-urlár.
5. Más féidir, eagraigh glantachán do dheireadh an lae.
6. Nuair a bhíonn an t-urlár tirim, bain anuas an bhacainn nó an comhartha.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.O,
Leathanach 31
### I NGRÚPAÍ

I mbeirteanna, déanaigí suirbhé sciorrthaí, tuislí agus titimí ar cheann de na seomraí ranga (roghnaígí seomra ina dtarlaíonn gníomhaíocht phraiticiúil, ar nós Eacnamaíocht Bhaile nó an seomra Ealaíne). Úsáidigí an cur chuige san Uirlis Mapála chun measúnú riosca maidir le sciorrthaí, tuislí agus titimí a dhéanamh.

- Féach ar hsa.ie/slips le haghaidh eolas úsáideach agus nasc chuig an Uirlis Mapála.
- Tá ríomhleagan den téacsleabhar Roghnaigh an tSábháilteacht seo ar fáil ar hsa.ie/education

hsa.ie/slips

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 2
Aonad 2, Cuid 4, Sábháilteacht dóiteáin

## GNÍOMHAÍOCHT 2.P, Leathanach 35
## PLÉ RANGA

Cé na nósanna imeachta éigeandála atá i bhfeidhm sa scoil nó in bhur n-ionad oibre?
Cá bhfuil an t-ionad tionóil dóiteáin?

## GNÍOMHAÍOCHT 2.Q, Leathanach 35
## CLEACHTADH AONAIR

Aimsigh an 12 fhocal a bhaineann le tine agus teas atá i bhfolach anseo thíos.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | S | S | E | M | L | S | Ú | I | L | T | S |
| P | D | Á | P | E | U | B | C | Í | O | A | T |
| L | Í | G | F | H | A | R | M | H | L | F | E |
| A | B | R | D | Ó | I | T | E | Á | N | P | O |
| N | C | F | G | R | T | E | B | N | S | M | C |
| C | R | D | Ó | C | H | Á | N | G | P | N | H |
| D | Ó | M | B | I | T | R | U | H | T | R | T |
| R | G | H | M | D | É | O | C | S | A | Í | D |
| Ú | C | A | O | C | O | D | E | N | I | T | P |
| C | D | P | L | É | A | S | C | A | D | H | Ó |

**Réiteach:** Aibhsítear anseo thíos an 12 fhocal a bhaineann le tine agus teas atá i bhfolach.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | S | S | E | M | L | S | Ú | I | L | T | S |
| P | D | Á | P | E | U | B | C | Í | O | A | T |
| L | Í | G | F | H | A | R | M | H | L | F | E |
| A | B | R | D | Ó | I | T | E | Á | N | P | O |
| N | C | F | G | R | T | E | B | N | S | M | C |
| C | R | D | Ó | C | H | Á | N | G | P | N | H |
| D | Ó | M | B | I | T | R | U | H | T | R | T |
| R | G | H | M | D | É | O | C | S | A | Í | D |
| Ú | C | A | O | C | O | D | E | N | I | T | P |
| C | D | P | L | É | A | S | C | A | D | H | Ó |

Dóchán
Splanc
Tine

Las
Luaith
Gal

Dé-ocsaíd
Gás
Dóiteán

Pléascadh
Teocht
Cúr

## GNÍOMHAÍOCHT 2.R,
Leathanach 36
## I NGRÚPAÍ

Roinnigí an rang ina ghrúpaí beaga. Iarraigí cead na múchtóirí dóiteáin ar fad sa scoil a aimsiú agus nóta a breacadh díobh. Cuirigí an méid a fhoghlaimíonn sibh i láthair an ranga.

Nó

Déanaigí machnamh ar an gcleachtadh aslonnaithe dóiteáin ar scoil. An gcloítear leis? An leor é dar libh? Cén chaoi a bhfeabhsódh sibh é?

## GNÍOMHAÍOCHT 2.S,
Leathanach 36
## PLÉ RANGA

Céard atá mícheart leis an mbealach éalaithe dóiteáin seo?




## BUNACHAR FOCAL

Críochnaigh Aonad 2 trí iarraidh ar an rang a mBunachar Focal a chur i dtoll a chéile leis na téarmaí a d'fhoghlaim siad ó Aonad 2.

## DEIREADH LE HAONAD 2: TÁSTÁIL GHASTA,
Leathanach 36

**C.1** Céard atá i gceist le guais?

**C.2** Cén fáth a mbíonn gá le bearta rialaithe?

**C.3** Tabhair cúig shampla de ghuaiseacha sciorrthaí, tuislí agus titimí a bhíonn in go leor ionaid oibre.

**C.4** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoin gcaoi le hearraí a láimhsiú agus a ardú?

**C.5** Cén chaoi a bhfeabhsaítear gníomhaíochtaí oibre chun tosca riosca láimhsithe ualaí de láimh a laghdú nó a sheachaint?

**C.6** Mínigh triantán na tine.

**C.7** Déan liosta de cheithre chineál múchtóirí agus an cineál tine a mhúchann siad.

**C.8** An bhfuil sé éigeantach garchabhróir ceirde oilte a bheith i ngach ionad oibre?

## TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

- Guidance on the Prevention and Management of Musculo-Skeletal Disorders in the Workplace
- Ergonomics in the Workplace – HSA ISBN 1-84496-036-6
- Ergonomics Good Practice in the Irish Workplace
- Manual Handling Assessment Charts (MAC tool) ar https://www.hse.gov.uk/
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Manufacturing Sector
- An Introduction to the Management of Manual Handling in Construction
- Guidance on the Management of Manual Handling in Healthcare
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Hospitality Sector
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Retail Sector
- Manual Handling Videos Series 1 and 2
- Slips, Trips and Falls



# AONAD 3
## DO PHOST A DHÉANAMH

### Ábhar an Aonaid


1 Treoirlínte don mhúinteoir
2 Obair ar airde
3 Sábháilteacht iompair san ionad oibre
4 Ceimiceáin
5 Feirmeoireacht
6 Fáilteachas
7 Trealamh cosanta pearsanta (PPE)
8 Gníomhaíochtaí an aonaid
9 Tuilleadh eolais




# DO PHOST A DHÉANAMH

AONAD 3

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá an t-ábhar seo a leanas sa leabhar oibre 'Roghnaigh an tSábháilteacht' in **Aonad 3 Do Phost a Dhéanamh**

- Cuid 1 Obair ar airde
- Cuid 2 Sábháilteacht iompair san ionad oibre
- Cuid 3 Ceimiceáin
- Cuid 4 Feirmeoireacht
- Cuid 5 Fáilteachas
- Cuid 6 Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)

## **AONAD 3,** CUID 1, OBAIR AR AIRDE

Is ionann obair ar airde agus obair in aon áit óna bhféadfadh fostaí titim achar a d'fhéadfadh díobháil phearsanta a chruthú. Áirítear leis sin oibriú ar scafall nó ar ardán soghluaiste, oibriú ar chúl leoraí, ar chuaille, ar dhréimire, srl.

**Áirítear le gníomhaíochtaí oibre a aicmítear mar oibriú ar airde agus a chlúdaítear sna Rialacháin maidir le hObair ar Airde:**

- cicstól nó dréimire taca a úsáid i seomra stoic nó leabharlann
- ardán oibre ardaithe soghluaiste a úsáid chun obair chruach a chur in airde
- ardáin oibre agus dréimirí a úsáid le haghaidh péinteála nó glantacháin
- lampaí nó tíleanna síleála in oifig a athrú
- oibriú ar chúl leoraí chun leathán a chur ar ualach
- oibriú ar bharr trucaile breosla
- crainn nó cuaillí a dhreapadh
- soilse a rigeáil le haghaidh ceolchoirme nó léiriúchán stáitse
- úmacha agus rópaí a úsáid go gairmiúil chun rópadóireacht anuas nó ailleadóireacht a mhúineadh
- oibriú gar do láithreán tochailte oscailte nó comhla thógála siléir
- póstaer a chrochadh ar airde
- scafall a chur in airde nó oibriú ar scafall
- oibriú ar mhúnlóireacht ar airde.

Áirítear le gníomhaíochtaí nach gclúdaítear sna Rialacháin maidir le hObair ar Airde:

- siúl suas agus anuas ar staighre in oifig
- oibriú in oifig ar na hurláir uachtaracha i bhfoirgneamh cóiríochta sealadach
- suí ar chathaoir.




Bíonn haistí siléir in go leor áitreabh. Féadann haistí siléir a bheith an-dainséarach agus tá sé an-tábhachtach go nglactar na bearta cosanta cuí. Bíonn bearta eagraíochta riachtanach chun a chinntiú go n-úsáidtear haistí siléir go sábháilte.

## RUDAÍ LE MEAS:

- Seachain obair ar airde más féidir
- iarr ar d'fhostóir an féidir an jab a dhéanamh ón talamh, mar shampla, trí scuab insínte a úsáid chun urlár thuas staighre a ghlanadh
- roghnaigh trealamh atá oiriúnach don obair ar airde. Más gá dréimirí a úsáid, cinntigh go bhfuil sé sábháilte iad a úsáid. Seiceáil go bhfuil bail mhaith orthu sula n-úsáideann tú iad, agus gur socraíodh agus gur daingníodh i gceart iad.
- má tá an obair ar airde taobh amuigh, déan an aimsir a mheas.

**Éilítear sna Rialacháin maidir le hObair ar Airde ar fhostóirí agus ar dhaoine féinfhostaithe go gcinnteoidís an méid seo a leanas:**

- seachnaítear an obair ar airde ar fad nuair is féidir
- déantar an obair ar airde ar fad a phleanáil, a eagrú, a mhaoirsiú agus a chur i gcrích go cuí
- bíonn an áit a ndéantar an obair ar airde sábháilte
- cuirtear an aimsir san áireamh roimh an obair ar airde ar fad
- cuirtear treoir agus oiliúint ar na hoibrithe
- déantar cigireacht ar an trealamh sula n-úsáidtear é
- úsáidtear an trealamh is oiriúnaí.

# AONAD 3, CUID 2, SÁBHÁILTEACHT IOMPAIR SAN IONAD OIBRE

Gach bliain, tarlaíonn líon mór timpistí mar gheall ar fheithiclí ag an obair. Toisc go n-úsáidtear feithiclí go forleathan gach lá, go minic ní aithníonn fostóirí, bainisteoirí ná fostaithe go bhféadfadh gníomhaíochtaí feithiclí a bheith dainséarach san ionad oibre agus go gcaithfear iad a rialú agus a bhainistiú go héifeachtach chun gortuithe a chosc. Tarlaíonn roinnt timpistí toisc nach mbíonn an fheithicil oiriúnach don tasc, go mbíonn sí lochtach nó nach gcothabháiltear i gceart í nó go gcothabháiltear í le cleachtais chontúirteacha nó déanann foireann gan oiliúint í a chothabháil. Tarlaíonn timpistí go minic freisin toisc nach gcuirtear cosc ar choisithe dul isteach i limistéir feithiclí nó toisc nach gcuirtear tiománaithe faoi oiliúint.

Caithfidh fostóirí agus daoine féinfhostaithe a bheith ar an eolas faoi na príomhrioscaí a bhaineann le feithiclí a chaithfear a bhainistiú chun oibrithe agus an pobal a chosaint san ionad oibre.

Is iad na gníomhaíochtaí is mó a bhaineann le básanna agus gortuithe feithiclí:

- tiomáint don obair
- cúlú agus gluaiseachtaí malla
- cúpláil agus díchúpláil
- cothabháil agus deisiúcháin feithiclí
- lódáil, dílódáil agus daingniú ualaigh.

## Saintréithe d'Ionad Oibre Sábháilte

Beidh bealaí tráchta, comharthaíocht agus marcanna oiriúnacha in ionad oibre atá dea-dheartha agus faoi chothabháil. Is saintréithe tábhachtacha freisin iad coisithe agus feithiclí a choinneáil scartha óna chéile, córas aontreo agus infheictheacht mhaith.

## Bealaí Tráchta

Cabhróidh bealaí tráchta oiriúnacha, soiléire, a bhfuil comharthaí in airde orthu agus a bhfuil marcanna maithe orthu le gluaiseacht shábháilte do chách timpeall ar an ionad oibre a chinntiú.

## Comharthaíocht

Cabhróidh comharthaí cuí le tiománaithe agus coisithe cloí le rialacha an láithreáin.

## Sábháilteacht Coisithe

Is iad na coisithe na daoine a bhíonn ag taisteal de shiúl na gcos san ionad oibre. Cabhraíonn scaradh éifeachtach coisithe ó fheithiclí (a mhéad is féidir) le rioscaí féideartha a dhíbirt. Cabhróidh bealaí coisithe oiriúnacha, soiléire, a bhfuil comharthaí in airde orthu agus a bhfuil marcanna maithe orthu lena chinntiú go mbeidh coisithe in ann gluaiseacht thart go sábháilte agus nach mbeidh siad i mbaol a ngortaithe.

Fiosraítear sábháilteacht coisithe agus sábháilteacht forcardaitheoirí arís ar leathanaigh 41 agus 42 de théacs an Scoláire.

# AONAD 3, CUID 3, CEIMICEÁIN

Is cuid den saol laethúil iad ceimiceáin. Bíonn siad le fáil sa bhaile i raon leathan táirgí, ó phéint agus púdar níocháin go seampú agus gallúnach. Bíonn siad le fáil sa timpeallacht thart orainn freisin, bíodh sin d'aon turas, mar shampla ó lotnaidicídí a úsáidtear sa ghairdín, nó de thimpiste mar gheall ar thruailliú. Bíonn ceimiceáin ar fáil i ngach ionad oibre freisin; fiú san oifig is glaine agus is nua-aimseartha, d'fhéadfaí a bheith neamhchosanta ar cheimiceáin go rialta, ar nós dúch agus tonóirí.

**Tá go leor cineálacha difriúla ceimiceán ann:**

- Dusta, múch, snáithíní, púdair
- Leachtanna
- Gáis, gal, ceocháin

Ní bhíonn gach ceimiceán díobhálach, ach tugtar ceimiceáin ghuaiseacha ar na cinn sin a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do shláinte an duine nó don chomhshaol.

**Áirítear le guaiseacha a bhaineann le ceimiceáin:**

| | |
|---|---|
| Pléascach | Carcanaigin |
| Inlasta | Só-ghineach |
| Ocsaídiú | Tocsaineacht maidir le síolrú |
| Creimneach | Guaiseach don chomhshaol |
| Greannach | |
| Íogróir | |

AONAD 3 DO PHOST A DHÉANAMH

Is féidir éifeachtaí na gceimiceán guaiseach a fheiceáil:


- díreach i ndiaidh na teagmhála: mar shampla, dó ceimiceach nó pléascadh
- tar éis tamaill: ailse, mar shampla.

Cuimsítear freisin in Aonad 3, Cuid 3 de théacs an Scoláire:

- Cén chaoi a mbíonn ceimiceáin guaiseach don tsláinte?, leathanach 43
- Cá bhfaightear eolas faoi ghuaiseacha ceimiceáin?, leathanach 44
- fíricí gasta faoi tháibléid/chapsúil/fhaighneoga níocháin éadaí, leathanach 44
- eolas úsáideach ar lipéid, lena n-áirítear léaráidí, leathanaigh 44 agus 45
- bileog sonraí sábháilteachta, leathanach 46
- noda nótáilte, nuair a iarrtar ort ceimiceán a úsáid san ionad oibre, leathanach 47.

## AONAD 3, CUID 4, FEIRMEOIREACHT

Is earnáil oibre lena mbaineann riosca ard í an fheirmeoireacht. Ba thimpistí feirme an cion is mó de na básanna san ionad oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i rith 2020. I rith 2020 amháin, maraíodh 23 duine san earnáil talmhaíochta.




Básanna 2011–2020 a bhain leis an obair i dTalmhaíocht, de réir aoise (oibrithe agus neamh-oibrithe):

Os cionn 65 bliain d'aois **97**

Faoi bhun 18 mbliana d'aois **21**

LÍON NA MBÁSANNA A BHAIN LEIS AN OBAIR I DTALMHAÍOCHT 2011–2020

Fiosraítear arís príomhchúiseanna na dtimpistí ar fheirmeacha agus bealaí lena gcosc i gCuid 4 de théacs an Scoláire, leathanach 49. Breathnaítear freisin ar Innealra Cumhachtdúiseachta, Scileanna Sábháilte Tarracóra, Feithiclí Ilraoin/Cuadrothair, leathanaigh 49 agus 50.

## AONAD 3, CUID 5, FÁILTEACHAS

Bíonn go leor daoine óga fostaithe san earnáil fáilteachais. Is ionaid oibre ghnóthacha agus ghníomhacha iad sin ina mbíonn go leor guaiseacha. Is iad láimhsiú ualaí de láimh agus sciorrthaí, tuislí agus titimí na cúiseanna is coitianta a tharlaíonn timpistí san earnáil seo. Clúdaíodh iad sin in Aonad 2. Tugtar breac-chuntas ar chúiseanna eile a tharlaíonn timpistí agus bearta rialaithe coisc ar leathanach 51 de théacs an Scoláire.

## AONAD 3, CUID 6, TREALAMH COSANTA PEARSANTA (PPE)

Críochnaítear Aonad 3 le sracfhéachaint ar threalamh cosanta pearsanta, nó PPE. Cinntear soláthar agus úsáid PPE trí mheasúnú riosca. Ba cheart na bearta rialaithe ar fad a chur i bhfeidhm roimh nó in éineacht le PPE. Tugtar noda nótáilte faoi úsáid PPE ar leathanach 53 de théacs an Scoláire.

## Torthaí Foghlama

Nuair a chríochnaítear an t-aonad seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- breac-chuntas a thabhairt ar na príomhrudaí le meas nuair atáthar ag obair ar airde
- liosta a dhéanamh de na réamhchúraimí le glacadh thart ar ghléasanna iompair san ionad oibre
- cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann ceimiceáin díobháil
- breac-chuntas a thabhairt ar úsáid Bileog Sonraí Sábháilteachta
- lipéid ar tháirgí ceimiceacha a aithint, picteagraim guaiseacha ina measc
- breac-chuntas a thabhairt ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe i dtaca le PPE
- na guaiseacha a bhaineann le dhá earnáil oibre thábhachtacha – feirmeoireacht agus fáilteachas – a shainaithint

# PLEANANNA CEACHTA MOLTA D'AONAD 3

1. Iarr ar na scoláirí liosta a dhéanamh de na gníomhaíochtaí oibre a dhéanann siad agus na rioscaí lena mbaineann dá sláinte agus sábháilteacht. Bíodh plé ranga agaibh faoin gcaoi leis an ngníomhaíocht oibre a dhéanamh níos sábháilte.
2. D'fhéadfaí a iarraidh ar na scoláirí míniú a thabhairt ar an gcúis a mbíonn lipéid ar tháirgí ceimiceacha, cé na táirgí ceimiceacha a úsáidtear sa bhaile, agus cén chaoi ar cheart iad a stóráil agus a láimhsiú.
3. Bíonn láimhsiú ualaí de láimh agus sciorrthaí, tuislí agus titimí ina gcúis le cion mór de na timpistí san ionad oibre. D'fhéadfadh na scoláirí scrúdú a dhéanamh ar an áit is mó seans a mbeadh na guaiseacha sin ina bpost nó a dtaithí oibre, agus ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm chun timpistí a chosc.
4. Féach ar **chleachtadh na n-ábhar Eolaíochta** (leathanach 14 de Réamhfhocal an Mhúinteora). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm le haghaidh Ceimiceán.
5. Féach ar an eolas le haghaidh **Eacnamaíocht Bhaile** (leathanach 12 de Réamhfhocal an Mhúinteora). Is féidir é sin a chur i bhfeidhm le haghaidh Fáilteachais.
6. Críochnaigh an tAonad trí iarraidh ar na scoláirí níos mó focal a chur lena mBunachar Focal féin nó ceann an ghrúpa.
7. I gcás **Ghníomhaíochtaí an Aonaid**, ba cheart do na scoláirí meas a dhéanamh ar a dtaithí féin go nuige sin nó aon taithí a bhí acu a mheas agus iad ag machnamh ar na ceisteanna.

## Breac Nótaí

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3
Aonad 3, Cuid 1, Obair ar airde

## GNÍOMHAÍOCHT 3.A, Leathanach 40
## I MBEIRTEANNA

I mBeirteanna

1. Déanaigí liosta d'ionaid oibre ina mbítear ag obair ar airde go rialta.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

2. Déanaigí liosta de na cineálacha gortuithe a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar obair ar airde.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

3. Cuimhnígí ar na bearta rialaithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm do phéire de na hionaid oibre a d'ainmnigh sibh i gceist 1 thuas.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

4. Déanaigí liosta den trealamh cosanta pearsanta (PPE) a d'fhéadfadh cabhrú le timpiste nó gortú le linn obair ar airde a sheachaint.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

### **Nóta don Mhúinteoir:** Gníomhaíocht 3.A

**Gairmeacha ina mbítear ag obair ar airde go rialta:**

- Tógálaithe
- Siúinéirí
- Leictreoirí
- Gloineadóirí
- Innealtóirí Téimh agus Aerála
- Péintéirí/Maisitheoirí
- Pluiméirí
- Díonadóirí
- Glantóirí simléar

**Gortuithe móra de bharr obair ar airde**

- Géaga briste
- Cnámha briste
- Teascadh
- Cur as alt (gualainn, cromán, glúin, cnámh droma)
- Dochar inchinne (gortuithe don chloigeann)
- Comhtholgadh agus neamhaireachtáil

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3
Aonad 3, Cuid 2, Sábháilteacht iompair san ionad oibre

### GNÍOMHAÍOCHT 3.B, Leathanach 42
I NGRÚPAÍ

Rinneadh taighde ar son an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) le deireanaí inar tugadh le fios go ndúirt an 111 eagraíocht a ndearnadh suirbhéireacht orthu go mbíonn coisithe ag siúl thart ina n-ionad oibre.

Ar an drochuair, chreid 45% de na heagraíochtaí sin nach raibh coisithe ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le cúrsaí iompair san ionad oibre.

D'fhéadfadh fostaithe, an pobal nó oibrithe ar cuairt siúl gar d'fheithiclí san ionad oibre. D'fhéadfadh gur innealtóir cothabhála ag dul isteach ar láithreán, nó custaiméir ag siúl gar d'fhorcardaitheoir san ollmhargadh nó i gclós soláthraí tógálaithe, nó fiú duine éigin ag siúl gar do chrann tógála soghluaiste a bheadh sa choisí.

**An dúshlán** – 'Céard is féidir libh a dhéanamh chun na coisithe ar fad a choinneáil sábháilte?'

I ngrúpaí triúir, **roghnaígí ionad oibre ón alt thuas** agus cuimhnígí ar réitigh chun na coisithe a choinneáil sábháilte agus pléigí na tairbhí a bhainfeadh leis na réitigh sin.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3
Aonad 3, Cuid 3, Ceimiceáin

### GNÍOMHAÍOCHT 3.C, Leathanach 43
I MBEIRTEANNA

Úsáidigí foclóir nó suíomh gréasáin chun míniú na bhfocal sna boscaí thíos *(thuas i dtéacs an Scoláire)* a aimsiú.


**Tá go leor cineálacha difriúla ceimiceán ann:**

- Dusta, múch, snáithíní, púdair
- Leachtanna
- Gáis, gal, ceocháin

**Áirítear le guaiseacha a bhaineann le ceimiceáin:**

- Pléascach
- Inlasta
- Ocsaídiú
- Creimneach
- Greannach
- Íogróir
- Carcanaigin
- Só-ghineach
- Tocsaineacht maidir le síolrú
- Guaiseach don chomhshaol

AONAD 3 DO PHOST A DHÉANAMH




Caithfear an tsiombail nó an picteagram guaise cuí a chur ar lipéad ceimiceán guaiseach.

## GNÍOMHAÍOCHT 3.D, Leathanach 44
## CLEACHTADH GRÚPA / PLÉ RANGA

Meaitseálaigí an liosta guaiseacha thíos leis an bpicteagram guaise lena mbaineann ón íomhá thuas: (Tugtar na freagraí cearta i gcolúin 2 agus 4.)

| Guais | Uimhir an Phicteagraim | Guais | Uimhir an Phicteagraim |
|---|---|---|---|
| Pléascach | 7 | Creimneach | 8 |
| Ocsaídiú | 2 | Guais sláinte thromchúiseach agus fhadtéarmach (carcanaigin, só-ghineach, tocsaineacht maidir le síolrú) | 3 |
| Gás Faoi Bhrú | 6 | Guais sláinte (m.sh. greannú craicinn/súl) | 5 |
| Inlasta | 9 | Tocsaineach | 4 |
| Guaiseach don Chomhshaol | 1 | | |

## GNÍOMHAÍOCHT 3.E, Leathanach 45
## I MBEIRTEANNA

Déanaigí liosta de roinnt de na ceimiceáin ghuaiseacha a fhaightear sa bhaile nó ar scoil

| Ceimiceán | Guaiseacha a luaitear ar an lipéad |
|---|---|
| Tuarthóir | Greannach |
| | |
| | |
| | |

## GNÍOMHAÍOCHT 3.F, Leathanach 47
## I MBEIRTEANNA

Ón liosta de cheimiceáin ghuaiseacha a fhaightear sa bhaile nó ar scoil, déanaigí cur síos ar an nguais agus ar an gcaoi a bhféadfaí í a rialú.

| Ceimiceán | Guaiseacha | Beart rialaithe |
|---|---|---|
| Tuarthóir | Greannach | Lipéad soiléir<br>Claibín nach féidir le páiste a oscailt<br>Stóráil chúramach<br>Lámhainní agus spéaclaí cosanta a úsáid |
| | | |
| | | |
| | | |

## GNÍOMHAÍOCHT 3.G, Leathanach 47
## I MBEIRTEANNA

Roghnaígí táirge a úsáidtear sa bhaile, oibreán glantacháin mar shampla. Cuardaígí bileog sonraí sábháilteachta an oibreáin glantacháin ar líne. **Leid** – cuardaígí ainm an tSoláthraí agus ba cheart go bhfaigheadh sibh cóip den bhileog sonraí sábháilteachta ar an suíomh gréasáin sin. Pléigí mar ar éirigh libh leis an rang.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3
Aonad 3, Cuid 4, Feirmeoireacht

### GNÍOMHAÍOCHT 3.H,
Leathanach 50

### CLEACHTADH AONAIR

Iarrtar ort cabhrú ar fheirm comharsan leat i rith an tsamhraidh. Beidh tú ag plé le: caoirigh a aistriú ó pháirc go páirc, beatha a thabhairt go ba ar féarach, tarracóir a thiomáint, raon giuirléidí tarracóra a úsáid, táirgí tréidliachta a thabhairt d'ainmnithe.

Déan liosta de na deich nguais is mó a bheidh romhat. Cén chaoi a rachaidh tú i ngleic leis na guaiseacha sin? Cén chaoi a gcuirfidh tú do mholtaí nó d'ábhar imní in iúl don fheirmeoir?

### GNÍOMHAÍOCHT 3.I,
Leathanach 50

### I NGRÚPAÍ

(a) Pléigí an chaoi a bhféadfadh an Rialtas, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, coláistí Talmhaíochta Tríú Leibhéal, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), Teagasc agus comhlachtaífeirmeoireachta eile an teachtaireacht faoin ngá atá le feirmeoireacht shábháilte a chur in iúl níos fearr don phobal feirmeoireachta.

(b) Roghnaígí téamaí oiriúnacha le haghaidh feachtas fógraíochta teilifíse faoi fheirmeoireacht shábháilte.

Pléigí an chaoi a gcabhródh sé sin le teachtaireacht na feirmeoireachta sábháilte a scaipeadh i measc an phobail feirmeoireachta agus an bhfuil bealaí oiriúnacha eile ann chun feirmeoireacht shábháilte a chur chun cinn agus aird a tharraingt uirthi.

### GNÍOMHAÍOCHT 3.J,
Leathanach 50

### PLÉ RANGA

Féachaigí ar an bhfíseán gairid https://www.youtube.com/watch?v=W5l1hzWO--o ó shuíomh gréasáin HSA, *Survivor Stories, Episode 8: Thirteen year old boy in tractor accident*. Pléigí an chaoi a ndeachaigh an físeán i bhfeidhm oraibh. Céard a d'fhoghlaim sibh ón bhfíseán? Cén chaoi a bhféadfaí timpistí dá leithéid a sheachaint?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3
Aonad 3, Cuid 5, Fáilteachas

### GNÍOMHAÍOCHT 3.K,
Leathanach 52

### PLÉ RANGA

D'iarr Bainisteoir an Óstáin oraibh na deich nguais is contúirtí i gcistin tráchtála an óstáin a liostáil. Teastaíonn uaidh go gcuirfí na guaiseacha in ord tromchúise agus an riosca gortaithe don fhoireann, agus ansin sraith bearta rialaithe a cheapadh do na cúig ghuais is measa.

Féach ar an bhfoilseachán Safe Hospitality, ranna 1–7 ar https://hsa.ie chun eolas úsáideach a fháil don ghníomhaíocht thuasluaite. D'fhéadfaí an tábla (leathanach 52 de théacs an Scoláire) a úsáid le haghaidh Ghníomhaíocht 3.L.

### GNÍOMHAÍOCHT 3.L,
Leathanach 52

### CLEACHTADH AONAIR

Chuir tú tús le do phost samhraidh i mbialann áitiúil. Iarradh ort an bruscar a thabhairt siar go hinnealra balctha ar chúl an áitribh. Níor taispeánadh duit cén chaoi a n-oibríonn an t-innealra sin agus níl tú cinnte faoin gcaoi leis an gcairtchlár a chur isteach ann.

Céard ba cheart duit a dhéanamh?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 3
Aonad 3, Cuid 6, Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)

### GNÍOMHAÍOCHT 3.M,
Leathanach 54

### CLEACHTADH AONAIR

**TREALAMH COSANTA PEARSANTA (PPE)**

**Cé acu seo a leanas ar trealamh cosanta pearsanta iad?**

Dréimirí, **spéaclaí cosanta**, **cosaint cluas**, druilire, **buataisí sábháilteachta**, scafall, **veist infheicthe**, crios iompair, **clogad oibre**, **aghaidhmhasc**, **úim shábháilteachta**, **lámhainní**, múchtóir dóiteáin, VDU.

Sainaithin na hocht n-earra PPE ar an liosta thuasluaite. Mínigh go hachomair cén chosaint phearsanta a thugann gach ceann. Tabhair samplaí d'ionaid oibre ina bhfaighfí gach earra PPE.

**Nóta don Mhúinteoir:**

Aibhsítear na freagraí cearta thuas.

### GNÍOMHAÍOCHT 3.N,
Leathanach 54

### CLEACHTADH AONAIR

1. Cén cineál gortaithe a d'fhéadfadh tarlú gan na bearta rialaithe cuí, ar nós PPE?

2. Roghnaigh an PPE ceart chun tabhairt go sábháilte faoi na tascanna a leanas:

   - **adhmad a ghearradh**
   - **innealra a ghlanadh**
   - **obair ar airde**
   - **bóthar a mharcáil**
   - **drugaí a dháileadh**
   - **táthú**
   - **gruagaireacht.**

## DEIREADH LE HAONAD 3: TÁSTÁIL GHASTA,
Leathanach 54

**C.1.** Tabhair ceithre shampla de ghuaiseacha iompair san ionad oibre.

**C.2.** Liostaigh ceithre phríomhchúis timpistí ar fheirm.

**C.3.** Céard iad na príomhcheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu nuair atá feithicil ilraoin á hoibriú?

**C.4.** Sainaithin trí ghuais cheimiceáin a théann i bhfeidhm ar shláinte an duine.

**C.5.** Ainmnigh an dá phríomhbhealach a mbítear neamhchosanta ar cheimiceáin san ionad oibre.

**C.6.** Ainmnigh an dá fhoinse eolais is tábhachtaí faoi cheimiceán guaiseach.

**C.7.** Sonraigh cén cineál eolais a mbeadh súil agat a fheiceáil ar lipéad ceimiceáin ghuaisigh.

**C.8.** Liostaigh ceithre ghairm bheatha a chaitheann PPE.

# TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

Feirmeoireacht

- Keep Safe on the Farm information leaflet for post-primary students
- Quad Bike Safety Update
- Tractor Safety and You
- Code of Practice on Children and Young Persons in Agriculture
- Físeán Survivor Stories – Ghortaigh buachaill 13 bliana d'aois a chos go dona nuair a bhí sé ag athrú nascóir tarracóra. San fhíseán seo, déanann sé cur síos ar an timpiste, agus an tionchar a bhí aici air, agus tugann sé eolas faoin gcaoi le bheith sábháilte thart ar innealra.
- Cúrsa Farm Safely with Slurry ar

  https://hsalearning.ie
- Cúrsa An Introduction to Tractor Safety

  https://hsalearning.ie
- Health and Safety for Seasonal Workers in Horticulture – tá an cúrsa ar líne seo ar fáil saor in aisce i mBéarla agus i ndeich dteanga eile. Tá na sonraí ar fad ar hsalearning.ie
- Once Upon a Farm – físeán sábháilteachta do scoláirí (dírítear san fhíseán seo ar pháistí agus sábháilteacht feirme)

Fáilteachas

- Safe Hospitality Parts 1-7
- Eolas Lónadóireachta agus Fáilteachais ar https://hsa.ie
- An tsraith Simple Safety – sraith d'uirlisí praiticiúla a ceapadh chun cabhrú leis an tsláinte agus an tsábháilteacht san ionad oibre a fheabhsú agus timpistí a laghdú. Áirítear leis an tsraith sábháilteacht shimplí sna hearnálacha bia agus dí agus miondíola.
- Guide on Manual Handling Risk Assessment in the Retail Sector
- Manual Handling Videos Series 1 and 2

## TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

- Workplace Transport Safety – Safe Workplace
- Pedestrian Safety in the Workplace
- Forklift Safety Tips

Ceimiceáin

- Bileog Eolais maidir le Glantach
- Bileog Eolais maidir le Bileog Sonraí Sábháilteachta
- Bileog Eolais maidir le Salóin Ingne

## Breac Nótaí

# AONAD 4
## RÓIL, TASCANNA, AGUS TÚ FÉIN

### Ábhar an Aonaid

1 Treoirlínte don mhúinteoir
2 An t-oifigeach sábháilteachta agus an t-ionadaí sábháilteachta
3 An timpeallacht oibre
4 Sláinte agus folláine san ionad oibre
5 Gníomhaíochtaí an aonaid
6 Tuilleadh eolais



# RÓIL, TASCANNA, AGUS TÚ FÉIN

AONAD 4

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá an t-ábhar seo a leanas sa leabhar oibre 'Daoine Óga ag Obair' in **Aonad 4 Róil, Tascanna, agus Tú Féin:**

- Cuid 1 An t-oifigeach sábháilteachta agus an t-ionadaí sábháilteachta
- Cuid 2 Timpeallacht oibre
- Cuid 3 Sláinte agus folláine san ionad oibre

## **AONAD 4,** CUID 1, AN T-OIFIGEACH SÁBHÁILTEACHTA AGUS AN T-IONADAÍ SÁBHÁILTEACHTA

Caithfidh gach fostóir sábháilteacht agus sláinte a bhainistiú ag an obair chun timpistí agus drochshláinte a chosc. D'fhéadfadh fostóir cinneadh a dhéanamh **oifigeach sábháilteachta** a cheapadh chun oibríochtaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú, agus chun dul i gcomhairle agus gníomhú ar a shon i gcás ceisteanna sláinte agus sábháilteachta. Ach, bíonn an fostóir freagrach as sláinte agus sábháilteacht i gcónaí.

Bíonn fostaithe i dteideal **ionadaí sábháilteachta** a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh ar cheisteanna sábháilteachta agus sláinte i gcomhairle leis an bhfostóir. Tugtar breac-chuntas ar fheidhmeanna an ionadaí sábháilteachta ar leathanach 57 de théacs an Scoláire.

## **AONAD 4,** CUID 2, TIMPEALLACHT OIBRE

Féachtar in Aonad 4, Cuid 2 ar an timpeallacht oibre. Áirítear leis an timpeallacht oibre tosca ar nós teasa, soilsiú, aerála, agus torainn. Tá sé tábhachtach go mbeadh oibrithe compordach ag an obair agus go mbeadh rialuithe cuí i bhfeidhm chun é sin a chinntiú. Mar shampla, leagtar scáileáin ríomhaire san áit cheart chun dallrú ón ngrian a sheachaint.

Dírítear i gcuid 2 ar theocht, soilsiú, aeráil, dusta agus múch, torann, agus tíos (leathanaigh 59 agus 60 de théacs an Scoláire).

## **AONAD 4,** CUID 3, SLÁINTE AGUS FOLLÁINE SAN IONAD OIBRE

Féachtar in Aonad 4, Cuid 3 ar shláinte agus folláine san ionad oibre. Tagraíonn an téarma 'síceasóisialta' do na cineálacha gortuithe nach bhfuil fisiciúil ach a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a mothaíonn daoine. Baineann sláinte ní hamháin le heaspa tinnis ach le láithreacht folláine freisin. Tá braistint folláine agus dearcach dearfach in ann cur go mór le caighdeán na beatha. Daoine atá sásta, a bhfuil meon sláintiúil acu agus inchinn agus sprid láidir, go hiondúil bíonn siad in ann níos fearr chuig an obair.

Ní bhíonn oibrithe nach bhfuil mórán féinmhuiníne acu nó a mbíonn lagmhisneach orthu chomh táirgiúil céanna go minic. Is mó seans freisin go dtarlóidh timpiste dóibh ag an obair.

**Féachtar freisin in Aonad 4, Cuid 3 ar:**

- strus (leathanach 61 de théacs an Scoláire)
- iompraíocht an duine agus an chaoi a gcuirtear le timpistí (leathanaigh 65 agus 66 de théacs an Scoláire)
- cur isteach (leathanach 67 de théacs an Scoláire).

Samhlaigh:

*Samhlaigh go bhfuil tú i mbun lámhchleasaíochta le trí liathróid. Mothaíonn tú go breá le trí liathróid, tá tú breá in ann chuige agus níl imní ort go dtitfeadh ceann, mar fiú má thiteann liathróid beidh tú in ann stopadh agus tosú arís. Ach, samhlaigh go bhfuil tú i mbun lámhchleasaíochta le cúig liathróid anois, agus go mothaíonn tú nach bhfuil tú in ann chuige, go dtitfidh ceann cinnte, go bhféadfadh duine éigin ceann eile a chaitheamh leat, agus má thiteann siad, go mbeifear do do cháineadh go géar agus nach mbeidh tú in ann tosú arís. Samhlaigh an cás sin ar feadh meandair, agus na mothúcháin a bheadh ort. Is iad na mothúcháin sin, an faireachas agus an eagla níos mó, an chuid is bunúsaí de strus.*

## Torthaí Foghlama

Nuair a chríochnaítear an t-aonad seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- breac-chuntas a thabhairt ar róil an oifigigh sábháilteachta agus an ionadaí sábháilteachta
- liosta a dhéanamh de na tosca a chuireann le timpeallacht oibre chompordach
- liosta a dhéanamh de na tosca a chuireann le sláinte agus folláine san ionad oibre, idir dhearfach agus diúltach
- cur isteach san ionad oibre as a n-eascraíonn gortú a shainaithint.

## PLEANANNA CEACHTA MOLTA

1. D'fhéadfaí a áireamh le ceisteanna oscailte a bhfuil an rang le machnamh a dhéanamh orthu: Céard é an difríocht idir oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta? Cén áit a mbeadh an dá phost is dócha? An gcaithfidh ionaid oibre daoine a cheapadh sa dá phost?
2. Tabhair faoi deara maidir le Gníomhaíocht 4.A Cur i Láthair Gearr go bhféadfadh gurb ionann an príomhoide agus an t-oifigeach sábháilteachta in bhur scoilse. Teastaíonn ullmhúchán cúramach don tionscadal seo. Bíonn aire agus maoirsiú cuí riachtanach nuair a thugann na scoláirí cuairt ar sheomraí teicneolaíochta, eolaíochta, srl.
3. Pléigh na tairbhí a bhaineann le timpeallacht oibre chompordach leis an rang. Tabhair aird faoi leith ar thosca ar nós teasa, soilsiú, aerála, agus torainn.
4. Caithfidh plé ar strus agus bulaíocht san ionad oibre a bheith tuisceanach faoi thaithí na scoláirí féin ar an mbulaíocht ar scoil.D'fhéadfadh go dteastódh aire faoi leith anseo. Lig do na scoláirí plé oscailte a dhéanamh ar na topaicí seo, ach bí mothálach ar riachtanais gach duine.
5. Spreag plé leathan ar 'Roth Mór an tSaoil'. Cén fáth a bhfuil an cleachtadh seo úsáideach? Pléigh smaointe chun cothromaíocht a bhaint amach i roinnt rannóga den roth leis an rang. Cuimhnigh go bhféadfadh sé a tharlú nach dteastódh ó chuid de na scoláirí eolas pearsanta mar seo a phlé go hoscailte. Cloítear le plé ginearálta.
6. I gcás **Ghníomhaíochtaí an Aonaid**, ba cheart do na scoláirí meas a dhéanamh ar a dtaithí féin go nuige sin nó aon taithí a bhí acu a mheas agus iad ag machnamh ar na ceisteanna.

- Cé na bealaí a bhféadfadh oibrithe mothú go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu san ionad oibre?
- Cé ar a dtéann bulaíocht i bhfeidhm?
- Cén fáth a dtarlaíonn bulaíocht?
- Cén fáth ar ceist thromchúiseach í?
- Céard is féidir le fostóir agus fostaí a dhéanamh chun an riosca bulaíochta san ionad oibre a bhaint?
- Céard eile is féidir a dhéanamh chun an ghuais sin a bhaint?
- An mbíonn bulaíocht ar scoil difriúil le bulaíocht ag an obair?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 4
Aonad 4, Cuid 1, An t-oifigeach sábháilteachta agus an t-ionadaí sábháilteachta

## GNÍOMHAÍOCHT 4.A, Leathanach 58
## CUR I LÁTHAIR GEARR

Socraígí cuairt ar cheann de na seomraí oibre sa scoil le bhur múinteoir agus an príomhoide nó oifigeach sábháilteachta na scoile. D'fhéadfadh grúpaí seisir cuairt a thabhairt ar an seomra ealaíne, an seomra adhmadóireachta, an seomra eolaíochta, srl.

Déanaigí taifeadadh ar an gcruinniú. Roghnaígí aon leagan amach is maith libh, ar nós taifeadadh fuaime nó físe, colláis grianghraf nó íomhánna, tuairisc ó bhéal nó tras-scríbhinn ar agallamh.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 4
Aonad 4, Cuid 2, Timpeallacht oibre

Ceist Sciobtha, Leathanach 60

**Ceist Sciobtha**

**Áirítear le dálaí an ionaid oibre:**

**A.** Teas
**B.** Solas
**C.** Torann
**D.** Aeráil
**E.** PPE

Roghnaigh na freagraí cearta.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 4
Aonad 4, Cuid 3, Sláinte agus folláine san ionad oibre

## GNÍOMHAÍOCHT 4.B, Leathanach 62
## PLÉ RANGA

**Déanaigí machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:**

**C.1** Céard is cúis le strus?

**C.2** Céard is féidir a dhéanamh chun leibhéil struis a laghdú?

**C.3** Céard is féidir le fostóirí a dhéanamh chun strus a laghdúag an obair?

## GNÍOMHAÍOCHT 4.C, Leathanach 62
## PLÉ RANGA

**C.1** Cén cineál brú a mbíonn torthaí dearfacha agus diúltacha air?

**C.2** An mbíonn pearsantacht an duine tábhachtach?

**C.3** An mbíonn an suíomh ina bhfuil an duine tábhachtach?

**C.4** An mbíonn an aois agus/nó an inscne tábhachtach?

## GNÍOMHAÍOCHT 4.D, Leathanach 62
## I MBEIRTEANNA

**Pléigí na ceisteanna seo a leanas faoi bhulaíocht:**

- Cé na bealaí a bhféadfadh oibrithe mothú go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu san ionad oibre?
- Cé ar a dtéann bulaíocht i bhfeidhm?
- Cén fáth a dtarlaíonn bulaíocht?
- Cén fáth ar ceist thromchúiseach í?
- Céard is féidir le fostóir agus fostaí a dhéanamh chun an riosca bulaíochta san ionad oibre a bhaint?
- Céard eile is féidir a dhéanamh chun an ghuais sin a bhaint?
- An mbíonn bulaíocht ar scoil difriúil le bulaíocht ag an obair?

## GNÍOMHAÍOCHT 4.E, Leathanach 62
## CUR I LÁTHAIR GEARR

Ullmhaigh cur i láthair ar CHEANN AMHÁIN de na guaiseacha a leanas san ionad oibre:

Torann rómhór
Drochshoilsiú
Strus
Droch-thíos

D'fhéadfaí an cur i láthair a dhéanamh mar:

- tionscadal scríofa
- póstaer
- dráma
- saothar ealaíne
- colláis
- físeán
- mír raidió.

**Nóta don Mhúinteoir:** is ionann tíos san ionad oibre agus an ionad oibre a choinneáil néata chun timpistí a sheachaint. Samplaí den tíos sin is ea bealaí siúil a choinneáil glan, gan cáblaí atá ag sraoilleadh a fhágáil amuigh, gan earraí a chur ar bharr a chéile ró-ard ar sheilfeanna, uirlisí agus/nó trealamh cosanta pearsanta a chur i dtaisce nuair nach bhfuil siad in úsáid, agus limistéir stórála eagraithe.

## GNÍOMHAÍOCHT 4.F, Leathanach 63
## RANSÚ SMAOINTE

1. Pléigí an ról a bheadh ag na daoine seo a leanas i bhfolláine dhearfach a chur chun cinn i measc oibrithe:

   fostóir, tuismitheoirí, rialtas, cara, ceardchumann, scoil, céile/páirtí, comhghleacaí, fostaí

2. Cén tuiscint atá agaibh ar na téarmaí seo a leanas:
   **féinmhuinín / féinmheas / féiníomhá**

3. Déanaigí ransú smaointe ar an gcoincheap 'cothromaíocht oibre is saoil'.

## GNÍOMHAÍOCHT 4.G, Leathanach 63
## I NGRÚPAÍ

I ngrúpaí CEATHRAIR, déanaigí machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh gach ceann díobh seo a leanas cur le braistint folláine níos fearr i nduine. Ansin, déanaigí liosta de na deich gcinn IS TÁBHACHTAÍ, dar libh mar ghrúpa, chun braistint folláine a chinneadh. An mbeadh liosta eile ag duine níos sine?

Spórt, Gníomhaíocht fhisiciúil, Obair, Ceol, Pobal, Comhbhá, Saibhreas, Saoirse roghanna, Caidrimh, Creideamh reiligiúnach, Glacadh le héagsúlacht, Dlí agus ord éifeachtach, Tacaíocht, Cothú maith, Áiseanna sóisialta cearta, Tuiscint ar dheacrachtaí foghlama, An ceart chun vótála.

## GNÍOMHAÍOCHT 4.H, Leathanach 63
## I NGRÚPAÍ


Sna grúpaí CEATHRAIR sin arís, déanaigí machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh siad seo a leanas tionchar diúltach a imirt ar bhraistint folláine duine. Arís, déanaigí liosta de na deich gcinn IS DIÚLTAÍ, dar libh mar ghrúpa, chun braistint folláine a chinneadh.

Bulaíocht, Steiréitíopáil, Foréigean baile, Piarbhrú, Deacrachtaí foghlama, Ábharachas, Neamhoird itheacháin, Dífhostaíocht, Alcól, Cliseadh teaghlaigh, Strus, Bochtaineacht choibhneasta, Leibhéal íseal oideachais, Caidrimh, Bás, Andúile.

## GNÍOMHAÍOCHT 4.I, Leathanach 64
## CLEACHTADH AONAIR

### COMHLÁNAIGH 'ROTH MÓR AN TSAOIL'

Tabhair faoi deara: Tá ocht mír ar roth mór an tsaoil de ghnéithe tábhachtacha an tsaoil. Déan machnamh ar gach cuid. Ansin, ag caitheamh le lár an rotha mar 0, agus an chiumhais amuigh mar 10, rátáil chomh sásta agus atá tú le gach réimse. Cuimhnigh, baineann roth mór an tsaoil le háthas agus cothromaíocht a bhaint amach sa saol.




## GNÍOMHAÍOCHT 4.J, Leathanach 65
## PLÉ RANGA

Phléamar an tábhacht a bhaineann le braistint folláine fostaí. Nuair a bhaintear an bonn den bhraistint sin, tarlaíonn níos mó timpistí. Smaoinígí ar bhealaí (bearta rialaithe) a chabhródh le braistint folláine dhearfach a chur chun cinn do na hoibrithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| oibrí ar an líne tháirgthe | garda nua-oilte |
| cúntóir cúraim leanaí | freastalaí i mbialann ghnóthach |

## GNÍOMHAÍOCHT 4.K, Leathanach 67
## I NGRÚPAÍ

Beidh sibh ag obair i ngrúpaí ceathrair don ghníomhaíocht seo. Caithfidh sibh freagra comónta a chomhaontú ar na cásanna seo a leanas, agus ansin tuairisceoidh duine agaibh don rang uile. Léigí gach cás. Sainaithnígí an droch-chleachtas, agus cén fáth ar droch-chleachtas é. Labhraígí faoi cé a ghníomhaigh go freagrach agus cé a ghníomhaigh go mífhreagrach. Cén chaoi ar cheart dul i ngleic leis?

### Cás 1
Insíonn fostaí dá maoirseoir go bhfuil sreanga nochta ar chúl an mhicreathonnáin i gcistin na foirne. Ní thuairiscíonn an maoirseoir é sin don bhainisteoir. Dhá lá ina dhiaidh sin, baineann turraing leictreach d'fhostaí eile agus é ag úsáid an mhicreathonnáin.

### Cás 2
Insíonn fostaí dá cheannasaí faoi dhromchla sciorrach ar na céimeanna go dtí an seomra stórais. Is cosúil go bhfuil na tíleanna urláir an-chaite. Aistríonn an fostóir an fostaí chuig tasc eile i limistéar eile den mhonarcha. Ní chuireann an fostóir an fhadhb ina ceart.

### Cás 3
Iarrtar ort bosca ina bhfuil 'roinnt stuif glantacháin' a bhailiú ón seomra stórais thíos staighre. Deirtear leat go bhfuil na gabhdáin i mboscaí gan lipéad 'áit éigin' ar cheann de na seilfeanna uachtair. I ndiaidh cuid mhór dua, aimsíonn tú na boscaí agus tugann tú ar ais chuig an oifig iad.

### Cás 4
Is scoláire ar thaithí oibre thú i siopa mór crua-earraí. Iarradh ort moirtéal stroighin-bhunaithe a mheascadh chun cabhrú le caoi a chur ar bhalla sa limistéar stórála lasmuigh. Cé go bhfaca tú a leithéid á dhéanamh go mion minic agus gur chabhraigh tú le d'athair moirtéal a mheascadh roinnt blianta ó shin, tá tú éiginnte faoin dea-chleachtas sábháilteachta. Ní thuigeann tú na lipéid ar an mála stroighne go háirithe.

### Cás 5
Tá tú ag obair in óstán gnóthach. Foghlaimíonn tú go bhfuil an fáilteoir, atá ar chonradh sealadach, ag plé le go leor glaonna teileafóin chomh maith le daoine a sheiceáil isteach agus amach, agus ag plé le ceisteanna ginearálta agus gearáin. Ceapann tú go bhfuil strus uirthi, agus go bhfuil sí ag éirí níos tuirsí agus níos fuaránta. Ní cosúil go bhfuil bainisteoir an óstáin ná a maoirseoir ar an eolas faoin mbrú atá ar an bhfáilteoir. D'iarr sí ort gan aon rud a rá ar fhaitíos go measfaí nach bhfuil sí feiliúnach do dhualgais an fháilteora. Tá súil aici freisin go bhfaighidh sí conradh buan amach anseo. Cinneann tú fanacht ciúin agus gan labhairt le haon duine faoi.

### Cás 6
Tá scoláire idirbhliana ar thaithí oibre i siopa trealaimh feirme. Iarrtar uirthi dul ar fhorcardaitheoir agus é a thiomáint trí mhéadar amach as an mbealach ar veain seachadta. Níor cuireadh an scoláire faoi oiliúint chun forcardaitheoir a thiomáint.

## DEIREADH LE HAONAD 4: TÁSTÁIL GHASTA, Leathanach 68

**C.1.** Céard é an phríomhdhifríocht idir oifigeach sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta?

**C.2.** Liostaigh ceithre thoisc a chuireann le timpeallacht oibre chompordach.

**C.3.** Ainmnigh ocht ngníomhaíocht laethúla a théann chun tairbhe fholláine an duine aonair.

**C.4.** Céard is féidir le fostóir a dhéanamh chun timpeallacht oibre níos compordaí a chruthú don fhostaí.

## TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

- Strus san ionad oibre
- Cás-staidéir Work Positive
- Ceistneoir ar líne Work Positive
- Behaviour at Work and You
- Guide to the Safety, Health and Welfare at Work (General Application) Regulations 2007, Chapter 1 of Part 6 Protecton of Children and Young Persons
- Work Related Stress - HSA Information Sheet for Employees (2022)
- HSA Code of Practice on the Prevention and Resolution of Bullying at Work
- Intoxicants at Work - HSA Information Sheet (2011)

- Is uirlis ar líne é Work Positive atá ar fáil saor in aisce agus a chabhraíonn le fostóirí cur chuige struchtúrtha agus comhoibríoch a chur i bhfeidhm i leith strus a bhaineann leis an obair a bhainistiú. Tá an uirlis ar fáil ar https://www.workpositive.ie

Tá cúrsaí ar fáil saor in aisce ar líne ar https://hsalearning.ie, lena n-áirítear:

- Managing Bullying Complaints at Work for Managers
- A Short Course for Safety Representatives

Tá eolas agus treoir COVID-19 ó HSA le haghaidh fostóirí agus fostaithe ar fáil ar hsa.ie/covid19, lena n-áirítear podchraoltaí agus acmhainní físeáin maidir le sláinte agus folláine a bhainistiú.

# AONAD 5
## SÁBHÁILTEACHT A CHUR IN IÚL

### Ábhar an Aonaid

1 Treoirlínte don mhúinteoir
2 An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl
3 Tuairiscí ar thimpistí agus teagmhais
4 Ráiteas sábháilteachta
5 Comharthaí sábháilteachta
6 Gníomhaíochtaí an aonaid
7 Tuilleadh eolais



# SÁBHÁILTEACHT A CHUR IN IÚL

AONAD 5

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá an t-ábhar seo a leanas sa leabhar oibre 'Roghnaigh an tSábháilteacht' in **Aonad 5 Sábháilteacht a chur in iúl:**

- Cuid 1 An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl
- Cuid 2 Tuairiscí ar thimpistí agus teagmhais
- Cuid 3 Ráitis Sábháilteachta
- Cuid 4 Comharthaí sábháilteachta

San aonad seo, foghlaimíonn an scoláire faoi shábháilteacht a chur in iúl. Foghlaimíonn sé faoin thimpistí agus tarluithe contúirteacha san ionad oibre, lena n-áirítear cén uair a tharlaíonn siad agus cén chaoi lena dtuairisciú. Ba cheart don scoláire foghlaim faoin tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus feasacht a fhorbairt ar an ngá atá le híogaireacht agus discréid.

## **AONAD 5,** CUID 1, AN TEACHTAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA A CHUR IN IÚL

Is ábhar imní do go leor oibrithe, go háirithe iad siúd atá ar thaithí oibre agus iad siúd atá ag obair go páirtaimseartha, cén chaoi le riosca nua nó méadaithe san ionad oibre a chur in iúl don lucht bainistíochta. Má fheiceann siad rud éigin contúirteach, ar cheart dóibh é a thuairisciú? An dtréaslófar leo nó an mbrúfar ar leataobh iad as imní a léiriú?

Pléitear nósanna imeachta i rith na hoiliúna ionduchtúcháin go hiondúil, nó d'fhéadfadh oibrithe foghlaim óna gcomhghleacaithe nó ó fhógraí oibre a léamh. Má bhíonn amhras ar bith ort, ba cheart labhairt le duine freagrach, ar nós maoirseora nó oifigeach sábháilteachta.
Bíonn imní ar an lucht bainistíochta freisin faoin mbealach is fearr le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl. Céard é an bealach is fearr le hábhar nua imní sláinte agus sábháilteachta a phlé leis an bhfoireann nó le custaiméirí?

Anuas air sin, bíonn ar an rialtas machnamh cúramach a dhéanamh ar stíl agus ar mhodh a chumarsáide faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Caithfidh dlíthe a bheith soiléir agus intuigthe.

Tá go leor bealaí le teachtaireacht na sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre a chur in iúl d'fhostóirí, d'fhostaithe agus don phobal.

Áirítear ina measc siúd:

- foilseacháin rialtais
- treoirlínte agus cóid chleachtais a fhoilsíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- na meáin shóisialta, m.sh. YouTube/Facebook/ Instagram
- fógraí nuachtáin, raidió agus teilifíse
- irisí gairmiúla, gnó agus trádála
- cláir na bhfógraí san ionad oibre
- cruinnithe agus comhdhálacha gnó
- cláir fógraí lasmuigh agus póstaeir phoiblí
- cúrsaí oiliúna agus lámhleabhair
- imeachtaí a urraíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Ar ndóigh, is é an córas cumarsáide is mó a úsáidtear sa lá atá inniu ann ná an t-idirlíon. Áit mhaith le tús a chur le cuardach ar shláinte agus sábháilteacht is ea suíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta: hsa.ie. Is fiú súil a chaitheamh go háirithe ar an tsraith Simple Safety ar shuíomh an Údaráis. Logáil isteach chun an nuacht, an chomhairle agus na staitisticí is nuaí a fheiceáil faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

## **AONAD 5,** CUID 2, TUAIRISCÍ AR THIMPISTÍ AGUS TEAGMHAIS

Tá tuairisciú agus taifeadadh na dtimpistí san ionad oibre tábhachtach chun timpistí a chosc. Is féidir timpistí dá leithéid a sheachaint, agus córais a athbhreithniú agus a fheabhsú de réir mar is gá. Féachtar i gCuid 2 ar thimpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus ar chuid de na bearta rialaithe is féidir le Cigire de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a ghlacadh chun timpistí a chosc; féach ar leathanach 74 de théacs an Scoláire.

## **AONAD 5,** CUID 3, RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

Tugtar cur síos gearr ar an Ráiteas Sábháilteachta agus a chuspóir ar leathanach 77 de théacs an Scoláire. Cuireann sé sin na coincheapa **'guais', 'riosca' agus 'beart rialaithe'** ó Aonad 2 i láthair arís.

Seans nach bhfeicfidh na scoláirí ráiteas sábháilteachta nuair a thosaíonn siad ag obair, agus uaireanta tugann ionaid oibre an 'beartas sábháilteachta' air. Tá dualgas ar an bhfostóir a chinntiú go bhfuil ráiteas sábháilteachta cothrom le dáta i bhfeidhm, agus níos tábhachtaí fós, go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i ndáiríre.

## **AONAD 5,** CUID 4, COMHARTHAÍ SÁBHÁILTEACHTA

Tugann comhartha sábháilteachta eolas faoi shábháilteacht nó sláinte agus bíonn cineálacha éagsúla ann:

- clár comharthaí
- dath
- comhartha fuaime
- cumarsáid ó bhéal
- comhartha láimhe.

Is comhartha é clár comharthaí ar a dtugtar eolas nó treoracha le meascán de chruthanna, dathanna agus siombailí, ach nach mbíonn eolas scríofa air.

Níor cheart téacs a úsáid dá mbeadh an bhrí soiléir gan ach picteagram nó siombail a úsáid. Má theastaíonn míniú scríofa (m.sh. dá mbeadh aon amhras ann faoi bhrí siombaile), ba cheart clár comharthaí breise ar an bhfuil an téacs cuí a chur ar fáil. D'fhéadfaí an clár comharthaí breise sin a chur ar an "iompróir" céanna.

Is iad na dathanna agus na cruthanna ba cheart a úsáid ar chlár comharthaí sábháilteachta:

- **dearg** i gcás coisc
- **gorm** i gcás gníomhartha éigeantacha
- **buí** i gcás aire
- **glas** i gcás gníomhaíocht dhearfach
- dioscaí le haghaidh coisc agus treoracha
- triantáin le haghaidh rabhadh
- cearnóga agus dronuilleoga le haghaidh comharthaí éigeandála agus eolais.

Tá tábla úsáideach ar leathanaigh 79 agus 80 de théacs an Scoláire ina dtugtar eolas faoi chomharthaí sábháilteachta, ina measc cineál, brí agus eolas an chomhartha, agus sampla de gach ceann.

Cabhraíonn sé le scoláirí dul i dtaithí ar an inneachar seo toisc go mbíonn comharthaí sábháilteachta i mbeagnach gach ionad oibre. Tá roinnt 'fíricí gasta' ar leathanach 80 faoi sholáthar agus úsáid comharthaí.

## Torthaí Foghlama

Nuair a chríochnaítear an t-aonad seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- liosta a dhéanamh de bhealaí chun ceisteanna sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl
- tráchtaireacht a dhéanamh ar roinnt gnéithe den reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- breac-chuntas a thabhairt ar an difríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach
- an úsáid a bhaintear as tuairiscí ar thimpiste a léiriú
- ullmhú le haghaidh cruinniú san ionad oibre i ndiaidh timpiste
- cur síos a dhéanamh ar chuspóir ráitis sábháilteachta
- measúnú riosca a dhéanamh leis an uirlis measúnaithe riosca ar líne BeSMART ar https://besmart.ie
- comharthaí sábháilteachta coitianta agus an bhrí atá leo a shainaithint.

# PLEANANNA CEACHTA MOLTA

1. Tá deis anseo tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ranga éagsúla faoin topaic a tarraingíodh anuas ag tús an aonaid, 'An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl'. B'fhéidir go gcinnfeá gur cheart don rang am a chaitheamh i mbun machnaimh ar ról na meán chun cúrsaí ar nós sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a chur in iúl. D'fhéadfaí am a chaitheamh ag fiosrú an idirlín agus meáin eile chun na bealaí is éifeachtaí chun an tsábháilteacht ag an obair a chur chun cinn a mheas.
2. Ba cheart go mbeadh tuiscint ghinearálta ag na scoláirí ar an difríocht idir timpiste san ionad oibre agus tarlú contúirteach, agus cén uair a chaithfear iad a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. D'fhéadfaí am a chaitheamh freisin ag fiosrú an ghá a bhíonn le híogaireacht agus discréid i gcás na sábháilteachta san ionad oibre. Níor cheart na scoláirí a spreagadh le labhairt go neamhshrianta faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i bhfiontair nó ionaid oibre áitiúla a fhostaíonn iad nó a chuireann taithí oibre ar fáil do scoláirí na scoile.
3. Tá an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005) sách mionsonraithe. Tá treoir faoin Acht ar fáil ar hsa.ie. Tugtar spléachadh eile sna sleachta i nGníomhaíocht 5.A ar chuid de na ceisteanna tábhachtacha a tarraingíodh anuas níos luaithe sa leabhar.
4. Tá an tuairisc ar thimpiste i nGníomhaíocht 5.B bunaithe ar fhíorscéal. Cumadh ainmneacha na ndaoine agus na n-áiteanna.
5. Tabhair neart ama ullmhúcháin don rólghlacadh i nGníomhaíocht 5.C. Tarlaíonn cuid mhór den fhoghlaim san ullmhúchán roimh an gcruinniú. Bíonn an-spraoi ag baint leis an rólghlacadh agus an breithiúnas ina dhiaidh. Éiríonn go maith leis an rólghlacadh nuair a thuigtear na bunrialacha, nuair a thuigeann na scoláirí a ról féin, agus nuair a bhíonn an múinteoir sásta tús áite a thabhairt do shamhlaíocht na scoláirí.
6. Tabhair faoi deara maidir le Gníomhaíocht 5.G go bhféadfadh gurb ionann an príomhoide agus an t-oifigeach sábháilteachta in bhur scoilse.
7. Féadfaidh na scoláirí taighde a dhéanamh ar uirlis measúnaithe riosca ar líne HSA, BeSMART.ie, atá ar fáil ar https://besmart.ie agus an méid a fhoghlaimíonn siad a chur i bhfeidhm trí mheasúnú riosca ar líne a dhéanamh i ngrúpaí ar a n-ionad oibre roghnaithe.
8. Críochnaigh an t-aonad trí iarraidh ar na scoláirí níos mó focal a chur lena mBunachar Focal féin nó ceann an ghrúpa.
9. I gcás **Ghníomhaíochtaí an Aonaid**, ba cheart do na scoláirí meas a dhéanamh ar a dtaithí féin go nuige sin nó aon taithí a bhí acu a mheas agus iad ag machnamh ar na ceisteanna.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5
Aonad 5, Cuid 1, An teachtaireacht sábháilteachta a chur in iúl

## GNÍOMHAÍOCHT 5.A, Leathanach 72
## PLÉ RANGA

Léigí na sleachta seo a leanas as an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cén fáth a bhfuil siad sin in Acht 2005 dar libh? Cé chomh héifeachtach a bhíonn siad ag laghdú rátaí timpiste ag an obair, meas sibh?

### Sliocht A:

'[beidh] ceanglais… ar fhostóirí maidir le:
… gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteoidh, a mhéid is indéanta go réasúnach, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair.
… pleananna agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bheidh le leanúint agus bearta a bheidh le déanamh i gcás éigeandála nó garchontúirte móire a ullmhú agus a athmheas, mar is cuí.
… tionóiscí agus teagmhais chontúirteacha a thuairisciú.'
**Alt 8 d'Acht 2005**

**Pléigí cé leis a labhródh an fostóir i rith na dualgais sin a chomhlíonadh.**

### Sliocht B:

'Cinnteoidh gach fostóir… go soláthrófar teagasc, oiliúint agus maoirseacht i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is cuí, i dteanga is dóigh le réasún a thuigfidh an fostaí lena mbaineann.'
**Alt 10 d'Acht 2005**

**Pléigí na bealaí difriúla a bhíonn fostóir in ann treoir, oiliúint agus maoirsiú a sholáthar do na fostaithe. Déanaigí machnamh ar na deacrachtaí a bhainfeadh leis an dualgas sin a chomhlíonadh i gcomhlacht mór a fhostaíonn daoine ó go leor tíortha difriúla.**

## Sliocht C:

'Ní ghabhfaidh [fostaí] d'iompar míchuí nó d'iompraíocht eile ar dóigh dó nó di a shábháilteacht, a shláinte nó a leas féin ag an obair, nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt.'
**Alt 13 d'Acht 2005**

**Pléigí na héifeachtaí a bhíonn ag foréigean, bulaíocht nó iompar garbh ar dhuine. Cé na bearta a d'fhéadfadh fostóir a chur i bhfeidhm chun iompraíocht dá leithéid a chosc?**

## Sliocht D:

'Déanfaidh gach fostóir na guaiseacha san áit oibre atá faoina rialú a shainaithint agus na priacail atá ann de bharr na nguaiseacha sin a mheasúnú agus beidh sé nó sí i seilbh measúnaithe i scríbhinn… ar na priacail.'
**Alt 19 d'Acht 2005**

**Cén fáth a bhfuil an fhoráil sin san Acht? Céard is féidir a dhéanamh chun an rialachán seo a chur i bhfeidhm? An gcomhlíonann an scoil an ceanglas seo?**

## Sliocht E:

'Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú… mar gheall ar… g[h]earán nó uiríoll a dhéanamh lena ionadaí sábháilteachta nó lena hionadaí sábháilteachta nó lena fhostóir nó lena fostóir, nó leis an Údarás [Sláinte agus Sábháilteachta], maidir le haon ní a bhaineann le sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair.'
**Alt 27 d'Acht 2005**

**Cén fáth a bhfuil an fhoráil sin san Acht? An gceapann sibh go mbeadh sé ciallmhar dá ngearrfadh fostóir pionós ar oibrithe, nó dá ndéanfaí iarracht pionós a ghearradh ar oibrithe, a thuairiscíonn teagmhais drochshláinte agus sábháilteachta san ionad oibre? An ndéanfadh sibhse gearán dá leithéid?**

## GNÍOMHAÍOCHT 5.B, Leathanach 75
## CLEACHTADH AONAIR

Léigh an tuairisc ar thimpiste thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

C.1 Cár tharla an timpiste?
C.2 Cén chaoi ar tharla an timpiste?
C.3 Cén chóir leighis a cuireadh ar an oibrí?
C.4 An gceapann tú go mbeadh sé éasca an timpiste seo a sheachaint? Mínigh do fhreagra.

## FÓGRA FAOI THIMPISTE

***Sonraí an té a gortaíodh:***

*Ainm:* *Seosamh O Riain*
*Seoladh:* *Radharc na Mara, Cill na Má*

*Slí Bheatha:* *Oibri feirme*
*Dáta Breithe:* *29/04/1965*
*Gnéas:* *Fireann*
*Dáta / am na timpiste:* *6.50 r.n., 12/08/2021*

***Déan cur síos ar an gcineál oibre a bhí ar bun ag an duine nuair a tharla an timpiste:***
*Bhí Seosamh ag fáil faoi réir le féar a bhurláil. Bhí sé ag cur burlaire ar an 'seafta cumhachtdúiseachta' (PTO) i dtarracóir a cláraíodh in 1997.*

***Déan cur síos ar an timpeallacht inar tharla an timpiste:***
*Tharla an timpiste i gclós fheirm Mháirtín Uí Chionaoith. Ba mhaidin gheal, thirim é. Bhí go leor innealra feirme sa chlós.*

***Déan cur síos ar an méid a tharla le linn na timpiste:***
*Chuaigh léine Sheosaimh i ngreim sa PTO a bhí ar siúl ag an am. Chuaigh Seosamh féin i bhfostú sa PTO.*

***Déan cur síos ar na gortuithe a bhain dó:***
*Gortaíodh Seosamh go han-dona. Bhí scráibeacha tromchúiseacha ar a chliabhrach. Chuaigh a lámh chlé i bhfostú go mór san innealra agus teascadh í níos deireanaí.*

***Tabhair breac-chuntas ar an gcabhair phráinneach a tugadh don té a gortaíodh.***
*Toisc go raibh Seosamh ag obair leis féin, ní bhfuair sé aon chabhair go dtí gur chuala an t-úinéir, Máirtín, é ag glaoch. Mhúch Máirtín an tarracóir. Chuir sé fios ar otharcharr láithreach. Tháinig an t-otharcharr tar éis fiche nóiméad. Bhí na hoibrithe leighis in ann Seosamh a bhaint den innealra. Tugadh chuig an ospidéal ba ghaire dóibh é, a bhí 23 míle ón bhfeirm.*

***Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí:***

*Marfach:* *ní raibh* *Fios ar otharcharr/dhochtúir:* *cuireadh*

*Seal san ospidéal:* *bhí*

***Tréimhse asláithreachta ón obair:***
*Tá Seosamh fós ar shaoire bhreoiteachta. Níor cinneadh fós an mbeidh sé in ann filleadh ar obair feirme.*

*Sonraí an fhógróra:* *Máirtín Ó Cionaoith*

*Cineál/ainm an ghnó:* *feirm*

*Dáta an lae inniu:* *15/08/2021*

# GNÍOMHAÍOCHT 5.C, Leathanach 76
## RÓLGHLACADH

Beidh rólghlacadh ar bun sa ghníomhaíocht seo. Léigh an cuntas thíos ar an teagmhas agus sonraí do charachtair féin. De bharr chúinsí na timpiste agus an méid a tharla ina dhiaidh sin, eagraíodh cruinniú idir an lucht bainistíochta agus an t-oibrí bainteach. Mar charachtar ón gcás, caithfidh tú ullmhú don chruinniú. Ansin beidh rólghlacadh á dhéanamh ar an gcruinniú sa rang.

Iarrfar ort ligean ort féin gur tú duine acu seo:

a. Pól Breathnach
b. Gearóid Ó Broin, comhghleacaí de chuid Phóil
c. Sinéad Uí Dhálaigh, stiúrthóir bainistíochta Dhearadh Uí Dhálaigh
d. Damien Browne, maoirseoir Phóil ar an lá agus bainisteoir sinsearach i nDearadh Uí Dhálaigh

### Cur síos ar an teagmhas

Is printíseach péintéireachta é Pól Breathnach a oibríonn le Dearadh Uí Dhálaigh. Fuair an comhlacht conradh chun bloc comhlachta mhóir cógaisíochta darb ainm DCC a athchóiriú. B'éigean do Phól gabhdáin péinte 10 lítear a iompar ó vean an chomhlachta taobh amuigh den fhoirgneamh. Bhí ar Phól siúl suas staighre leo agus trí 'sheomra íonghlan' ina ndéantar céim riachtanach den phróiseas táirgthe drugaí. Caithfidh gach duine a théann isteach sa seomra sin éadach cosanta pearsanta a chur orthu ó bhun go barr, clúdaigh bróg ina measc.

Ar lá na timpiste, bhí Pól ag iompar dhá ghabhdán 10 lítear suas an staighre. Bhí gabhdán amháin ar gach aon ghualainn aige. Bhí an t-éadach cosanta riachtanach ar fad air. D'imigh na cosa uaidh ar chéim éigin agus thit Pól. Gortaíodh a ghlúin go dona agus tá drochphian ar a dhroim ó shin. Níor chuir Dearadh Uí Dálaigh aon oiliúint ar Phól faoin gcaoi le hualaí móra a iompar agus níor chuir DCC aon oiliúint air faoi oibriú le héadach cosanta.

**Mar chuid den ullmhúchán don rólghlacadh, ba cheart duit:**

- na fíricí ar fad a chinntiú
- liosta a dhéanamh de do chuid freagrachtaí i leith sláinte agus sábháilteachta
- a bheith soiléir faoi do ról féin sa teagmhas
- smaoineamh faoina ndéarfaidh na carachtair eile
- a bhfuil uait ón gcruinniú a chinneadh
- gach rud a scríobh síos.

Nuair atá gach duine réidh, tabharfar faoin rólghlacadh i ngrúpaí. Breathnóidh an rang ar fad ar gach grúpa. D'fhéadfaí plé ranga a eagrú ina dhiaidh sin.

# GNÍOMHAÍOCHT 5.D, Leathanach 76
## PLÉ RANGA

Féachaigí ar BeSMART.ie – Business electronic Safety Management and Risk Assessment Tool.

Céard é an uirlis sin agus cén chaoi a rachaidh sé chun tairbhe gnóthaí beaga? Céard iad na buntáistí a bhaineann le huirlisí ar líne ar nós BeSMART.ie le haghaidh (a) daoine aonair? (b) gnóthaí?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5
Aonad 5, Cuid 3, Ráiteas sábháilteachta

### GNÍOMHAÍOCHT 5.E, Leathanach 78
#### CUR I LÁTHAIR GEARR
CEISTNEOIR

I ngrúpaí ceathrair, ullmhaígí ceistneoir gairid a d'fhéadfaí a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil feasachta agus bearta rialaithe um shláinte agus sábháilteacht in AON fhiontar beag áitiúil a roghnódh sibh féin.

### GNÍOMHAÍOCHT 5.F, Leathanach 78
#### CUR I LÁTHAIR GEARR
Póstaer Sláinte agus Sábháilteachta

Dearaigí póstaer a chuireann ceann díobh seo a leanas chun cinn:

Folláine dhearfach
nó
Ceart oibrithe óga chun timpeallacht oibre shábháilte

### GNÍOMHAÍOCHT 5.G, Leathanach 78
#### CUR I LÁTHAIR GEARR
An Córas Sláinte agus Sábháilteachta ar Scoil

Tugaigí cuireadh d'Oifigeach Sábháilteachta nó d'Ionadaí Sábháilteachta na scoile teacht agus labhairt leis an rang faoin gCóras Sláinte agus Sábháilteachta atá i bhfeidhm ar scoil.

Ullmhaígí sraith ceisteanna roimh an gcaint.Seans go mb'fhearr iad sin a chur faoi bhráid an aoichainteora roimh ré.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 5
Aonad 5, Cuid 4, Comharthaí sábháilteachta

### GNÍOMHAÍOCHT 5.H, Leathanach 80
#### CLEACHTADH AONAIR

**C1.** Céard é an difríocht idir comharthaí dearga, gorma agus buí, agus cén uair a úsáidtear iad?

**C2.** Cén uair a úsáidtear dioscaí, triantáin agus cearnóga ar chlár comharthaí sábháilteachta? Tabhair sampla de gach ceann.

# DEIREADH LE HAONAD 5: TÁSTÁIL GHASTA,

Leathanach 81

**C1.** Liostaigh ceithre cheanglas san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

**C2.** Cá bhfaighfeá ráiteas sábháilteachta?

**C3.** Céard é an phríomhdhifríocht idir timpiste agus tarlú contúirteach?

**C4.** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach timpistí a thuairisciú?

**C5.** Céard a léiríonn na dathanna dearg, gorm, buí agus glas ar chlár comharthaí?

## TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

- Tuairisciú ar Thimpistí agus Tarluithe Contúirteacha – féach ar hsa.ie nó glaoigh ar Aonad Teagmhála an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag 0818 289 389 nó seol ríomhphost chuig contactus@hsa.ie
- BeSMART – Business electronic Safety Management and Risk Assessment Tool - https://besmart.ie
- Learn More – Eolas faoi thionscail ar leith, noda nótáilte agus físeáin ghearra ina measc https://besmart.ie

# AONAD 6
## MACHNAMH

### Ábhar an Aonaid

1 Treoirlínte don mhúinteoir
2 Cás-staidéir
3 Mórthasc
4 Gníomhaíochtaí an aonaid
5 Tuilleadh eolais



# MACHNAMH

AONAD 6

## TREOIRLÍNTE DON MHÚINTEOIR

Tá an t-ábhar seo a leanas sa leabhar oibre 'Roghnaigh an tSábháilteacht' in **Aonad 6 Machnamh:**

- Cuid 1 Cás-staidéir
- Cuid 2 Mórthasc

Tá sé d'aidhm ag an aonad deiridh seo deis a thabhairt do na scoláirí an t-eolas agus na scileanna ar fad a d'fhoghlaim siad i rith an chúrsa a chur i bhfeidhm. Is samplaí de chineálacha timpistí nó cásanna ón bhfíorshaol a tharla cheana atá sna cás-staidéir. Athraíodh roinnt sonraí ar mhaithe le rúndacht na ndaoine ábhartha. **Roghnaigh na cás-staidéir a cheapann tú atá oiriúnach do leibhéal do scoláirí.**

Tugtar eolas staitistiúil faoi ghortuithe neamh-mharfacha de réir asláithreacht ón obair (2020 agus meán 5 bliana 2016–2020), agus de réir na timpeallachta oibre (leathanaigh 83 agus 84 de théacs an Scoláire). Ba cheart do na scoláirí anailís a dhéanamh ar na staitisticí sin agus cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta chun forbairt a dhéanamh ar a n-eolas ar thimpistí agus straitéisí coisc san ionad oibre.

Tugtar sonraí i nGníomhaíocht 6.C ar líon na ngortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh in 2019 agus 2020, agus tugtar sonraí i nGníomhaíocht 6.D ar líon na mbásanna tuairiscithe de réir aoisraoin in 2020. Tugtar cairt ar leathanach 87 freisin de na hearnálacha oibre ina raibh an líon is airde básanna in 2019 agus 2020. Críochnaítear Cuid 2 leis an Mórthasc roghnach.

## Torthaí Foghlama

Nuair a chríochnaítear an t-aonad seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- tionchar timpistí san ionad oibre ar dhaoine aonair agus ar ghnóthaí a phlé
- cuid de na prionsabail sláinte agus sábháilteachta a foghlaimíodh i rith an chláir Roghnaigh an tSábháilteacht a chur i bhfeidhm
- mórthasc a dhéanamh ar ghné amháin den chúrsa.

## PLEANANNA CEACHTA MOLTA

1. In 'Timpistí Marfacha', Gníomhaíocht 6.A, is é Cás Uimh. 1 (leathanach 85 de théacs an Scoláire) an t-aon cheann nár bunaíodh ar cartlanna na dtimpistí marfacha a tuairiscíodh do HSA. Ach is cás an-incheidte é mar sin féin, agus rud a tharlaíonn go minic. Athraíodh roinnt sonraí sna naoi gcás eile. Spreag plé leathan ar gach cás. Déan iarracht na scoláirí a stopadh ag díriú an iomarca ar an méid cúitimh a bronnadh i ngach cás. D'fhéadfadh an bhéim sin an teachtaireacht a chur as riocht.
2. Tá formhór na gcásanna in 6.B (leathanach 86 de théacs an Scoláire) bunaithe ar fhíorthuairiscí. Fostaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúramóirí gairmiúla den chuid is mó, agus áirítear leo cúntóirí baile, altraí sláinte poiblí agus teiripeoirí saothair a chuireann seirbhís cúraim ar fáil sa bhaile. Is cúramóirí teaghlaigh iad na cúramóirí eile, daoine a thugann aire do dhuine muinteartha leo a d'éirigh tinn nó éagumasaithe.
3. Tabhair neart ama do na scoláirí chun taighde agus pleanáil a dhéanamh don díospóireacht foirne in 6.F (leathanach 89 de théacs an Scoláire). Ba cheart go léireoidís tuiscint mhaith ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas, chomh maith le fianaise ar roinnt taighde.
4. **Is cleachtadh roghnach é an Mórthasc deiridh.** Is féidir é a chur in oiriúint do chumais do scoláirí. Téigh i gcomhairle le Comhordaitheoir Clár do scoile faoin tasc seo a úsáid mar chuid de na riachtanais chúrsa le haghaidh na hArdteistiméireachta Feidhmí nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.
5. Caithfear ceann de na Mórthascanna a chríochnú chun **Teastas le Gradam agus/nó Suaitheantas Digiteach le Gradam a bhronnadh.** Teastaíonn sé sin anuas ar fhianaise go raibh an scoláire sách rannpháirteach i bhformhór na ngnéithe eile den chlár 'Roghnaigh an tSábháilteacht'.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 6
Aonad 6, Cuid 1, Cás-staidéir

## GNÍOMHAÍOCHT 6.A, Leathanach 85
I NGRÚPAÍ

Léigí na cás-staidéir seo faoi thimpistí marfacha agus freagraígí na ceisteanna a leanas:

**TIMPISTÍ MARFACHA**

1. Fuair garraíodóir bás de bharr turraing leictreach mharfach i ndiaidh citeal a chur ar siúl. Bhí an citeal cúig bliana d'aois agus níor baineadh úsáid as ar feadh tamaill, toisc go raibh téitheoir leictreach uisce in úsáid. Ach chlis ar an téitheoir uisce agus bhí sé le deisiú. Dá bharr sin, d'úsáid an t-oibrí an seanchiteal. Léirigh iniúchadh i ndiaidh na timpiste nach raibh an tsreang thalmhaithe nasctha leis an teirminéal sa phlocóid. Thrasnaigh na sreanga talmhaithe agus beo, agus b'in ba chúis leis an timpiste.

2. Fuair fostaí de chuid chomhlacht A bás nuair a thit burla cornaí cruach anuas de leantóir leoraí. Bhí sí ag iarraidh an t-ualach a dhaingniú de leantóir mór nuair a tharla an timpiste.

3. Fuair fostaí de chuid chomhlacht B bás de bharr gortuithe tromchúiseacha cinn a bhain dó nuair a thit ionramhálaí teileascópach a bhí á úsáid chun cloch mhór a leagan ar bhalla tí.

4. Fuair fostaí de chuid chomhlacht C bás de bharr leictreamharú le linn an barr a bhaint de na crainn gar do línte cumhachta 20,000 volta.

5. Fuair fostaí bás nuair a thiontaigh dumpaire 9 dtonna a bhí á thiomáint aige agus chuaigh sé i bhfostú faoin bhfeithicil.

6. Fuair fostaí de chuid chomhlacht D bás nuair a thit sé ó chláir ar bharr spiara inmheánach i dteach aon stór a bhí á thógáil. Thit sé mar gheall ar thrusanna dín a thit 'cosúil le domanónna' sular daingníodh iad. Ní raibh aon chosaint ar thitim ann.

7. Shiúil oibrí feirme isteach i limistéar ina raibh sciodar á chorraí. I ndiaidh anáil amháin den ghás sciodair, thit sé i laige agus fuair sé bás.

8. Fuair scoláire a bhí ag obair go páirtaimseartha le comhlacht F bás de bharr leictreamharú. Tharla an timpiste nuair a bhí an scoláire ag baint sadhlais. Rinne sé iarracht dul isteach san inneall bainte (a bhí á thiomáint ag a fhostóir) agus é ag tiomáint faoi shreanga ardvoltais.

9. Fuair fostaí de chuid chomhlacht H bás de bharr leictreamharú le linn gáitéir alúmanaim a chur ar theach nuathógtha dhá stór. Bhuail cuid 15 mhéadar den ghháitéar faoi líne chumhachta 10,000 volta agus é a chur isteach.

10. Bhí oibrí cothabhála ag glanadh gáitéar ar theach dhá stór nuair a sciorr an dréimire ar a raibh sé ina sheasamh. Thit an t-oibrí go talamh agus fuair sé bás de bharr a ghortuithe.

**C.1** Ní cur síos ar theagmhas a tharla i ndáiríre é ceann amháin de na cás-staidéir thuas. Cé acu nach bhfuil fíor?

**C.2** I ngach cás, pléigí príomhchúis na timpiste agus na bearta rialaithe ciallmhara a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

**C.3** Cé na cúinsí faoina bhféadfadh fostóir achomharc a dhéanamh in aghaidh fíneála nó téarma príosúnachta?

**C.4** Cé na ceachtanna ginearálta is féidir a fhoghlaim ó na cásanna thuas?

# GNÍOMHAÍOCHT 6.B, Leathanach 86
## PLÉ RANGA

Léigí na cás-staidéir seo faoi thimpistí neamh-mharfacha agus freagraígí na ceisteanna a leanas:

### TIMPISTÍ NEAMH-MHARFACHA

1. Gortaíodh fostaí de chuid chomhlacht X nuair a bhí sí ag fiosrú meaisín lochtach. Brúisceadh a lámh go dona mar gur múchadh an trealamh sciata leictrimheicniúil timpeall ar an innealra.
2. Gortaíodh duine den phobal i ndiaidh do scafall titim agus é á bhaint as a chéile ar phríomhshráid ghnóthach.
3. Fostaíodh conraitheoir chun díon miotail rocaigh a bhaint d'áitreabh chomhlacht Y. Bhí fostaí de chuid an chonraitheora neamhchosanta ar aispeist i bpainéil an dín. Bhí a fhios ag úinéir an chomhlachta go raibh an-seans ann go raibh aispeist sa díon, ach níor dúradh é sin leis an gconraitheoir.
4. Gortaíodh printíseach go dona i ndiaidh titim trí dhíon rocach peirspéacs ar chró feirme.
5. D'fhág timpiste fostaí gan lúth na ngéag i ndiaidh don dumpaire a bhí sé ag tiomáint tiontú ar fhána ghéar agus é a bhrúscadh.
6. Teascadh ceithre mhéar ar lámh dheis fostaí de chuid chomhlacht Z le linn sábh ciorclach a úsáid. Ní raibh aon sciathadh ar an sábh.
7. Bhí cúramóir ag tabhairt aire d'fhear ar éagumas, agus gortaíodh droim an chúramóra go dona mar gheall ar an bhfear a iompar go minic ón leaba go dtí a chathaoir.
8. Baineadh tuisle as oibrí óstáin ar chábla folúsghlantóra agus gortaíodh a dhroim go dona nuair a thit sé anuas an staighre.


**C.1** Déanaigí meas ar na bearta rialaithe ba cheart a bheith i bhfeidhm i ngach cás thuasluaite.

**C.2** Cén ról a bheadh ag oiliúint agus/nó maoirsiú sna timpistí sin a sheachaint?

**C.3** Cé air a bhí an milleán i ngach cás dar libh?

# GNÍOMHAÍOCHT 6.C, Leathanach 86
## PLÉ RANGA

Ní thuairiscítear go leor timpistí a tharlaíonn san ionad oibre. Cén chúis atá leis sin dar libh?




As an 7,417 gortú neamh-mharfach a tuairiscíodh do HSA in 2020, bhain 7,139 (94.1%) le fostaithe agus bhain 277 (3.7%) le daoine nach oibrithe iad. Bhain 99 (1.3%) de na teagmhais thuairiscithe le daoine féinfhostaithe, 56 (0.8%) le daoine faoi oiliúint, agus 6 (0.1%) le hoibrí teaghlaigh.

# GNÍOMHAÍOCHT 6.D,
Leathanach 87

## PLÉ RANGA


Féachaigí ar na cairteacha thíos ina bpléitear modhanna oiriúnacha chun eolas sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl d'fhostaithe san aoisraon 18–24 agus d'fhostaithe san aoisraon 55–64.


Cuimhnígí ar fhoinsí eolais agus comhairle, oideachas agus oiliúint, feachtais cur chun cinn, an teilifís, an raidió, agus na meáin shóisialta.

In 2020, tuairiscíodh 7,417 gortú neamh-mharfach don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, laghdú 20.7% ar an 9,358 a tuairiscíodh in 2019.

Taifeadadh laghduithe i ngach earnáil gheilleagrach, seachas Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht. (Tá tuilleadh sonraí ar leathanach 84 de théacs an Scoláire.)

**Líon na mbásanna tuairiscithe de réir aoisraoin, 2020 (HSA)**




AONAD 6 MACHNAMH

# GNÍOMHAÍOCHT 6.E, Leathanach 88
## SCRÍOBH LITIR CHUIG POLAITEOIR

Léigh an fíorchuntas seo a leanas faoin gcaoi ar athraigh saol fir ó bhonn i ndiaidh dó titim de dhíon:

*Ó tharla mo thimpiste sé bliana ó shin, níor chuir mé lá oibre díom. Déanta na fírinne, tá mo shaol ar fad tite as a chéile.*
*Thit mé de dhíon nuair a bhí teach á thógáil agam, agus bhris mé mo chnámh droma in dhá áit. Rinneadh díobháil fíocháin bhoig díom agus damáiste de mo ghlúin dheas freisin. Chas mé mo rúitín go dona agus scriosadh an maolaire turrainge i mo ghlúin. Dúirt gach duine liom go raibh an t-ádh dearg liom go raibh mé fós beo. Chaith mé na chéad sé bliana eile i bhfráma dromlaigh, gan a bheith in ann éirí as mo leaba. Ach ba é an rud ba mheasa an dúlagar agus na taomanna scaoill. Cuireadh i mbardas síciatrach mé ar deireadh.*
*Bhí deireadh, ar ndóigh, le m'ioncam. Agus bhí an brú a bhain le maireachtáil ar liúntas míchumais agus na taomanna scaoill a thagadh orm go minic róchrua do mo theaghlach. Scar mé féin agus mo bhean chéile agus tá sé an-deacair orm labhairt go hoscailte le mo pháistí.*
*Anois, blianta fada níos deireanaí, tá biseach nach mór ar mo cholainn ach níl biseach orm féin i ndáiríre.'*

*John, 38 bliain d'aois.*

Samhlaigh gur tú bean chéile, páiste nó cara John. Scríobh litir chuig an aire atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht a rialáil ag an obair faoina chás.

## GNÍOMHAÍOCHT 6.F,
Leathanach 89

# DÍOSPÓIREACHT FOIRNE

Ullmhaígí díospóireacht foirne ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

Uimh. 1 Ní dhéanann an rialtas a dhóthain chun oibrithe a chosaint ar thimpistí san ionad oibre.

Uimh. 2 Braitheann cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar ghlacadh an duine aonair le freagracht phearsanta go huile agus go hiomlán.

Uimh. 3 Níor cheart glacadh beag ná mór le sáruithe ar na rialacháin sláinte agus sábháilteachta.

Uimh. 4 Is féidir gach gortú agus tinneas ceirde a sheachaint.

Uimh. 5 Ba cheart go mbeadh cúrsaí sláinte agus sábháilteachta le feiceáil níos mó ar an gcuraclam bunscoile agus meánscoile.

Rialacha na Díospóireachta

Bíonn triúr ar gach foireann. Bíonn foireann ar son an rúin nó ina aghaidh. Caithfidh gach foireann a hargóintí uile a phlé, a bheartú agus a ullmhú. Sanntar cuid díobh ar gach ball foirne ansin. Bíonn scoláire amháin ina chaptaen ar an bhfoireann. Cuireann an captaen tús le díospóireacht na foirne, agus tugann achoimre ag an deireadh.

Labhraíonn gach ball foirne ar feadh TRÍ nóiméad. Filleann an captaen chun achoimre DHÁ nóiméad a thabhairt ar bhun-argóint na foirne.

## GNÍOMHAÍOCHT 6.G,
Leathanach 89

# TIONSCADAL GEARR GRÚPA

Dialann

Scríobhaigí cuntas samhlaíoch dar teideal 'Lá i saol...' bunaithe ar ghnáthlá oibre duine de na hoibrithe a leanas dar libh. Don ghníomhaíocht seo, dírígí go hiomlán ar na guaiseacha, na rioscaí agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta eile a thiocfadh chun cinn go rialta in obair laethúil an duine sin.

Roghnaigh ó:

garda
maor naíolainne
dochtúir ginearálta
cúramóir
freastalaí
feirmeoir
iascaire amach ón gcósta
tógálaí
gruagaire
tiománaí bus
bainisteoir ar sheirbhísí airgeadais
bainisteoir ar mhonarcha dhéantúsaíochta

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AONAD 6
Aonad 6, Cuid 2, Mórthasc

## MÓRTHASC, Leathanach 90

Iarrtar ar gach scoláire ceann **amháin** de na tionscadail seo a leanas a dhéanam

### Tionscadal a hAon

Cuimhnigh ar ionad oibre inar oibrigh tú le deireanaí nó ina n-oibríonn tú faoi láthair. Scríobh tuairisc ar chleachtais sláinte agus sábháilteachta an ghnó. Ná tabhair aon eolas pearsanta ná íogair.

Ba cheart go mbeadh cuid díobh seo, nó iad ar fad, i g**Cuid a hAon** den tuairisc:

- achoimre ar ráiteas sábháilteachta an chomhlachta
- tuairisc ar eolas an chomhlachta ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- machnaimh ar an oiliúint a sholáthraítear don fhoireann
- beartas an chomhlachta maidir leo seo a leanas (más ábhartha):
  - Trealamh cosanta pearsanta
  - Tuairiscí ar thimpiste
  - Nósanna imeachta aslonnaithe
  - Beartas faoi bhulaíocht san ionad oibre.

Ba cheart moltaí a thabhairt i g**Cuid a Dó** faoin gcaoi a bhféadfaí an tsábháilteacht a fheabhsú san ionad oibre sin.

### Tionscadal a Dó

Iarr cead féachaint ar ráiteas sábháilteachta na scoile. Scríobh anailís chriticiúil ar an ráiteas, bunaithe ar chuid a haon agus cuid a dó de Thionscadal a hAon thuasluaite.

### Tionscadal a Trí

Cuimhnigh ar imeacht tábhachtach i bhféilire na scoile (ar nós turas Idirbhliana, turas scoile, dráma scoile nó lá spóirt). Scríobh measúnú riosca don imeacht, ina meastar na guaiseacha, na rioscaí agus na bearta rialaithe ar fad a bhaineann leis an imeacht dar leat.

### Tionscadal a Ceathair

Tá tú le freastal ar chruinniú leis an aire atá i gceannas ar shábháilteacht san ionad oibre. Teastaíonn uait bealaí le sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú do dhaoine óga ag an obair a phlé leis/léi. Ullmhaigh na nótaí a thabharfaidh tú leat ar an lá. Ba cheart na príomhphointí a dhéanfaidh tú a chur ann, chomh maith le staitisticí ábhartha agus/nó léaráidí chun d'argóint a neartú.

### Tionscadal a Cúig

Dear póstaer a d'fhéadfaí a chur ar taispeáint in áit fheiceálach ar scoil. Ba cheart go gcuirfí an dea-chleachtas is sábháilte i rith úsáid na n-áiseanna (ar nós seomraí tionóil, eolaíochta, ríomhaireachta, srl.) a chur in iúl do gach úsáideoir sa scoil (scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, srl.). Caithfidh an póstaer neart eolais a thabhairt agus aird a tharraingt. Más fearr leat, is féidir póstaer a dhearadh le haghaidh GACH limistéir thábhachtaigh ar scoil.

## Tionscadal a Sé

Dear, ullmhaigh agus déan suirbhé ar bhliainghrúpa iomlán ar scoil. Ba cheart don suirbhé eolas na scoláirí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, agus a spéis iontu, a chinneadh. Caithfidh tú graif, cairteacha agus liostaí a ullmhú bunaithe ar do thaighde. Ba cheart conclúidí bunaithe ar an suirbhé a phlé freisin.
B'fhéidir gur mhaith leat comhar agus cúnamh a fháil ó chomhairle scoláirí nó cinnirí na scoile, nó ón gCeann Bliana ábhartha.

## Tionscadal a Seacht

Roghnaigh aon cheann de na cásanna a phléitear san aonad seo. Samhlaigh go dtionscnaítear cás sa chúirt choiriúil mar gheall ar an méid a tharla. Ullmhaigh an óráid a d'fhéadfadh an t-abhcóide cosanta nó ionchúisimh a thabhairt. D'fhéadfá an óráid a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn.

## Tionscadal a hOcht

Scríobh tuairisc ar fheachtas meán sóisialta a fhorbairt faoi sciorrthaí, tuislí agus titimí. Cuir an méid a d'fhoghlaim tú ar an gclár 'Roghnaigh an tSábháilteacht' san áireamh ann. Úsáid eolas staitistiúil, cairteacha, agus acmhainní chun an chúis gur fearr an feachtas seo a léiriú, na hamanna is fearr chun tús a chur leis an bhfeachtas, an spriocghrúpa, agus na meáin a úsáidfear. Scríobh postáil ghearr le haghaidh Facebook agus Twitter nó déan cur síos ar phostáil YouTube agus cuimsigh na sonraí sin i do thuairisc.

**Nóta don Mhúinteoir:**
Déanfaidh an múinteoir an Mórthasc a cheartú agus leibhéal bronnta gach scoláire a chinneadh.

# DEIREADH LE HAONAD 6: TÁSTÁIL GHASTA,
Leathanach 92

Ag obair i ngrúpaí ceathrair, tá 12 nóiméad agaibh chun na measúnuithe riosca gasta a leanas sa dhéanamh:

| An tIonad Oibre | Guaiseacha Aonad 1 | Riosca Aonad 2 | Beart Rialaithe Aonad 3 |
|---|---|---|---|
| Cistin i mbialann | | | |
| Seomra stórais i siopa crua-earraí | | | |
| Oifig ghnóthach cuntasaíochta | | | |
| Siopa gruagaire | | | |
| Clós feirme | | | |
| Ionad garraíodóireachta | | | |
| Trálaer iascaireachta | | | |

## TUILLEADH EOLAIS

Tá raon leathan foilseachán agus acmhainní ar fáil ar https://hsa.ie

- HSA Annual Review of Workplace Injuries, Illness and Fatalities 2019-2020
- Health and Safety Executive (RA) https://hse.gov.uk/
- An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair: https://osha.europa.eu/en

ROGHNAIGH AN TSÁBHÁILTEACHT

lean muid

hsalearning.ie
Cúrsaí Ar Líne HSA

hsa.ie

*Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla*

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
An Foirgneamh Cathrach
Sráid James Joyce
Baile Átha Cliath 1

G: 0818 289 389 R: contactus@hsa.ie G: hsa.ie

ISBN 978-1-84496-204-4 HSA0426